

IRELAND'S ANCIENT EAST®

# PORT LÁIRGE

## Plean um Fhorbairt Ceann Scríbe Saoire agus Eispéireas

Márta 2025

Fáilte Ireland

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

# CLÁR ÁBHAIR


**CUID 1 • Achoimre & Comhthéacs** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . **3**

**1.1** Brollach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 4

**1.2** Sean-Oirthear na hÉireann- Straitéis um Fhorbairt na Turasóireachta Réigiúnaí (SFTR) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 6

**1.3** Cur Chuige Inbhuanaithe i leith na Turasóireachta . . . . . . . . . . . . . . . . 7

**1.4** Áit a bhFuilimid Anois . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 8

**1.5** A dTugtar Aghaidh Air sa Phlean. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .11

**1.6** Fís . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .13

**1.7** Mar a Réadaíonn Muid an Fhís Seo . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .14

**1.8** Cur i bhFeidhm an Phlean . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .18

**CUID 2 • Cur Chuige** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . **19**

**2.1** Cuspóirí Straitéiseacha PFCSSE Phort Láirge. . . . . . . . . . . . . . . . . . . .20

**2.2** Ár bhFís a Réadú - Tionscadail Chinn Scríbe Saoire . . . . . . . . . . . . . . . .25

**2.3** Tacú le Tionscadail Chinn Scríbe Saoire . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .33

**2.4** Príomhtháscairí Feidhmíochta . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .35

**CUID 3 • Cur i gCrích**. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . **36**

**3.1** Plean Gníomhaíochta PFCSSE Phort Láirge . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .37

**3.2** Prionsabail Treorach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .38

**AGUISÍNÍ** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . **47**

**1** Comhshaol . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .47

**2** Beartas . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .56




IRELAND'S ANCIENT EAST®

Fáilte Ireland



# CUID 1

**Plean Phort Láirge um Fhorbairt Ceann Scríbe Saoire agus Eispéireas**

# ACHOIMRE & COMHTHÉACS

## 1.1 BROLLACH


Plean cúig bliana um thurasóireacht inbhuanaithe le haghaidh Chathair agus Chontae Phort Láirge atá i bPlean Phort Láirge um Fhorbairt Ceann Scríbe Saoire agus Eispéireas (PFCSSE Phort Láirge). Is ionann an plean agus cur chuige oibriúcháin cúig bliana lena ngabhann páirtithe leasmhara iolracha chun díriú ar dheiseanna nua um fhorbairt táirgí agus eispéireas. Leis an bplean cuirtear le tionscadail turasóireachta atá ann cheana chun cinntiú go nglactar cur chuige nasctha i dtreo ceann scríbe saoire leis an ngníomhaíocht infheistíochta go léir a ghabhann leis an turasóireacht. Áirítear leis sin tionscadail atá i bhfeidhm cheana, tionscadail atá i bpleananna reatha agus coincheapa nua a ceapadh chun an turasóireacht a mhéadú ar fud Chathair agus Chontae Phort Láirge.

Tá roinnt tionscadal fadtéarmach sa PFCSSE ceaptha chun an fhís deich mbliana don turasóireacht i gCathair agus i gContae Phort Láirge a chur i gcrích. Cuimsítear meascán de thionscadail ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha sna tionscadail atá leagtha amach i PFCSSE Phort Láirge. Tabharfar tús áite do thionscadail ghearrthéarmacha agus mheántéarmacha agus an plean á chur i bhfeidhm. Maidir le cuid de na gníomhartha níos práinní is é a bheidh i gceist leo ná na céimeanna tosaigh a bheidh ag teastáil chun na tionscadail fhadtéarmacha atá aitheanta sa phlean a chur i ngníomh.

Is iad na haschuir sprice ó PFCSSE Phort Láirge ná luach na turasóireachta mar phríomhearnáil eacnamaíoch i bPort Láirge a mhéadú, fostaíocht turasóireachta a mhéadú, cuairteoirí a scaipeadh ar fud an chinn scríbe agus fad na saoire a mhéadú. Is í an phríomhsprioc ná fás inbhuanaithe ioncaim a bhaint amach agus filleadh ar na leibhéil ioncaim turasóireachta ó 2019 faoi 2026. Ar an gcaoi chéanna, ó thaobh na forbartha de in PFCSSE Phort Láirge, cuirtear béim ar chinntiú go bhfuil ról lárnach ag Port Láirge mar cheann scríbe ó thaobh an sciar réigiúnach den mhargadh a mhéadú.

Seo a leanas na spriocanna straitéiseacha a ghabhann leis an bPlean um Fhorbairt Ceann Scríbe agus Eispéireas:

- An custaiméir in Éirinn agus thar lear a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar Phort Láirge agus Shean-Oirthear na hÉireann.
- Níos mó cúiseanna le fanacht a thabhairt don chuairteoir, chun tionchar eacnamaíoch na turasóireachta ar Phort Láirge a mhéadú.
- Déanamh cinnte go bhfuil sé éasca an ceann scríbe a bhaint amach, dul tríd agus leas a bhaint as.
- Cur ar chumas an tionscail agus cuidiú leis lena chumas agus acmhainn a mhéadú le cinntiú gur féidir leis déanamh go maith agus poist inbhuanaithe a chruthú i bpobail áitiúla.




- Comhpháirtíochtaí tiomanta a chothú le páirtithe leasmhara agus leis an tionscal chun forbairt inbhuanaithe ar chinn scríbe saoire a threorú.

Leis an mbéim ar an bhforbairt sa phlean dírítear ar eispéiris Chathair Phort Láirge, Pobal Cósta agus Thuath Phort Láirge agus mar a nasctar le chéile iad chun Eispéireas Cuairteora Phort Láirge a fheabhsú. Cuireann an cur chuige spásúil sin le líonraí/braislí turasóireachta atá bunaithe cheana ar fud an chontae, ar dheiseanna nua um fhorbairt táirgí agus eispéireas agus ar an ngá le Port Láirge a chur i láthair mar eispéireas comhtháite ar cheann scríbe saoire. Tabharfaidh sé rochtain don chuairteoir ar mheascán d'eispéiris uirbeacha, tuaithe agus chósta agus iad go léir tacaithe ag prionsabail na forbartha inbhuanaithe ar an turasóireacht.

Is í an bhéim do gach ceann de na catagóirí spásúla ná mar seo a leanas;

### Eispéireas Cathrach Phort Láirge

Tarraingt Chathair Phort Láirge mar cheann scríbe turasóireachta ar feadh na bliana a neartú chomh maith lena ról mar mhol lárnach turasóireachta le bheith mar gheatabhealach chuig eispéiris chósta agus tuaithe an chontae.

## Pobail Chósta Phort Láirge

Cur leis an aitheantas ar Phort Láirge mar cheann scríbe inbhuanaithe don turasóireacht chósta ar feadh na bliana agus é sin spreagtha ag ár bpobail chósta agus ár n-eispéiris tarraingteacha ar an turasóireacht chósta.

## Eispéireas Tuaithe Phort Láirge

Cur le méid na n-eispéireas turasóireachta tuaithe inbhuanaithe atá nasctha le líonraí/braislí gníomhacha turasóireachta tuaithe, a spreagfaidh cuairteoirí chun ár gcuid pobal tuaithe a fhiosrú trí mheascán d'eispéiris amuigh faoin aer, d'eispéiris chultúrtha agus oidhreachta.

Tá cur i bhfeidhm PFCSSE Phort Láirge bunaithe ar ghealltanas páirtithe leasmhara chun an tionscadal a chur i gcrích thar thréimhse an phlean cúig bliana. Ní féidir tús a chur le tionscadail atá sa phlean ach laistigh d'amfhráma an PFCSSE Phort Láirge. Beidh ról lárnach ag cur i gcrích deireanach na dtionscadal sin tar éis amfhráma an PFCSE seo, áfach, i gcur leis an bhfís deich mbliana do Phort Láirge agus do Shean-Oirthear na hÉireann. Bunófar grúpa stiúrtha chun PFCSSE Phort Láirge a chur i bhfeidhm agus beidh príomhpháirtithe leasmhara freagrach as úinéireacht ar thionscadail agus/ nó comhpháirtíocht a dhéanamh chun na gníomhartha comhaontaithe sa phlean a chur i gcrích.



## 1.2 SEAN-OIRTHEAR NA HÉIREANN - STRAITÉIS UM FHORBAIRT NA TURASÓIREACHTA RÉIGIÚNAÍ

Forbraíodh Straitéisí um Fhorbairt na Turasóireachta Réigiúnaí - 2023–2027 (SFTR) le haghaidh gach ceann de cheithre Bhranda Eispéiris Réigiúnaigh na hÉireann (Sean-Oirthear na hÉireann, Slí an Atlantaigh Fhiáin, Baile Átha Cliath agus Croíthailte Ceilte na hÉireann). Leis na pleananna sin cuirtear an creat straitéiseach ar fáil um straitéisí eile chun an turasóireacht a fhorbairt, go háirithe Pleananna um Fhorbairt Ceann Scríbe Saoire agus Eispéireas (PFCSÉnna) agus Straitéisí Turasóireachta Contae. Tá cur chuige nua i dtreo forbairt ceann scríbe ag croílár an SFTR do Shean-Oirthear na hÉireann. Cinnteofar leis go gcuirfear idirghabhálacha agus tacaí cuí i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar na difríochtaí ó thaobh leibhéil aibíochta na gceann scríbe ar fud Shean-Oirthear na hÉireann. Forbraíodh PFCSSE Phort Láirge chun cur leis na cuspóirí réigiúnacha uileghabhálacha um Shean-Oirthear na hÉireann. Is iad na cúig sprioc sin atá mar bhonn don chur chuige straitéiseach atá léirithe i PFCSSE Phort Láirge.

**Sprioc Straitéiseach 1 an SFTR:** An custaiméir in Éirinn agus thar lear a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar Phort Láirge agus Shean-Oirthear na hÉireann.

**Réimsí béime i PFCSSE Phort Láirge**
Tarraingt scála a fhorbairt i gCathair Phort Láirge, an infheistíocht in athghiniúint uirbeach i gCathair Phort Láirge a uasmhéadú chun eispéireas uirbeach feabhsaithe a chur ar fáil do chuairteoirí agus Cathair Phort Láirge a fhorbairt mar cheann scríbe saoire cathrach idirnáisiúnta a fhéadann cur isteach ar an sreabhadh turasóireachta réigiúnaí.

**Sprioc Straitéiseach 2 an SFTR:** Níos mó cúiseanna le fanacht a thabhairt don chuairteoir, chun tionchar eacnamaíoch na turasóireachta ar Phort Láirge a mhéadú.

**Réimsí béime i PFCSSE Phort Láirge**
Tarraingt Chathair agus Chontae Phort Láirge a fhorbairt trí chaighdeán na hoidhreachta tógtha agus nádúrtha, éagsúlacht na dtarraingtí agus na n-eispéireas cuairteora agus ceann scríbe saoire atá beo ar feadh na bliana le féilte agus le himeachtaí den scoth. Caighdeán na dtáirgí tuaithe agus cósta allamuigh a uasmhéadú trí thairiscint láidir treoshuímh allamuigh a fhorbairt lena nasctar áiseanna den scoth amuigh faoin aer.

**Sprioc Straitéiseach 3 an SFTR:** Déanamh cinnte go bhfuil sé éasca an ceann scríbe a bhaint amach, dul tríd agus leas a bhaint as.

**Réimsí béime i PFCSSE Phort Láirge**
Naisc a chruthú idir Glasbhealach, Gormbhealaí, conairí cósta agus sléibhe Phort Láirge a spreagann cuairteoirí chun bonn iomlán táirgí agus eispéiris Phort Láirge a fhiosrú. Sreafaí réigiúnacha a chinntiú idir Port Láirge agus ár gcuid contaetha in aice láimhe san Oirdheisceart chun tarraingt an Oirdheiscirt mar cheann scríbe cuairteora a mhéadú.

**Sprioc Straitéiseach 4 an SFTR:** Cur ar chumas an tionscail agus cuidiú leis lena chumas agus acmhainn a mhéadú le cinntiú gur féidir leis déanamh go maith agus poist inbhuanaithe a chruthú i bpobail áitiúla.

**Réimsí béime i PFCSSE Phort Láirge**
Cur chuige nua a fhorbairt i dtreo comhair leis an tionscal ar fud an chontae chun Port Láirge a chur i láthair mar cheann scríbe comhtháite atá tacaithe ag líonraí/braislí mealltacha turasóireachta.

**Sprioc Straitéiseach 5 an SFTR:** Comhpháirtíochtaí tiomanta a chothú le páirtithe leasmhara agus leis an tionscal chun forbairt inbhuanaithe ar chinn scríbe saoire a threorú.

**Réimsí béime i PFCSSE Phort Láirge**
Cinntiú go bhfuil an turasóireacht ina cuid lárnach de thionscadail um fhorbairt uirbeach agus tuaithe chomh maith le leanúnachas ó thaobh ailíniú straitéiseach na dtionscadal agus na hinfheistíochta amach anseo a chinntiú. Cur le luach gheilleagar na turasóireachta ar fud Phort Láirge mar spreagadh um phobail tuaithe agus chósta inbhuanaithe.

## 1.3 CUR CHUIGE INBHUANAITHE I LEITH NA TURASÓIREACHTA

I gcoinne chúlra Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, gealltanais an Rialtais faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 (agus nuashonruithe bliantúla ina dhiaidh sin), agus Tuarascáil an Mheitheal Oibre ar Thurasóireacht Inbhuanaithe, 2021–2024, ní mór cur chuige i bhfad níos inbhuanaithe a ghlacadh i leith na turasóireachta. Le paindéim dhomhanda Covid-19 méadaíodh go tapa aird na gcuairteoirí ar a ról sa turasóireacht inbhuanaithe. Tá ionchais nua i measc margaí nua cuairteora agus feictear athruithe ó thaobh an luach a leagann siad ar eispéiris áitiúla phobail in éineacht le méadú ar fheasacht faoin gcomhshaol.

Díreofar leis an PFCSSE Phort Láirge ar an méid seo a leanas agus gealltanas ar fud an chontae á chomhlíonadh chun na hinbhuanaitheachta agus chun cinntiú go mbíonn sé mar ghné sheasta den fhorbairt go léir ar chinn scríbe amach anseo.

- Eispéiris iontacha cuairteora a chur ar fáil lena dtarraingeofar aird ar luachanna inbhuanaitheachta Phort Láirge.
- Cur leis an acmhainn áitiúil chun eispéiris inbhuanaithe chuairteora a fhorbairt.
- Cuairteoirí a nascadh le cur chuige an chinn scríbe i dtreo na hinbhuanaitheachta ag gach céim den turas cuairteora.
- Port Láirge a shuíomh mar cheann scríbe a bhfuil clú air as a chur chuige i dtreo na hinbhuanaitheachta eacnamaíche, sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil.
- Cothromaíocht a bhaint amach idir inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus luach eacnamaíoch a ghiniúint le haghaidh pobal ar fud Phort Láirge.
- Cinntiú go nglactar cur chuige comhtháite i dtreo na hinbhuanaitheachta i bpobail uirbeacha, tuaithe agus chósta Phort Láirge.
- Aird a tharraingt ar fhreagracht roinnte na gceann scríbe as athrú aeráide chomh maith le dúshláin eile ó thaobh na hinbhuanaitheachta.
- Comhairle shaincheaptha a chur ar oibreoirí turasóireachta i ndáil leis an dea-chleachtas um thurasóireacht inbhuanaithe.



# 1.4 ÁIT A BHFUILIMID ANOIS

## Tagarmharcáil Idirnáisiúnta

Forbraíodh PFCSSE Phort Láirge trí chlár de chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus trí phróiseas taighde, chun go léireofaí tuairimí na gcuairteoirí, thionscal áitiúil na turasóireachta agus an phobail i gcoitinne. Tugadh faoi chlár tagarmharcála idirnáisiúnta chomh maith chun measúnú a dhéanamh ar Chathair agus Chontae Phort Láirge de réir roinnt ceann scríbe idirnáisiúnta inchomparáide lena n-áirítear Turku, an Fhionlainn; Zadar, An Chróit; Aalborg, An Danmhairg; agus Réigiún na mBascach, An Spáinn. Áirítear leis an bpríomheolas a foghlaimíodh ón tagarmharcáil idirnáisiúnta:

- Tá ról lárnach ag na hionaid uirbeacha idirnáisiúnta go léir mar gheatabhealach agus mhol chun freastal ar an gceann scríbe níos leithne. Tá siad sin nasctha leis an gcúlchríoch níos leithne trí infheistíocht straitéiseach i gconairí allamuigh, áiseanna rothaíochta agus Gormbhealaí chun scaipeadh cuairteoirí agus fad cuairte méadaithe a chumasú.
- Tá fianaise shoiléir ann in ionaid uirbeacha mhóra ar son dearadh na cathrach a athchruthú agus a athshamhlú chun táirgí lárnacha turasóireachta a chuimsiú, le naisc shoiléire le táirgí turasóireachta agus an tionchar a bhíonn acu ar shreabhadh cuairteoirí ar fud na cathrach a chinntiú.
- Is ríthábhachtach eispéireas a chruthú do chuairteoirí a mairfidh ina gcuimhne chun an ceann scríbe a bhunú chomh maith leis an tionchar a bhíonn aige ar shreabhadh cuairteoirí ar fud an réigiúin i gcoitinne.
- Tá fianaise láidir ann ar nasc spásúil agus téamach idir líonraí réigiúnacha e.g. go nascann an bia an ceann scríbe saoire agus an réigiún ón ionad uirbeach chuig an mbonn eispéireas tuaithe.
- Tá cur chuige sofaisticiúil glactha ag cinn scríbe nuálacha i dtreo gníomhaíochtaí conaire agus allamuigh a fhorbairt trí húsáid a bhaint as nuáil ailtireachta agus ealaíonta (ionaid bhreathnóireachta/amhairc, caiféanna/ bialanna, dealbha, suiteálacha solais agus droichid).
- Cur chuige coiteann é acmhainní uisce a chuimsiú sa tairiscint cinn scríbe idir imill uisce a bharrfheabhsú agus na huiscebhealaí nádúrtha a ghníomhachtú. Áirítear leis sin leibhéil mhéadaithe gníomhaíochta ar an uisce, úsáid nua a bhaint as foirgnimh ar imeall an uisce agus bealaí úsáide iolracha le haghaidh na bhfoirgneamh sin; spásanna poiblí agus áiseanna ardchaighdeáin a sholáthar; gníomhú mar an lárphointe le haghaidh imeachtaí agus ceiliúrthaí; foinse íomhánna fógraíochta tarraingteacha agus spéisiúla, suiteálacha solais ardchaighdeáin agus timpeallachtaí sábháilte ar imeall an uisce.
- Baintear amach rath leanúnach trí heagraíochtaí áitiúla (líonraí agus líonraí/braislí), gníomhaíocht turasóireachta an chinn scríbe a stiúradh, a chomhordú agus a threorú.
- Le cleachtais um athnuachan uirbeach agus tuaithe díríodh ar thoilteanas struchtúir dearadh nua-aimseartha, struchtúr a bhíonn thar a bheith comhaimseartha go minic, a chur taobh le taobh le hathúsáid nuálach na hoidhreachta tógtha.
- Stiúrtar iarrachtaí margaíochta an chinn scríbe, agus íocóin chultúrtha, chomhshaoil agus oidhreachta a aithint agus a fhógairt agus cinntítear gurb ann do scéal comhordaithe don cheann scríbe atá ailínithe lena chuid buanna lárnacha.
- Cuirtear béim i gcónaí sna cinn scríbe rathúla ar nuálaíocht a éascú, gnólachtaí nua, seachadadh digiteach agus bailiú sonraí a éascú agus tacú leo.
- Bunaítear forbairt imeachtaí agus féilte sna cinn scríbe ar úsáid a bhaint as scéalta cultúrtha láidre áitiúla mar spreagadh um chlár comhaimseartha imeachtaí i dteannta le tionchar a imirt ar nádúr na n-eispéireas gníomhaíochta allamuigh.



# Conclúidí Taighde agus Comhairliúchán

## Forbairt Cóiríochta

Leis an leibhéal reatha de sholáthar cóiríochta ní dhéanfar uasmhéadú ar acmhainn eacnamaíoch na turasóireachta atá ailínithe le hinfheistíocht i dtáirgí agus in eispéiris sa todhchaí. Is gá an líon leapacha a mhéadú sna ceantair uirbeacha atá ina moil lárnacha chuairteora don chontae. Ar an gcaoi chéanna, ní mór don chontae leas a bhaint as a acmhainn allamuigh trí chineálacha malartacha agus foirmiúla cóiríochta a chur leis an gcóiríocht agus iad suite i bpobail tuaithe agus chósta an chontae. Le héileamh na gcuairteoirí ar fhoirmeacha malartacha cóiríochta feabhsófar deiseanna nua mar Shlí Dhéagláin agus infheistíocht i gconairí eile. Chun fás leanúnach ceann scríbe abhaint amach, áfach, ní mór don chontae líon ard roghanna cóiríochta in óstáin a sheachadadh go háirithe i gCathair Phort Láirge, i dTrá Mhór agus i nDún Garbháin.

## An t-Eispéireas Cuairteora i gCathair Phort Láirge a Fheabhsú

Leis an infheistíocht i gCathair Phort Láirge agus an athghiniúint uirbeach atá beartaithe don todhchaí cruthaítear ardán tábhachtach a bheidh chun leas don chathair agus don chontae araon. Tá Cathair Phort Láirge ina bonn lárnach cóiríochta don chontae faoi láthair. Leis an bhforbairt ar Cheantar Cultúrtha na cathrach agus é nasctha leis an nGlasbhealach, Lár na Cathrach, agus Triantán na Lochlannach (lena n-áireofar Pálás an Easpaig, Músaem na Meánaoise, Túr Raghnaill, Ardeaglais Theampall Chríost, Músaem Airgid na hÉireann, Músaem Ama na hÉireann, Músaem an Tórraimh (Irish Wake Museum)) cuirfear eispéireas uirbeach nua ar fáil a spreagfaidh níos mó taiscéalaíochta sa chathair. Beidh an cur chuige i dtreo threoshuíomh cuairteoirí agus treochomharthaíochta ríthábhachtach chun taiscéalaíocht sa chathair níos leithne a spreagadh. Ní mór go réiteodh eispéireas an chuairteora ar an gcathair le hionchas cuairteora ó thaobh cinn scríbe uirbigh idirnáisiúnta. Ar an gcaoi chéanna, feabhsófar an t-eispéireas cuairteora agus an bonn táirgí toisc go dtabharfaidh an Ceathrú Cultúrtha deis nua chun an cuairteoir a mhealladh trí heispéiris áitiúla chultúir, cheardaíochta agus chruthaitheacha. Agus an t-eispéireas uirbeach á fhorbairt, ní mór go mbeadh gach ceantar cathrach nasctha go héasca, go mbeadh a cuid eispéireas uathúil ar fáil ann, ach é ailínithe le tairiscint chomhtháite ó thaobh na turasóireachta uirbí. Trí heispéireas Chathair Phort Láirge a leathnú le nascadh leis an Trá Mhór cuirfear leis an tarraingt mhargaidh agus forbrófar suíomh uathúil uirbeach agus cósta.



## Tarraingt Cháiliúil Réigiúnaí a Fhorbairt

Is gá tarraingt scála a fhorbairt i gCathair Phort Láirge chun spreagadh a sholáthar um bonnathrú ar an turasóireacht réigiúnach. Is gá iniúchadh breise a dhéanamh ar choincheap beartaithe an Tarraingt Scála agus an athghiniúint ar an taobh thuaidh den chathair agus laistigh de nó i gceantar na gCéanna Thuaidh. Le tagarmharcáil idirnáisiúnta ar chathracha poirt agus cois abhann atá inchomparáide tarraingítear aird ar an ngá do Phort Láirge le tarraingt cháiliúil agus lárphointe a sholáthar don bhonnathrú le go mbeadh sé mar bhonn don fhás ar an turasóireacht réigiúnach. Le forbairt tharraingt scála cuirfear dlús leis an deis do na heispéiris chuairteora tacaíochta bheith rathúil agus cuirfear le hacmhainn na cathrach chun bheith ina hionad uirbeach bríomhar ar feadh na bliana.

Leis an taighde aithníodh roinnt nasc téamach agus táirge chun pleananna turais réigiúnacha a fhorbairt agus chun níos mó taiscéalaíochta i réigiún an Oirdheiscirt a spreagadh. Is í an infheistíocht i nGlasbhealach Phort Láirge atá nasctha le tús na siúlóide i Ros Mhic Thriúin (Glasbhealach an Oirdheiscirt) an bonn um méaduithe breise glasbhealaigh agus spreagann sé nasc idir pobail Phort Láirge, Loch Garman agus Chill Chainnigh. Athrú ó bhonn a bhí i gceist leis an infheistíocht sa ghlasbhealach. Maidir le Cathair Phort Láirge, áfach, is gá infheistiú i dtarraingt cháiliúil a mbeidh tionchar breise aici ar shreabhadh cuairteoirí isteach sa réigiún, agus a bheidh tarraingteach ach go háirithe don mhargadh idirnáisiúnta.

## Tionchar a Imirt ar Shreafaí Cuairteora Réigiúnacha

Tá réimse mór agus éagsúil d'áiseanna allamuigh i bPort Láirge atá tarraingteach do lucht sprice intíre agus idirnáisiúnta araon. Leis an gcur chuige i dtreo fhorbairt táirgí atá glactha um Ghlasbhealach Phort Láirge ardaíodh próifíl an chontae um eispéiris allamuigh. Tríd na sócmhainní allamuigh a nascadh tugtar cur amach don chuairteoir ar scála iomlán na n-eispéireas atá bunaithe ar chósta, shléibhte, aibhneacha agus chonairí ar féidir a bhaint amach go héasca. Is gá cur le hinrochtaineacht na n-áiseanna sin agus na n-eispéireas allamuigh agus iad a chuimsiú mar chuid d'eispéireas foriomlán cinn scríbe e.g. contae cósta, eispéiris bunaithe ar aibhneacha agus conairí sléibhe inrochtana.

Le tarraingt Ghlasbhealach Phort Láirge tarraingítear aird ar an gcaoi a bhfuil torthaí bainte amach don phobal áitiúil tar éis béim chomhordaithe a chur ar tháirge agus an chaoi ar spreag sé tonnta infheistíochta ina dhiaidh sin a nascann Port Láirge le Ros Mhic Thriúin agus a nascann le Gormbhealach Thiobraid Árann. Cuireann caighdeán agus inrochtaineacht tháirge na ngníomhaíochtaí allamuigh sa chontae ardán ar fáil láithreach chun bheith mar phríomh-cheann scríbe um eispéiris allamuigh. Leis an mbéim sin ar cheann scríbe tacófar le fadú an tséasúir, le scaipeadh cuairteoirí agus leis an gcumas fad na gcuairteanna cuairteora ar an gcontae a mhéadú. Ní mór go mbeadh an tairiscint cuairteora nasctha agus curtha i láthair mar cheann scríbe comhtháite allamuigh agus ní mór go gcruthófaí ardán do líonraí/bhraislí reatha a mbonn eispéireas a mhéadú ar aon dul le béim chomhordaithe ó thaobh ceann scríbe ar an meascán de na heispéiris inrochtana allamuigh i bPort Láirge a nascadh.

## Cur Chuige Comhtháite i dtreo Cinn Scríbe - Comhar

Le fianaise an taighde agus na gcomhairliúchán tarraingítear aird ar an ngá go mbeadh níos mó comhoibrithe le tionscail chun Port Láirge a chur i láthair mar cheann scríbe comhtháite. Léiríonn cinn scríbe rathúla, idir cinn scríbe idirnáisiúnta agus Éireannacha, luach an chomhoibrithe mar bhonn um fhás leanúnach na turasóireachta. Is gá iarracht chomhordaithe a dhéanamh ar fud an chinn scríbe le béim a chur ar chuairteoirí idirnáisiúnta a mhealladh le fanacht níos faide. Beidh gá do líonraí/bhraislí uirbeacha oibriú as lámh a chéile agus ar an gcaoi chéanna oibriú lena macasamhlacha tuaithe agus cósta ar fud an chontae. Tar éis taighde a dhéanamh ar chuairteoirí idirnáisiúnta aithníodh gurbh gá cur chuige níos comhtháite i dtreo ceann scríbe chun aghaidh a thabhairt ar na codanna den cheann scríbe atá ag obair ar leithlis. In éagmais níos mó comhoibrithe le tionscail, ní féidir acmhainn eacnamaíoch na hearnála a réadú, agus anuas air sin cuirfear teorainn le hacmhainn an chontae chun forbairt a dhéanamh ar leibhéil reatha aibíochta an chinn scríbe.

## Eispéiris Inbhuanaithe Phobail

Leis an bhfeabhas nó an fhorbairt bheartaithe ar eispéiris nua cinn scríbe is gá cur chuige nua a ghlacadh i dtreo turasóireacht bunaithe sa phobal. Tugann deiseanna nua i réimsí lárnacha táirge bealaí nua do phobail tuaithe agus chósta le gabháil don turasóireacht. Le bunú cúig líonra/braisle sa chontae (Inbhear Phort Láirge, An Cósta Copair, Talamh Ard an Chomaraigh, Gaeltacht na Déise, agus Gleann na hAbhann Duibhe) cuirtear béim ar fáil láithreach chun an bonn eispéireas áitiúil a mhéadú agus luach na turasóireachta don chontae a réadú. Bunaítear na líonraí/braislí agus deiseanna atá bunaithe ar chonairí tuaithe, eispéiris chultúrtha uathúla agus pobail chósta ar fáil i dteannta Gheopháirc EOECNA. Réadófar an deis trí thaiscéalaíocht mhall ar phobail Phort Láirge a spreagadh. Beidh gá le béim nua ar eispéiris a chruthú laistigh de na líonraí/na braislí agus le comhar sa todhchaí chun eispéiris líonra/bhraisle a chur chun cinn agus cuir chuige nua i dtreo pacáistithe. Beidh comhar laistigh de na líonraí/na braislí mar réamhriachtanas chun díbhinn eacnamaíoch a ghiniúint do na pobail áitiúla agus raon leathnaithe cúiseanna a thabhairt do chuairteoirí le taiscéalaíocht a dhéanamh sa cheann scríbe i gcoitinne.

## 1.5 A DTUGTAR AGHAIDH AIR SA PHLEAN

### Deiseanna

#### Ceann Scríbe um Ghníomhaíochtaí Allamuigh

- Ceannaireacht i ndáil le ceann scríbe gníomhaíochta allamuigh a bhaint amach trí fhorbairt táirgí agus eispéiris bunaithe ar thalamh agus ar uisce a nascadh chun tacú le fadú an tséasúir.
- Eispéiris mhalla turasóireachta a fhorbairt lena mbaintear an leas is mó as conairí agus bealaí, uiscebhealaí agus bealaí cósta atá ann cheana.
- Cur le ceangal an chontae leis an rothaíocht agus leis an mbonneagar rothaíochta le go mbeidh sé mar cheann scríbe rothaíochta den scoth in Éirinn.
- Líonraí/braislí cóiríochta nideoige a fhorbairt i réimse na héiceathurasóireachta agus iad nasctha leis an mbéim ar fhorbairt táirgí allamuigh don chontae.

#### Cathair Phort Láirge mar Spreagadh

- Forbairt ar bhonn eispéireas agus taiscéalaíochta na cathrach le haghaidh chósta agus cheantar tuaithe Phort Láirge.
- An Trá Mhór a chomhtháthú níos mó le heispéireas Chathair Phort Láirge chun bonn tábhachtach um ghníomhaíochtaí cósta uirbigh a chur ar fáil.
- Leas a bhaint as oidhreacht ceardaithe agus ceardaíochta i bPort Láirge agus aitheantas idirnáisiúnta do Chriostal Phort Láirge trí chur chuige forbartha a ghlacadh i dtreo an Cheantair Chultúrtha.

#### Líonraí/Braislí Turasóireachta Tuaithe

- Na cúig líonra/braisle tuaithe atá bunaithe cheana a fhorbairt le go mbeidh siad ailínithe níos mó le heispéiris uathúla tuaithe agus chósta a sholáthar atá dírithe ar thaiscéalaíocht mhall ar an saol allamuigh, ar an gcultúr agus ar an oidhreacht sa chontae.
- Slí Dhéagláin a fhorbairt mar bhealach idirnáisiúnta d'oilithrigh agus mar spreagadh um plé leis an turasóireacht phobail.
- Cur chuige bunaithe ar eispéireas éiceathurasóireachta a ghlacadh ar an gCósta Copair agus é ailínithe lena stádas mar Gheopháirc Dhomhanda agus a ghealltanas chun forbairt inbhuanaithe cinn scríbe.
- Eispéiris dátheangacha agus chultúrtha inrochtana a sholáthar atá nasctha le pobal na Gaeltachta.

#### Bonn Nuálach Eispéireas a Fhorbairt

- Nascadh nuálach idir líonraí/braislí reatha de tharraingtí cuairteora ó Thriantán na Lochlannach go Bruachaill.
- Caighdeán agus éagsúlacht na n-eispéireas baile agus sráidbhaile atá ann cheana mar bhonn um fhorbairt eispéireas sa lá is san oíche e.g. Dún Garbháin, Dún Mór agus Aird Mhór.
- Naisc láidre a fhorbairt idir táirgí agus eispéiris réigiúnacha chun líonra eispéireas réigiúnach a chruthú e.g. bia, gairdíní, Tithe Móra, lucht na n-ealaíon agus glasbhealaí.
- Cur le hinrochtaineacht taitneamhachtaí atá bunaithe ar uisce agus ar talamh atá nasctha le Tithe Móra chun bealaí nua a chruthú le scéal oidhreachta Phort Láirge a léirmhíniú.



## Dúshláin

### Soláthar Cóiríochta

- Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais sa tsoláthar cóiríochta i bpobail tuaithe agus chósta ar fud Phort Láirge.
- Gá le méadú ar líon na leapacha óstáin i moil uirbeacha lena n-áirítear níos mó óstán ceithre réalta de chaighdeán ard.
- Teorainn leis an méid cóiríochta atá ar fáil i gceantair ina bhfuil deiseanna láidre táirge a fhéadann tionchar a imirt ar an sreabhadh cuairteoirí chun é a threorú chuig áiteanna tuaithe sa chontae.

### Cumais & Comhar Tionscail

- Leis an leibhéal reatha de chomhar idir tionscail ar fud an chontae ní chuirtear ceann scríbe comhtháite i láthair do chuairteoirí idirnáisiúnta.
- Cur leis na leibhéil reatha acmhainne i bpobail chósta agus tuaithe a theastaíonn chun eispéiris turasóireachta a fhorbairt atá ailínithe leis an bhfís don PFCSSE Phort Láirge.
- Tá leibhéil fiontraíochta turasóireachta íseal ar fud réimsí táirge ina bhfuil acmhainn fáis e.g. soláthraithe gníomhaíochta.
- Teorainn le soláthar do theaghlaigh um thráthnóna sna príomh-mhoil chóiríochta sa chontae.
- Forbairt ar eispéiris ar feadh na bliana agus ar ghníomhaíocht an gheilleagair oíche.

### Forbairt Allamuigh

- Easpa inrochtaineachta do ghníomhaíochtaí bunaithe ar aibhneacha agus feabhsú ar eispéiris Ghormbhealaigh.
- Rochtain ar thailte oiriúnacha chun bonneagar breise rothaíochta easbhóthair a fhorbairt ar nós rothaíochta sléibhe chun cur le próifíl táirgí rothaíochta an chontae.
- Teorainneacha reatha ar an iompar poiblí ar líon na rothar ar féidir aiompar ar thraenacha chuig contae rothaíochta féideartha.
- Bainistíocht inbhuanaithe ar líon na gcuairteoirí ar ionaid aitheanta allamuigh ar fud an chontae.

### Treoshuíomh Cuairteoirí

- Sléibhte an Chomaraigh agus tuaisceart an chontae a nascadh mar ghné lárnach d'eispéireas cuairteora Phort Láirge.
- Leibhéil theoranta de chomhar le tionscal ó thaobh trasfhógraíocht a dhéanamh ar an meascán d'eispéiris uirbeacha agus tuaithe ar fud an chontae.
- Pobail tuaithe nach ngabhann d'fhorbairt na turasóireachta de ghnáth agus luas a bhforbartha.
- Deiseanna an réigiúin i gcoitinne a uasmhéadú chun cúiseanna a chruthú le cur isteach ar phatrúin reatha de shreabhadh cuairteoirí.



## 1.6 FÍS CINN SCRÍBE

### Fís 2035

Cuireann gníomhaíochtaí amuigh faoin aer beocht i gcósta, i sléibhte, agus i dtuath shainiúil Phort Láirge. Spreagtar cuairteoirí chun iad féin a thumadh sna gníomhaíochtaí sin agus i scéal Phort Láirge agus é agus eispéiris éachtacha oidhreachta curtha ar fáil in ionaid uirbeacha bhríomhara agus i bpobail tuaithe fháilteacha.

Bainfear ár bhFís amach mar seo a leanas:

Port Láirge a aithint mar cheann scríbe náisiúnta um ghníomhaíochtaí allamuigh mar gheall ar chaighdeán a chuid conairí allamuigh, a chuid glasbhealaí agus a chuid eispéireas uisce-bhunaithe.

Cuairteoirí ar Phort Láirge a bheith spreagtha chun taiscéalaíocht a dhéanamh sa chontae trí Thionscadal Treoshuímh Phort Láirge, líonra nasctha de ghlasbhealaí, chonairí agus ghormbhealaí agus d'eispéiris chósta, sléibhe agus oilithrigh.

Port Láirge a aithint mar cheann scríbe saoire do theaghlaigh agus é sin curtha i ngníomh trí líonraí/bhraislí turasóireachta ar fud an chontae a oibríonn as lámh a chéile chun eispéiris iontacha chuairteora a sholáthar inár gcuid pobal tuaithe agus cósta.


Tarraingt scála nua a fhorbairt sa chathair is sine in Éirinn a bheidh mar spreagadh chun cur isteach ar shreabhadh na turasóireachta réigiúnaí agus leibhéil nua éilimh a ghiniúint d'eispéireas Phort Láirge sa mhargadh idirnáisiúnta.

Trí chur le hoidhreacht shaibhir na cathrach, cuirfear beocht in eispéireas Phort Láirge le leibhéil nua d'eispéiris turasóireachta cruthaithí agus beatha curtha iontu trí fhuinneamh na n-imeachtaí agus na bhféilte i bPort Láirge i dTriantán na Lochlannach agus sa Cheantar Cultúrtha.



# 1.7 MAR A RÉADAÍONN MUID AN FHÍS SEO

Tá an cur chuige i dtreo fhorbairt cinn scríbe agus eispéireas do Phort Láirge dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar na trí ghné idirnasctha den cheann scríbe; is iad sin ná, eispéireas na cathrach, an cósta agus a chuid pobal tuaithe. Tá an cur chuige ceaptha chun eispéireas comhtháite cuairteora a chruthú do Phort Láirge a spreagann cuairteoirí as Éirinn agus cuairteoirí idirnáisiúnta. Chun é sin a bhaint amach, aithníodh roinnt tionscadal straitéiseach a scaipfidh cuairteoirí ar fud an chontae, a nascfaidh na hionaid cóiríochta uirbí le heispéiris ardchaighdeáin allamuigh agus sa phobal agus an t-eispéireas cuairteora i gCathair Phort Láirge á fhorbairt. Cuirtear níos mó béime ar chomhar le tionscail agus le bealaí nua a ghlacadh le hoibriú le chéile trí líonraí/bhraislí turasóireachta chun cur ar chumas páirtithe leasmhara tionscail infheistíocht a uasmhéadú amach anseo sa cheann scríbe i ndáil le forbairt táirgí agus eispéireas.




Aithníodh sé thionscadal mar spreagthaí um fhorbairt cinn scríbe do Phort Láirge. Cuimsítear leo feabhas allamuigh a sholáthar tríd an gcontae a bhunú mar ionad allamuigh náisiúnta agus iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí nua le hoidhreacht nádúrtha an chontae a nascadh. Cuirfear níos mó béime ar fhorbairt ar eispéireas Chathair Phort Láirge ar bhealach ina mbainfear leas as infheistíocht i nginiúint uirbeach agus i gcaighdeán na dtarraingtí oidhreachta agus cultúrtha reatha. Beidh tarraingt cuairteora nua féideartha ríthábhachtach i ról na cathrach maidir le cur isteach ar shreafaí turasóireachta réigiúnaí amach anseo. Tacóidh leibhéil nua de chomhar le tionscal na turasóireachta le gach ceann de na tionscadail spreagtha sin agus iad dírithe ar an gcuspóir coiteann mar atá forbairt inbhuanaithe turasóireachta. Cuirfear na sé thionscadal sin um cheann scríbe spreagtha, i dteannta le roinnt tionscadal chun cinn scríbe a chumasú, i gcrích trí shraith de ghníomhartha atá sonraithe i bPlean Gníomhaíochta PFCSSE Phort Láirge.

# Forléargas ar Thionscadail Chinn Scríbe

## Tionscadal 1 – Tarraingt Scála

Leis an Straitéis um Fhorbairt na Turasóireachta Réigiúnaí le haghaidh Shean-Oirthear na hÉireann socraítear go bhfuil gá le hinfheistíocht i dtáirgí turasóireachta a chuirfidh isteach ar phátrúin sreafa cuairteora. Chun an deis sin a réadú don Oirdheisceart is gá infheistíocht a dhéanamh i dtarraingt shuntasach cuairteora. Chun pátrúin ghluaiseachta na gcuairteoirí a athrú teastaíonn eispéireas nua "laoch" chun cuairteoirí Éireannacha agus idirnáisiúnta a spreagadh le smaoineamh faoi chuairt a thabhairt ar Chathair Phort Láirge. Díreofar ar an gcéad dul síos leis an tionscadal ar mháistirphlean um tharraingtí cuairteora a fhorbairt don taobh thuaidh den abhainn agus laistigh de na Céanna Thuaidh nó sa cheantar timpeall orthu lena mbunófar freisin naisc leis na Céanna Theas, leis an gCeantar Cultúrtha, le Triantán na Lochlannach agus le heispéireas Lár na Cathrach.


Beidh tionchar faoi dhó ag soláthar tarraingt scála cuairteora ar an taobh thuaidh den abhainn laistigh de na Céanna Thuaidh nó sa cheantar timpeall orthu. Beidh sé mar spreagadh don turasóireacht sa chathair agus sa chontae agus beidh sé mar lárphointe ó thaobh réigiún an Oirdheiscirt a bhonnathrú mar cheann scríbe idirnáisiúnta do thurasóirí. Spreagfaidh forbairt tharraingt scála babhtaí breise d'infheistíocht áitiúil agus réigiúnach chomh maith, e.g. soláthar nua cóiríochta agus fás ar eispéiris tacaíochta cuairteora ar fud an chontae.

## Tionscadal 2 – Tionscadal Treoshuíomh Phort Láirge

Is ionann rath Ghlasbhealach Phort Láirge agus cloch mhíle lárnach i bhforbairt na turasóireachta sa chontae agus d'athraigh sé an chaoi a bpléann cuairteoirí leis an gceann scríbe i.e. spreagtar taiscéalaíocht níos moille sa chontae. Tá Port Láirge breac le conairí, le huiscebhealaí, le heispéiris chósta agus le bealaí sléibhe. Ó thaobh an chuairteora de, tá easpa comhtháiteachta ann maidir leis an gcaoi a spreagtar na cuairteoir chun taiscéalaíocht a dhéanamh sa cheann scríbe níos leithne. Moltar cur chuige aontaitheach a fhorbairt i dtreo an eispéiris allamuigh i.e. Tionscadal Treoshuímh Phort Láirge a fhorbairt. Cuirfidh sé bealach lúbaithe contae ar fáil a bheidh bunaithe ar nasc a dhéanamh idir glasbhealaí, gormbhealaí agus bealaí cósta nua an chontae, chomh maith leis na slite oilithrigh agus na slite sléibhe. Le Tionscadal Treoshuímh Phort Láirge cuimseofar an bonneagar taitneamhachta allamuigh atá ann cheana agus treorófar riachtanais na hinfheistíochta amach anseo chun bealach a chruthú ar fud an chontae a nascfaidh eispéiris iontacha allamuigh, a mholfaidh turasóireacht mhall i bpobail áitiúla agus a sholáthróidh bonn comhtháite táirgí chun cuairteoirí a choinneáil níos faide.


## Tionscadal 3 – Comhar le Tionscail - Líonraí/Braislí Turasóireachta

Ní féidir forbairt inbhuanaithe cinn scríbe a bhaint amach ach trí mheán comhair. Leis na tionscadail atá aitheanta i bpróiseas PFCSSE Phort Láirge cuirtear ardán ar fáil um leibhéil nua comhair i dtionscal na turasóireachta. Cuimseoidh sé comhar atá bunaithe ar thionscadail, feabhsófar acmhainn líonraí/braislí turasóireachta atá ann cheana chomh maith le líonraí/braislí nua agus spreagfar gnólachtaí chun oibriú le chéile ar fud an chontae. Is ionann bunú chúig líonra/bhraisle tuaithe sa chontae (Inbhear Phort Láirge, An Cósta Copair, Talamh Ard an Chomaraigh, Gaeltacht na nDéise, agus Gleann na hAbhann Duibhe) agus pointe tosaigh tábhachtach um fhorbairt inbhuanaithe cinn scríbe. Tá forbairt na líonraí/na mbraislí agus neartú na líonraí turasóireachta áitiúla ina ngnéithe bunriachtanacha de chomhar le cinn scríbe. Beidh ról lárnach ag a gcuid aschur ó thaobh cuairteoirí a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar níos mó pobal tuaithe agus cósta agus níos mó cúiseanna a thabhairt le fanacht níos faide sa cheann scríbe. Beidh gá forbairt a dhéanamh chomh maith ar líonraí/bhraislí uirbeacha nua i bPort Láirge chun ardán a sholáthar um phlé le tionscail agus beidh gá cur chuige comhsheasmhach a ghlacadh ar fud an chontae a fhéadann idirghníomhú leis an ngníomhaíocht atá ar siúl cheana sna braislí tuaithe.



## Tionscadal 4 – Eispéireas Chathair Phort Láirge

Tá feabhsú eispéireas an turasóra ar Chathair Phort Láirge chun bheith ina ceann scríbe cathrach idirnáisiúnta mar ghné bhunriachtanach den chur chuige foriomlán i dtreo na forbartha. Mar an áit ina bhfuil an stoc is mó óstán agus an líon is mó tarraingtí cultúrtha/oidhreachta, is ionann é an geatabhealach chuig eispéiris chósta agus tuaithe an chontae. Cuirfidh roinnt tionscadal ceann scríbe le fás leantach ar gheilleagar na turasóireachta i gCathair Phort Láirge, lena n-áirítear tarraingt scála shuntasach agus eispéireas cultúrtha na cathrach a fhorbairt. Beidh an infheistíocht sa Cheantar Cultúrtha, cruthú áiteanna ar fud na cathrach agus tionscadail réimse poiblí mar ghnéithe lárnacha den fheabhsúchán ar an eispéireas cathrach. Cruthóidh an fhorbairt ar an gCeantar Cultúrtha go leor tairbhí seachas go díreach an bhéim atá ar an nginiúint uirbeach. Spreagfar sreabhadh nua cuairteoirí ar fud na cathrach agus leathnófar tionchar na dturasóirí isteach i dTriantán na Lochlannach agus i lár na cathrach. Beidh cruthú thús na siúlóide um ghlasbhealach cathrach agus é suite taobh leis an gCeantar Cultúrtha agus rochtain ann ar Thriantán na Lochlannach mar thús agus mar dheireadh d'eispéireas lárnach na cathrach. Beidh treoshuíomh cuairteoirí agus feabhsú na 'gCeantar' uirbeach ríthábhachtach chun an deis turasóireachta don chathair a réadú. Cuimseofar chomh maith leis an bhforbairt leanúnach ar Chathair Phort Láirge cur le féilire reatha na bhféilte agus na n-imeachtaí, méadófar geilleagar na hoíche agus feabhsófar stádas na cathrach mar mhol lárnach don turasóireacht réigiúnach.




## Tionscadal 5 – Forbairt Cóiríochta

Cuimsítear le tíreolaíocht thuaidh Phort Láirge bailiúchán mór d'eispéiris oidhreachta tógtha agus nádúrtha. D'fhéadfaí an bonn eispéireas a chur i gcomparáid le go leor ceann scríbe níos aibí ach faoi láthair ní chuirtear béim ar chuairteoirí a spreagadh chun dul thart ar na codanna den chontae nach bhfuil chomh aitheanta. Tá roinnt tionscadal aitheanta mar Réaltaí Thuaidh chun tionchar a imirt ar shreabhadh níos mó cuairteoirí i dtuaisceart an chontae. Áirítear leo siúd forbairt ar Shlí Dhéagláin chun pobail áitiúla ó cheantair chósta a nascadh agus blaiseadh d'eispéiris tuaithe agus uirbeacha uathúla amhail Lios Mór agus Cnoc Mheilearaí a thabhairt do thurasóirí. Tá acmhainn shuntasach um ghníomhaíochtaí allamuigh ag gabháil leis an gceantar timpeall

Shléibhte an Chomaraigh agus na hAbhann Duibhe agus cuirfidh na gníomhaíochtaí sin go léir le forbairt ar Thionscadal Treoshuímh Phort Láirge. Chun gach tionscadal a chur i gcrích is gá pleanáil chuí a dhéanamh ar bhainistíocht cuairteoirí agus iniúchadh a dhéanamh ar na gnéithe a thacóidh le forbairt na turasóireachta inbhuanaithe agus a mbeidh tionchar dearfach acu ar phobail áitiúla. Chun rath a bhaint amach san fhadtéarma, agus chun na tionscadail Réaltaí Thuaidh a chur i gcrích beidh sé riachtanach roinnt tionscadal cumasaithe a chur i ngníomh ó fhorbairt na cóiríochta go feabhas ar acmhainn agus chumais na líonraí/na mbraislí pobail tuaithe an turasóireacht áitiúil a fhorbairt.

## Tionscadal 6 – Turasóireacht Chósta Phort Láirge

Tá infheistíocht faighte ag Port Láirge le haghaidh dhá ionad gníomhaíochta Ardán Fáis chun moil um ghníomhaíochtaí turasóireachta cósta a sheachadadh i dTrá Mhór agus san Aird Mhór. Leis an infheistíocht cuirfear béim nua ar eispéiris chósta agus cuirfear ar chumas an chontae an ceangal atá aige mar cheann scríbe cósta. Ar an gcaoi chéanna teastaíonn béim nua ar thaiscéalaíocht turasóireachta cósta chun ailíniú le stádas an Chósta Copair mar Gheophäirc EOECNA agus cur chuige i dtreo pobal cósta lena leagtar níos mó tábhachta ar luach ná méid. Ar fud líne cósta Phort Láirge, ó ionad surfála Shean-Oirthear na hÉireann i dTrá Mhór agus ó Aird Mhór chuig an gCósta Copair, Dún Garbháin, Dún Mór agus cósta Gaeltachta na Rinne, tá ardán ag gach pobal chun eispéiris turasóireachta cósta a chur ar fáil atá thar a bheith difriúil lena chéile.

## Tionscadail a Chumasaíonn Cinn Scríbe

Tá sraith de thionscadail chumasaithe ríthábhachtach chun forbairt a dhéanamh ar cheann scríbe Phort Láirge agus chun leas a bhaint as deiseanna atá ar fáil i réimsí mar an margadh teaghlaigh, turasóireacht chósta, tarraingtí, féile agus eispéiris bhia sa turasóireacht. Cuimsítear le seacht dtionscadal cumasaithe cur le próifíl Phort Láirge mar cheann scríbe teaghlaigh agus cinntiú go nglactar cur chuige comhtháite i dtreo an tionscail trí fhorbairt pacáistithe agus eispéireas leis an sciar den mhargadh teaghlaigh a mhéadú. Agus eispéireas na dtarraingtí cuairteora i bPort Láirge á fhorbairt féachfar chuig cur chuige bunaithe ar eispéireas a ghlacadh i dtreo bealaí nua le scéalta oidhreachta a léirmhíniú. Tá roinnt deiseanna táirge (Réaltaí Thuaidh) ag teacht chun cinn agus an acmhainn acu tionchar láidir a imirt ó thaobh cuairteoirí a spreagadh chun smaoineamh faoi thuath Phort Láirge. Ina measc tá deiseanna i ndáil le Slí Dhéagláin, an Abhainn Dhubh agus Sléibhte an Chomaraigh. Beidh Gníomhú ar son na hAeráide agus cur chuige foriomlán an chinn scríbe i dtreo na hinbhuanaitheachta mar ábhar machnaimh bunúsach i ngach tionscadal agus i ngach gníomh a chuirfear i bhfeidhm agus PFCSSE Phort Láirge á chur i gcrích.



Leis na céimeanna reatha d'fhorbairt an ghlasbhealaigh sa chontae agus na céimeanna ina ndiaidh cuirfear le nascacht réigiúnach. Déanfar iniúchadh freisin leis an gcur chuige i dtreo na nascachta réigiúnaí ar an gcaoi a bhféadann bealaí idirnáisiúnta reatha mar EuroVelo 1 nó naisc réigiúnacha táirge tionchar a bhaint amach do phobail áitiúla ó thaobh na turasóireachta inbhuanaithe.

Reáchtáiltear go leor féilte agus imeachtaí i gCathair Phort Láirge atá beoite ag pobal bríomhar ealaíon agus cultúrtha. Féachfaidh Port Láirge chuig cur leis an acmhainn úinéireachta um thréimhsí seachbhuaice trí chur chuige straitéiseach a ghlacadh i dtreo fhorbairt imeachtaí lena nascfar an chathair agus an contae. Chun an cur chuige sin a ghlacadh beidh gá le hiniúchadh a dhéanamh ar imeachtaí tosaíochta scála agus iad a fhorlíonadh le gníomhaíocht ar fud an chontae. Tá an bia tagtha chun bheith ina ghné lárnach de scéal Phort Láirge mar cheann scríbe saoire. Leis an mbéim ar an tuath agus an gcósta i PFCSSE Phort Láirge tugtar deiseanna nua an bia agus an deoch a chuimsiú mar eispéireas tacaíochta. Beidh ról tábhachtach ag an méadú ar an líonra bia agus deochanna ar fud an chinn scríbe ó thaobh bonn na n-eispéireas tuaithe agus cósta a fheabhsú.

## 1.8 CUR I BHFEIDHM AN PHLEAN

Tá cur i bhfeidhm PFCSSE Phort Láirge bunaithe ar ghealltanas páirtithe leasmhara chun tionscadail a chur i gcrích agus tá sé bunaithe ar phlean gníomhaíochta ilbhliantúil. Glacfaidh na príomhpháirtithe leasmhara úinéireacht ar na príomhchúraimí a bheidh riachtanach chun PFCSSE Phort Láirge a chur i bhfeidhm nó déanfaidh siad comhpháirtíocht ina leith. Is ionann é agus plean oibriúcháin cúig-bliana lena soláthrófar béim ar fhorbairt ceann scríbe tráchtála a chuirfidh le pleananna tionscadail reatha agus a chuimsíodh an ghníomhaíocht ghaolmhar go léir um chlár comhordaithe gníomhaíochta. Áirítear leis sin tionscadail atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair, tionscadail atá mar chuid de phleananna atá ann cheana agus coincheapa nua chun acmhainn an chinn scríbe a mhéadú i ndáil le forbairt ar eispéiris nua do chuairteoirí.





IRELAND'S ANCIENT EAST ®

Fáilte Ireland

# CUID 2

## Plean Phort Láirge um Fhorbairt Ceann Scríbe Saoire agus Eispéireas

## CUR CHUIGE

## 2.1 CUSPÓIRÍ PFCSSE PHORT LÁIRGE

Seo a leanas na cuspóirí foriomlána PFCSSE Phort Láirge atá bunaithe ar ionchur páirtithe leasmhara, ailíniú le deiseanna reatha agus nua don cheann scríbe agus ar an gcaoi a gcuireann an plean leis an Straitéis um Fhorbairt na Turasóireachta Réigiúnaí le haghaidh Shean-Oirthear na hÉireann a chur i gcrích.

## Sprioc Straitéiseach 1:

**An custaiméir in Éirinn agus thar lear a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar Phort Láirge agus Shean-Oirthear na hÉireann.**

### Cuspóirí Straitéiseacha

- Ceann scríbe turasóireachta den chéad scoth a fhorbairt ar feadh na bliana agus é tacaithe le meascán d'eispéiris uirbeacha agus tuaithe atá thar a bheith spéisiúil agus a spreagann cuairteoirí Éireannacha agus idirnáisiúnta chun cuairt a thabhairt ar Phort Láirge.
- Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna a chuirtear ar fáil trí láithreáin um fhorbairt straitéiseach sa todhchaí sa chathair agus sa chontae lena n-áireofar tarraingt scála.
- Eispéireas níos comhtháite a fhorbairt um tharraingtí cuairteora Phort Láirge lena nascfar tarraingtí lárnacha agus iad beoite le cuir chuige nua i dtreo nuáil eispéireas.
- Port Láirge a fhorbairt mar cheann scríbe feabhais um ghníomhaíochtaí allamuigh lena gcuimseofar glasbhealaí, gormbhealaí, bealaí cósta, bealaí oilithrigh agus sléibhte.
- Leas a bhaint as rath Ghlasbhealach Phort Láirge chun eispéiris nua Ghlasbhealaigh a fhorbairt sa chontae, chomh maith le naisc leis an nGlasbhealach agus bealaí nua le cuairteoirí a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar phobail Ghlasbhealaigh.



# Sprioc Straitéiseach 2:

**Níos mó cúiseanna le fanacht a thabhairt don chuairteoir, chun tionchar eacnamaíoch na turasóireachta ar Phort Láirge a mhéadú.**

## Cuspóirí Straitéiseacha

- Forbairt a dhéanamh ar eispéireas cuairteora do Chathair Phort Láirge a spreagann méadú ar ghluaiseacht cuairteoirí ar fud na cathrach trí heispéiris nua a fhorbairt i gceantair chathrach bhríomhara.
- An infheistíocht i gCeantar Cultúrtha na cathrach a uasmhéadú chun eispéiris sainiúla cuairteora a chruthú idir eispéiris uirbeacha agus chultúrtha.
- Dún Garbháin agus Trá Mhór a fhorbairt mar mhoil lárnacha um chuairteoirí cinn scríbe agus cur lena gcuid buanna um chaitheamh aimsire allamuigh agus gheatabhealaí le heispéiris turasóireachta allamuigh ar fud an chinn scríbe.
- An deis uathúil um fhorbairt ar eispéiris chultúrtha a uasmhéadú a ghabhann leis an nGaeltacht agus inbhuanaitheacht chultúrtha na Gaeilge a nascadh le heispéiris chuairteora.
- An bonn cóiríochta a mhéadú i gCathair Phort Láirge, i nDún Garbháin agus i dTrá Mhór agus iniúchadh a dhéanamh ar an deis cur le líon na roghanna cóiríochta nideoige do chuairteoirí i gcinn scríbe tuaithe.
- Bonn fiontraíochta na turasóireachta a mhéadú agus eispéiris indíolta a sheachadadh chun tacú le mian Phort Láirge chun bheith ina ionad feabhais um ghníomhaíochtaí allamuigh.



# Sprioc Straitéiseach 3:

**Déanamh cinnte go bhfuil sé éasca an ceann scríbe a bhaint amach, dul tríd agus leas a bhaint as.**

## Cuspóirí Straitéiseacha

- Cur chuige nuálach cinn scríbe a chruthú i dtreo threoshuíomh agus nascacht cuairteoirí trí Thionscadal Treoshuímh Phort Láirge a fhorbairt chun cuairteoirí a scaipeadh ar fud an chontae trí oidhreacht nádúrtha agus thógtha an chontae a nascadh le taitneamhachtaí allamuigh agus bealach lúbtha contae a fhorbairt um thaiscéalaíocht cuairteoirí.
- Leas a bhaint as Tionscadal Treoshuímh Phort Láirge chun eispéiris ar fud an chontae a chuimsiú i réimsí mar bhia, gairdíní agus eispéiris chultúrtha.
- An deis a fhorbairt do Phort Láirge chun bheith ina ghné lárnach den Ghlasbhealach ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh amach anseo agus le haghaidh aon tairiscintí bhealach mara féideartha sa todhchaí.
- Nascacht réigiúnach a bhaint amach trí dheiseanna um tháirgí réigiúnacha mar Ghlasbhealaí, bhealaí cósta, agus EuroVelo agus forbairt ar chonairí atá dírithe ar eispéiris mar bhia, chultúr agus oidhreacht.



- Deis na turasóireachta cósta don cheann scríbe a uasmhéadú agus conair shuntasach siúil a chruthú ar chósta Phort Láirge.
- Bealach Dhéagláin a fhorbairt mar chonair idirnáisiúnta oilithrigh agus é tacaithe ag eispéiris suntasacha thús siúlóide san Aird Mhór agus i Cnoc Mheilearaí atá nasctha le Caiseal.
- Leibhéil níos fearr de scaipeadh cuairteoirí a bhaint amach ar fud an chontae tríd an leas is mó a bhaint as an deis a ghabhann le sócmhainní oidhreachta nádúrtha lena n-áirítear An Abhainn Dhubh, An tSiúir agus Sléibhte an Chomaraigh.

## Sprioc Straitéiseach 4:

**Cur ar chumas an tionscail agus cuidiú leis lena chumas agus acmhainn a mhéadú le cinntiú gur féidir leis déanamh go maith agus poist inbhuanaithe a chruthú i bpobail áitiúla.**

### Cuspóirí Straitéiseacha

- Oibriú le tionscal na turasóireachta chun raon agus caighdeán na n-eispéireas cuairteora a mhéadú atá ailínithe leis an bhfís do PFCSSE Phort Láirge.
- Cur chuige comhtháite a fhorbairt i dtreo an chinn scríbe chun leibhéil nua comhair a spreagadh i gCathair agus i gContae Phort Láirge maidir le forbairt eispéireas agus an chaoi a spreagann an tionscal go coitianta an cuairteoir chun níos mó ama a chaitheamh sa cheann scríbe níos leithne.
- Acmhainn na líonraí turasóireachta chun oibriú a chéile a neartú tríd na líonraí tuaithe/na líonraí braisle agus líonraí/braislí nua a fhorbairt don turasóireacht uirbeach.
- Cur le hacmhainn thionscal na turasóireachta ailíniú le deiseanna amach anseo um shuíomh ceann scríbe nideoige le haghaidh Phort Láirge mar cheann scríbe teaghlaigh, ceann scríbe rothaíochta agus bonn den scoth um ghníomhaíochtaí allamuigh.
- Na deiseanna sa lá agus san oíche a fhorbairt chun bailte agus sráidbhailte bríomhara a fhorbairt i bPort Láirge agus luach eacnamaíoch na turasóireachta do phobail áitiúla a uasmhéadú.



# Sprioc Straitéiseach 5:

**Comhpháirtíochtaí tiomanta a chothú le páirtithe leasmhara agus leis an tionscal chun forbairt inbhuanaithe ar chinn scríbe saoire a threorú.**

## Cuspóirí Straitéiseacha

- Fás ísealcharbóin agus inbhuanaithe a bhaint amach maidir le forbairt ar eispéiris uirbeacha agus tuaithe do chuairteoirí a chuireann le mian an chontae bheith mar phríomh-cheann scríbe don turasóireacht inbhuanaithe.
- Oibriú i dteannta a chéile i dtreo lorg charbóin na turasóireachta a laghdú.
- Cinntiú go gcuimsítear an turasóireacht mar ghné lárnach de láithreáin um fhorbairt straitéiseach sa todhchaí sa chathair agus sa chontae.
- Cur chuige a fhorbairt ar fud an chontae chun rochtain a mhéadú ar eispéiris turasóireachta malla mar ghné d'fhorbairt na turasóireachta inbhuanaithe do Phort Láirge.
- Cinntiú go gcuimsítear an turasóireacht i ngníomhaíocht athghiniúna uirbí agus tuaithe amach anseo chun an chathair agus an contae a fhorbairt mar áit iontach um chónaí, obair agus chuairt.



## 2.2 ÁR BHFÍS A RÉADÚ

Léiríonn an fhís don cheann scríbe, agus í ailínithe leis na cuspóirí straitéiseacha chun an turasóireacht a fhorbairt i bPort Láirge, mian an bhonn páirtithe leasmhara i gcoitinne. Tá forbairt na turasóireachta inbhuanaithe ar fud an chinn scríbe dírithe ar chur chuige bunaithe ar bhuanna agus bealaí nua a shocrú le hoibriú le chéile. Cuirfidh sé le doimhneacht an táirge allamuigh, agus le dea-theist Phort Láirge ó thaobh fhorbairt rathúil táirgí a bhí bonnathraitheach ó thaobh an gheilleagair agus an phobail de. Tá an cur chuige dírithe ar chur chuige spásúil agus cinntítear leis naisc ó thaobh táirgí agus eispéireas de a spreagfaidh cuairteoirí chun triail a bhaint as níos mó den eispéireas uirbeach, cósta agus tuaithe i bPort Láirge.

Leis an mbéim ar fhorbairt ceann scríbe cuirfear leis na hionaid reatha um fheabhas táirge agus déanfar infheistíocht i gceantair ag a bhfuil an acmhainn chun fás agus cruthófar níos mó deiseanna do chuairteoirí chun níos mó den chontae a fheiceáil agus ar an gcaoi sin méadófar an fad ama a chaithfear i bpobail áitiúla. Is ionann sé thionscadal spreagtha atá leagtha amach i ndiaidh seo i dteannta le sraith de thionscadail chumasaithe agus an bonn um phlean feidhmithe cúig bliana. Tugtar achoimre ar na tionscadail spreagtha mar seo a leanas;



# Príomhthionscadail Spreagtha um Chinn Scríbe

## 1. TARRAINGT SCÁLA

### Cuspóir

Tarraingt scála shuntasach a fhorbairt i gCathair Phort Láirge a fhéadann an chathair, an contae agus an t-Oirdheisceart a athrú ó bhonn mar cheann scríbe turasóireachta.

### Forléargas

Níl tarraingt cuairteora "laoch" i gCathair Phort Láirge a fhéadann suíomh an réigiúin sa mhargadh idirnáisiúnta a athrú ó bhonn. Trí tharraingt a fhorbairt atá nasctha leis an taobh thuaidh den abhainn agus atá laistigh de na Céanna Thuaidh nó sa cheantar timpeall orthu tugtar an acmhainn do shuíomh suntasach chun sreafaí cuairteoirí isteach sa Chathair is sa réigiún a athrú go mór. Trí thagarmharcáil idirnáisiúnta ar Phort Láirge le cathracha poirt réigiúnacha atá inchomparáide tarraingítear aird ar scála an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag infheistíocht straitéiseach dá leithéid. Chuirfí béim ar an athghiniúint ar fáil don taobh thuaidh den abhainn agus laistigh de na Céanna Thuaidh nó sa cheantar timpeall orthu ach ghníomhódh sé freisin mar spreagadh um ghníomhaíocht forbartha i gcoitinne ar fud na gCéanna Theas agus isteach sa Cheantar Cultúrtha, i dTriantán an Lochlannach agus i Lár na Cathrach. Don réigiún i gcoitinne teastaíonn tarraingt scála a mbeidh an-tóir uirthi sa mhargadh idirnáisiúnta. Tá an acmhainn ag an infheistíocht aghaidh a thabhairt ar shreafaí reatha cuairteora agus na dálaí áitiúla a chruthú chun am fanachta níos faide a spreagadh sa chathair is sa chontae. Ba cheart chomh maith go nginfeadh sé líon nua cuairteoirí ar an gcathair agus go gcuirfeadh sé leis an mbonn cuairteoirí a fhéadann tarraingtí reatha a mhealladh.

### An Tionscadal a Chur i nGníomh

Seo a leanas roinnt gníomhartha/tionscadal chun an tarraingt scála a sheachadadh. Tá liosta iomlán na dtionscadal agus plean gníomhaíochta san áireamh i gCuid A Trí – Seachadadh.

| | Tionscadal | Achar Ama | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Tarraingt Scála | Tarraingt Scála a fhorbairt do Chuairteoirí don taobh thuaidh den abhainn agus laistigh de na Céanna Thuaidh i bPort Láirge nó timpeall orthu chun bheith mar mar thionscadal bonnathraitheach don turasóireacht ar fud Réigiún an Oirdheiscirt. | ST | CCPL | FI, PS |

### Impleachtaí na Turasóireachta Inbhuanaithe

**Cuairteoir** – Tarraingteacht Chathair Phort Láirge mar cheann scríbe idirnáisiúnta a mhéadú agus cuairteoirí a spreagadh chun smaoineamh faoi réigiún an Oirdheiscirt.

**Tionscal** – Ardán a chruthú um phlé le tionscal na turasóireachta chun leas a bhaint as méadú ar líon na gcuairteoirí agus ar an tionchar réigiúnach. Forbairt a dhéanamh ar na heispéiris tacaíochta ar fud an chinn scríbe a chuirfidh le cur isteach ar na sreafaí réigiúnacha cuairteora agus a thabharfaidh níos mó cúiseanna do chuairteoirí le fanacht níos faide agus cuairt a thabhairt ar níos mó den chathair agus den chontae.

**Pobal** – Cinntiú go gcuimsítear leis an athghiniúint ar na Céanna Thuaidh tarraingt scála sa cheantar timpeall orthu a spreagann cur chuige athghiniúna níos leithne a shíneann isteach sa chathair agus sa chontae.

**Timpeallacht** – Eispéiris nua cuairteora a fhorbairt atá nasctha leis an tarraingt scála gan aon tionchar a imirt ar oidhreacht nádúrtha nó thógtha an cheantair.



# 2. TIONSCADAL TREOSHUÍMH PHORT LÁIRGE

## Cuspóir

Próifíl Phort Láirge um fheabhas allamuigh a fhorbairt trí chonair fhionnachtana agus tionscadal treoshuíomh a fhorbairt trína nascfar taitneamhachtaí nádúrtha an chontae le gníomhaíochtaí allamuigh chun ár gcuairteoirí a spreagadh leis an gceann scríbe níos leithne a fhiosrú.

## Forléargas

Tugann Port Láirge rochtain do chuairteoirí ar raon éagsúil inmháite d'áiseanna allamuigh ó ghlasbhealaí, bealaí cósta agus aibhneacha go heispéiris abhann. Chun bheith in ann an táirge níos leithne a chur i láthair do chuairteoirí tá gá le cur chuige comhtháite lena spreagfar machnamh ar na cinn scríbe nua i bPort Láirge chomh maith leis na cinn scríbe nach bhfuil chomh forbartha. Trí Bhealaí Phort Láirge a nascadh mar réimse béime um fhorbairt táirgí (glasbhealaí, gormbhealaí, bealaí oilithrigh agus bealaí sléibhe) cuirfear eispéireas measctha allamuigh ar fáil a mbeidh cuairteoirí Éireannacha agus idirnáisiúnta in ann rochtain agus tuiscint éasca a fháil air. Trí lúb nasctha conaire fionnachtana a chruthú ar fud an chontae cuirfear réimse béime comhtháite ar fáil um fhorbairt táirgí chomh maith leis an mbonn um fhorbairt eispéireas trí líonraí/bhraislí tuaithe reatha. Beidh tionchar ag an gconair ar shreafaí cuairteora ar fud an chontae trí heispéiris sléibhe a nascadh le conairí cósta, glasbhealaí a nascadh le heispéiris abhann agus cuairteoirí a spreagadh chun teacht ar eispéiris nua phobail. Cuirfidh an chonair fhionnachtana creat ar fáil chun scéal an fheabhais allamuigh sa chontae a fhorbairt agus chun ardán a chruthú ar fud an chontae um rannpháirtíocht pobal.

## An Tionscadal a Chur i nGníomh

Seo a leanas roinnt gníomhartha/tionscadal chun Tionscadal Treoshuímh Phort Láirge a chur i gcrích. Tá liosta iomlán na dtionscadal agus plean gníomhaíochta san áireamh i gCuid A Trí – Seachadadh.

| | Tionscadal | Achar Ama | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Anailís ar Thionscadal Treoshuímh Phort Láirge | Anailís a dhéanamh ar na riachtanais chun cur chuige treoshuímh a fhorbairt ar fud Chontae Phort Láirge lena nascfar príomhionaid oidhreachta nádúrtha agus gníomhaíochtaí allamuigh. Déanfar iniúchadh ar conas tionchar a imirt ar an sreabhadh cuairteoirí idir pobail dheisceart agus thuaisceart Phort Láirge trí eispéiris spreagúla allamuigh a fhorbairt a chuirfidh leis an mbonneagar reatha amhail eispéiris chósta, glasbhealaí, gormbhealaí agus conairí siúil agus acmhainní allamuigh a fheabhsú chun bealach treoshuímh loighciúil a chruthú. | ST-MT | FI, CCPL | LCG |

## Impleachtaí na Turasóireachta Inbhuanaithe

**Cuairteoir** – Cur chuige comhtháite a ghlacadh i leith an chinn scríbe chun cuairteoirí a spreagadh lenár gcuid pobal cósta agus tuaithe a fhiosrú agus iad nasctha le gníomhaíochtaí allamuigh.

**Tionscal** – Ardán a chruthú um líonraí/braislí cinn scríbe le hoibriú as lámh a chéile chun Tionscadal Treoshuímh Phort Láirge a chur i gcrích i dteannta a chéile.

**Pobal** – Bealaí nua a fhorbairt le deiseanna turasóireachta inbhuanaithe agus maille ar fud ár gcuid pobal a chur i láthair do chuairteoirí.

**Comhshaol** – Plé inbhuanaithe le hoidhreacht nádúrtha an chontae a chur chun cinn trí heispéiris turasóireachta maille.



# 3. COMHAR TIONSCAIL - LÍONRAÍ/ BRAISLÍ TURASÓIREACHTA

## Cuspóir

Cur chuige coiteann a ghlacadh i dtreo fhorbairt cinn scríbe trí líonraí/braislí turasóireachta a fhorbairt le cuir chuige i dtreo comhair ar fud an chontae a chruthú.

## Forléargas

Ní mór an ceann scríbe a chur i láthair agus a phacáistiú do chuairteoirí ar bhealach comhtháite agus seasta. Ní mór gach ceantar sa chontae a chur i láthair mar bheith inrochtana go héasca nó nasctha go héasca le codanna den chontae agus eispéiris uirbeacha, tuaithe agus chósta a mheascadh go héasca le scéal iomlán Phort Láirge mar cheann scríbe. Cuirfear béim ar dtús ar fhorbairt leantach líonra/braislí turasóireachta agus ar chomhar bunaithe ar thionscadail. Beidh leibhéil mhéadaithe comhair ríthábhachtach do rath PFCSSE Phort Láirge agus beidh sé mar bhonn um fhorbairt na turasóireachta inbhuanaithe. Beidh oiliúint agus forbairt cumais amach anseo ailínithe leis an gcur chuige coiteann sin i dtreo thionscal na turasóireachta. Beidh ról lárnach ag forbairt chur chuige na braisle ó thaobh deiseanna réigiúnacha a chumasú. Agus conairí téamacha atá nasctha go réigiúnach á meas amach anseo bainfear leas as acmhainn líonraí/braislí chun naisc straitéiseacha a dhéanamh le líonraí/braislí eile. Tacóidh sé le scaipeadh cuairteoirí ar fud an réigiúin agus uasmhéadóidh sé an infheistíocht i gconairí nasctha e.g. glasbhealaí agus eispéiris bhia nó oidhreachta áitiúla.

## An Tionscadal a Chur i nGníomh

Seo a leanas roinnt gníomhartha/tionscadal chun an cur chuige coiteann a ghlacadh i dtreo thionscal na turasóireachta. Tá liosta iomlán na dtionscadal agus plean gníomhaíochta san áireamh i gCuid A Trí – Seachadadh.

| | Tionscadal | Achar Ama | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Tionscal na Turasóireachta i gCoitinne – Forbairt Líonraí/ Braislí | Forbairt a dhéanamh ar na struchtúir agus na líonraí chun cur chuige contae-uile a chruthú le méadú a dhéanamh as lámh a chéile ar an turasóireacht, ar raon agus éagsúlacht na n-eispéireas, agus bealaí nua le hoibriú le chéile chun ionad turasóireachta inbhuanaithe a fhorbairt. Treochlár um spriocanna comhoibritheacha gearrthéarmacha a chruthú do Phort Láirge lena gcuimseofar líonraí/braislí, líonraí agus gnólachtaí turasóireachta atá ann cheana ar fud an chontae. Áireofar leis sin (Inbhear Phort Láirge, An Cósta Copair, Tailte Arda an Chomaraigh, Gaeltacht na Déise, agus Gleann na hAbhann Duibhe) | ST-LT | FI, CCPL | PS, LTN, LCG |

## Impleachtaí na Turasóireachta Inbhuanaithe

**Cuairteoir** – Cur chuige nua a sheachadadh i dtreo an ceann scríbe a phacáistiú agus eispéiris nua chuairteora a chruthú.

**Tionscal** – Oibriú le chéile chun cuairteoirí Éireannacha agus idirnáisiúnta a tharraingt agus chun tionchar eacnamaíoch na hearnála ar fud an chontae a mhéadú trí leibhéil nua de chomhar.

**Pobal** – Acmhainn líonraí/braislí turasóireachta a fhorbairt chun pobail áitiúla spéisiúla Phort Láirge a chur i láthair do chuairteoirí.

**Comhshaol** – Cur le feasacht faoi chuir chuige inbhuanaithe i dtreo na turasóireachta trí chur chuige coiteann a ghlacadh i dtreo an chinn scríbe.



## 4. EISPÉIREAS CATHRACH PHORT LÁIRGE

### Cuspóir

Cathair Phort Láirge a fhorbairt mar cheann scríbe turasóireachta ar feadh na bliana agus mar gheatabhealach chuig pobail agus eispéiris chósta agus tuaithe i bPort Láirge.

### Forléargas

Tá sé ríthábhachtach timpeallacht ardchaighdeáin don turasóireacht uirbeach a chruthú i gCathair Phort Láirge chun ról na cathrach mar gheatabhealach cinn scríbe a fheabhsú. Is spreagadh tábhachtach í an infheistíocht sa Cheantar Cultúrtha ó thaobh eispéireas iomlán na cathrach a fheabhsú. I gcinn scríbe uirbeacha idirnáisiúnta a n-éiríonn go maith leo is gá roinnt "Ceantar" turasóireachta atá ag feidhmiú go hiomlán agus a chuireann bonn ar fáil um thaiscéalaíocht cuairteora agus chun bonn eispéireas na cathrach a mhéadú. Trí thús siúlóide na cathrach a fhorbairt sa Cheantar Cultúrtha feabhsófar go mór eispéireas an Ghlasbhealaigh. Leis an bhforbairt chomhfhreagrach ar an gCeantar Cultúrtha agus na naisc um threoshuíomh cuairteoirí le Triantán na Lochlannach agus a bhonn tarraingtí (Pálás an Easpaig, Músaem na Meánaoise, Túr Raghnaill, Ardeaglais Theampall Chríost, Músaem Airgid na hÉireann, Músaem Ama na hÉireann, Músaem Tórraimh na hÉireann) méadófar an bhéim ar thurasóireacht lár na cathrach.

Beidh gá le raon leathan tionscadal chun eispéireas na cathrach a fheabhsú ó mháistirphleanáil ar Thriantán na Lochlannach go hiniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann an chathair féilte agus imeachtaí ar fáil sa todhchaí. Beidh tacaíocht ar fud an tionscail ag teastáil le haghaidh ról na cathrach mar gheilleagar oíche d'fhonn roghanna cuairteora a leathnú um thráthnóna. Beidh ról tábhachtach ag bonn cóiríochta na cathrach san fhorbairt ar shuíomh an chinn scríbe ar an margadh teaghlaigh agus beidh méadú ar líon na n-eispéireas sa lá agus is san oíche mar ghné lárnach de sin. Tá raon tionscadal sa PFCSSE Phort Láirge a mbíonn tionchar díreach acu ar fhorbairt Chathair Phort Láirge mar cheann scríbe idirnáisiúnta. Áirítear leo siúd tarraingt scála, naisc ghlasbhealaigh le Trá Mhór chun eispéireas an chuairteora uirbigh agus cósta a leathnú agus tionscadail nascóra réigiúnaigh chun forbairt a dhéanamh ar na deiseanna um nascadh le contaetha comharsanacha mar an nGlasbhealach agus EuroVelo.



## An Tionscadal a Chur i nGníomh

Seo a leanas roinnt gníomhartha/tionscadal chun Tionscadal na Nascóirí Réigiúnacha a chur i gcrích. Tá liosta iomlán na dtionscadal agus plean gníomhaíochta san áireamh i gCuid A Trí – Seachadadh.

## Impleachtaí na Turasóireachta Inbhuanaithe

**Cuairteoir** – Tarraingt Chathair Phort Láirge a neartú mar cheann scríbe do chuairteoirí idirnáisiúnta agus mar cheann scríbe do chuairteoirí Éireannacha ar feadh na bliana.

**Tionscal** – Forbairt ar acmhainn an tionscail chun forbairt a dhéanamh ar dheiseanna nua um infheistíocht sa turasóireacht agus in athghiniúint chathrach.

**Pobal** – Cuairteoirí a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar na pobail uirbeacha níos leithne i gCathair Phort Láirge agus cur le deiseanna inbhuanaithe áitiúla don fhostaíocht.

**Comhshaol** – Fáilte a chur roimh chur chuige forbartha i dtreo na turasóireachta uirbí agus an inbhuanaitheacht a chuimsiú mar dhifreálaí ó thaobh an chaoi a gcuirtear eispéiris Chathair Phort Láirge ar fáil.



| | Tionscadal | Achar Ama | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| An Ceantar Cultúrtha agus Eispéiris Chruthaitheacha | Measúnú a dhéanamh ar an deis chun infheistíocht sa Cheantar Cultúrtha a uasmhéadú chun an ceantar a fhorbairt mar lárphointe um eispéiris chultúrtha sa lá agus san oíche agus mar ionad chun cuairteoirí a threoshuíomh ar fud cheantair na cathrach agus iad nasctha trí chur chuige nua maidir le treoshuíomh cuairteoirí. Iniúchadh a dhéanamh ar na riachtanais chun moil chruthaitheacha a fhorbairt sa Cheantar Cultúrtha agus deis a thabhairt Bualadh leis na Déantóirí chun an Ceantar Cultúrtha a nascadh le tionscail chruthaitheacha atá suite faoin tuath amhail na heispéiris thumhtacha um dhéanamh gloine/criostail le leas a bhaint as ceardaíocht ghloine na cathrach. | ST-LT | CCPL | FI |
| Treoshuíomh Cuairteoirí Chathair Phort Láirge | Cur chuige comhtháite a chur i bhfeidhm i dtreo na treochomharthaíochta agus treoshuíomh cuairteoirí a nascann ceantair lárnacha na gcuairteoirí sa chathair agus a imríonn tionchar ó thaobh an sreabhadh cuairteoirí a mhéadú ar fud na cathrach. Cur chuige feabhsaithe a fhorbairt i ndáil le treoshuíomh cuairteoirí do Chathair Phort Láirge chun na criosanna lárnacha turasóireachta a nascadh mar atá Triantán na Lochlannach, an Ceantar Cultúrtha agus Lár na Cathrach, ar áit bhríomhar í. | ST-MT | CCPL | FI |
| Máistirphlean um Eispéireas Turasóireachta an Triantáin Lochlannaigh | Measúnú a dhéanamh ar na céimeanna riachtanacha chun cur leis an bhfeasacht ar Thriantán na Lochlannach mar chrios comhtháite turasóireachta i gCathair Phort Láirge trí chruthú áiteanna, beochan agus iniúchadh ar shoilse nuálacha chun eispéiris a chur ar fáil sa lá is san oíche. Plean céimnithe a chruthú agus a chur i bhfeidhm le haghaidh na gceanglas comhfhorbartha áite a ghabhann leis an Triantán Lochlannach le mothú teachta a chruthú chomh maith le níos mó feasachta ar thairiscint na Lochlannach. | ST | CCPL | FI |
| Geilleagar na hOíche | Plean geilleagair oíche a fhorbairt do Chathair Phort Láirge agus béim faoi leith curtha ar na criosanna lárnacha turasóireachta mar atá an Triantán Lochlannach, an Ceantar Cultúrtha agus lár cathrach bríomhar. Déanfar measúnú chomh maith ar an acmhainn um eispéiris téamacha Turasóireachta Dorcha i gCathair Phort Láirge agus geilleagar na hoíche a chuimsiú le Músaem Tórraimh na hÉireann. | ST-MT | FI | WAN |

# 5. FORBAIRT CÓIRÍOCHTA

## Cuspóir

Cur le méid agus le héagsúlacht na cóiríochta atá scaipthe ar fud ár gcuid ceann scríbe uirbeach agus tuaithe.

## Forléargas

Teastaíonn méadú ar líon na leapacha sa chontae i ngach ceann de na réimsí atá sainithe sa PFCSSE Phort Láirge. Is iad Cathair Phort Láirge agus Dún Garbháin na príomhphointí rochtana uirbeacha don cheann scríbe. Tá gá le leapacha breise agus le hacmhainn mhéadaithe óstán láithreach sa dá háit. Ar an gcaoi chéanna, tá an acmhainn ag roinnt príomhcheantar cósta mar Thrá Mhór agus an Dún Mór chun cur lena n-acmhainn chóiríochta. Ó thaobh bailte a bhfuil tábhacht straitéiseach ag gabháil leo amhail an Lios Mór is gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar teoranta na cóiríochta atá ag cur isteach ar fhás marthanach.

Is féidir leis an méadú ar chineálacha malartacha cóiríochta ó ghlampáil, brúnna ardchaighdeáin, agus thithe aíochta boutique go forbairtí lena ngabhann éicea-théama, aghaidh a thabhairt ar bhearnaí atá ann sa chóiríocht cinn scríbe, go háirithe in ionaid tuaithe agus chósta. Beidh sé sin bunriachtanach chun tacú le deis an chinn scríbe um ghníomhaíocht allamuigh agus forbairt cóiríochta a ailíniú le ceantair nua táirge mar Bhealach Dhéagláin agus forbairt glasbhealaí/gormbhealaí.

## An Tionscadal a Chur i nGníomh

Seo a leanas roinnt gníomhartha/tionscadal chun na Tionscadail Chóiríochta a chur i gcrích. Tá liosta iomlán na dtionscadal agus plean gníomhaíochta san áireamh i gCuid A Trí – Seachadadh.

| | Tionscadal | Achar Ama | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Straitéis Cóiríochta Phort Láirge | Forbairt a dhéanamh ar bhonn cóiríochta Phort Láirge chun freastal ar éileamh réamh-mheasta na todhchaí ar fud an chontae amach anseo lena n-áireofar íosleibhéal réamh-mheasta de leapacha thar raon de roghanna cóiríochta. | ST-LT | CCPL | FI<br>PS |

## Impleachtaí na Turasóireachta Inbhuanaithe

**Cuairteoir** – Pleananna turais spreagúla a chruthú trí bhonn táirgí feabhsaithe a mheallann sreabhadh cuairteoirí isteach i réigiún thuaidh an chontae.

**Tionscal** – Cur chuige pacáistithe nua a fhorbairt a chuimsíonn oidhreacht nádúrtha an chontae, obair i gcomhpháirtíocht le pobail an ghlasbhealaigh agus an chósta.

**Pobal** – Deiseanna a chruthú ar feadh na bliana do phobail áitiúla chun leas a bhaint as an turasóireacht sa chontae.

**Comhshaol** – An cuairteoir a mhealladh le heispéiris inbhuanaithe turasóireachta agus leis an oidhreacht nádúrtha agus na leibhéil chuí de chuir chuige a ghlacadh i dtreo bhainistíocht cuairteoirí.



# 6. TURASÓIREACHT CHÓSTA PHORT LÁIRGE

## Cuspóir

Luach na turasóireachta do phobail chósta a mhéadú trí fhorbairt inbhuanaithe ar Phort Láirge mar cheann scríbe gníomhach turasóireachta.

## Forléargas

Is gá tairiscint chomhtháite turasóireachta cósta le haghaidh Phort Láirge. Nascfar léi Ardáin Fáis bheartaithe don infheistíocht, bainfear an leas is mó as an t-ainmniúchán mar Gheopháirc Dhomhanda EOECNA don turasóireacht mhall agus déanfar measúnú ar an acmhainn chun slí cósta suntasach a chruthú. Tá go leor áiteanna beaga ina bhfuil eispéiris áitiúla agus ionaid uathúla um radharc agus thaiscéalaíocht chósta ó shiúlóidí aille go conairí cósta a ndéanfar iniúchadh orthu chun eispéireas chósta Phort Láirge a nascadh.

Cuimseoidh an deis um fhorbairt ar thurasóireacht chósta measúnú ar acmhainn bhealach cósta agus cuimseofar freisin gormbhealach cósta réigiúnach a chur ar fáil ar bhealach nuálach. Leis an gcur chuige uasmhéadófar an infheistíocht in ionaid ghníomhaíochta Ardáin Fais san Aird Mhór agus i dTrá Mhór agus féachfar chuig Trá Mhór a fhorbairt mar mhol mór gníomhaíochta cósta atá nasctha le heispéireas chathair Phort Láirge. Déanfar iniúchadh ar an deis cur leis an mbéim táirge ar ghníomhaíocht talamh-bhunaithe chun níos mó gníomhaíochta uisce a chuimsiú i nDún Garbhán agus i pobail in aice mar An Rinn. Le Geopháirc Dhomhanda EOECNA an Chósta Copair féachfar chuig fís a réadú don turasóireacht inbhuanaithe chósta agus maidir leis an gcaoi a bhfaigheann cuairteoirí rochtain ar eispéiris éicea-thurasóireachta den chéad scoth.

## An Tionscadal a Chur i nGníomh

Seo a leanas roinnt gníomhartha/tionscadal chun na tionscadail Chósta Phort Láirge a sheachadadh. Tá liosta iomlán na dtionscadal agus plean gníomhaíochta san áireamh i gCuid A Trí – Seachadadh.

| | Tionscadal | Achar Ama | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Feabhas Cósta | Oibriú chun stádas Brait Ghoirm a bhaint amach agus a choinneáil ar an oiread tránna agus is féidir i bPort Láirge chun cur le heispéireas cósta Phort Láirge. In éagmais bonneagair chuí um stádas Brait Ghoirm, oibreoidh CCCPL chun Gradaim an Chósta Ghlais a bhaint amach. | ST-LT | CCPL | |

## Impleachtaí na Turasóireachta Inbhuanaithe

**Cuairteoir** – Port Láirge a shuíomh mar cheann scríbe turasóireachta cósta chun eispéiris a sheachadadh ar feadh na bliana agus fadú an tséasúir mar thoradh air sin.

**Tionscal** – Cur leis an deis a chuirtear ar fáil trí hinfheistíocht in Ardáin Fáis agus béim ar fhorbairt an eispéiris chósta chun cuairteoirí a tharraingt ar bhonn eispéireas saibhir mara an chontae.

**Pobal** – Cuairteoirí a spreagadh chun taiscéalaíocht mhall a dhéanamh inár gcuid pobal cósta le díbhinn turasóireachta a ghiniúint ar feadh na bliana ar fud chósta Phort Láirge.

**Comhshaol** – Cur chuige den chéad scoth a fhorbairt i dtreo na bainistíochta ar an turasóireacht chósta inbhuanaithe agus an tionchar a bhíonn ag ár n-oidhreacht chósta agus mhara a aithint ó thaobh cuairteoirí a mhealladh.



## 2.3 TIONSCADAIL CHUMASAITHE CINN SCRÍBE

### North Stars/Réaltaí Thuaidh

Cuimsítear le tíreolaíocht thuaidh Phort Láirge bailiúchán mór d'eispéiris oidhreachta tógtha agus nádúrtha. D'fhéadfaí an bonn eispéireas a chur i gcomparáid le go leor ceann scríbe níos aibí ach faoi láthair ní chuirtear béim ar chuairteoirí a spreagadh chun dul thart ar na codanna den chontae nach bhfuil chomh aitheanta. Tá roinnt tionscadal aitheanta mar Réaltaí Thuaidh chun tionchar a imirt ar shreabhadh níos mó cuairteoirí i dtuaisceart an chontae. Áirítear leo siúd forbairt ar Shlí Dhéagláin chun pobail áitiúla ó cheantair chósta a nascadh agus blaiseadh d'eispéiris tuaithe agus uirbeacha uathúla amhail Lios Mór agus Cnoc Mheilearaí a thabhairt do thurasóirí. Tá acmhainn shuntasach um ghníomhaíochtaí allamuigh ag gabháil leis an gceantar timpeall Shléibhte an Chomaraigh agus na hAbhann Duibhe agus cuirfidh na gníomhaíochtaí sin go léir le forbairt ar Chonair Fionnachtana Bhealach Phort Láirge. Chun gach tionscadal a chur i gcrích is gá pleanáil chuí a dhéanamh ar bhainistíocht cuairteoirí agus iniúchadh a dhéanamh ar na gnéithe a thacóidh le forbairt na turasóireachta inbhuanaithe agus a mbeidh tionchar dearfach acu ar phobail áitiúla. Chun rath a bhaint amach san fhadtéarma, agus chun na tionscadail Réaltaí Thuaidh a chur i gcrích beidh sé riachtanach roinnt tionscadal cumasaithe a chur i ngníomh ó fhorbairt na cóiríochta go feabhas ar acmhainn agus chumais na líonraí/na mbraislí pobail tuaithe an turasóireacht áitiúil a fhorbairt.

### Tarraingtí Phort Láirge

Is mian le cuairteoirí plé le tarraingtí cuairteora ar bhealach níos eispéireasaí trí hidirghníomhú daonna, stair bheo agus tríd an teicneolaíocht a chuimsiú chun an scéal áitiúil a insint. Le Triantán na Lochlannach cuirtear raon uathúil tarraingtí ar fáil agus le Teach Phort Láirge cuirtear eispéireas ar fáil atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Fianaise é freagairt an mhargaidh don infheistíocht i mBruachaill agus na cuir chuige nua i dtreo eispéiris a sholáthar ar an rath a bhaintear amach nuair a dhéantar scéalta oidhreachta a léirmhíniú ar bhealaí nua. Cuireann sé teimpléad ar fáil ó thaobh an chaoi nach mór do tharraingtí cuairteora cuir chuige nua i dtreo sheachadadh eispéireas a chuimsiú. Tá feidhm aige sin ar an gcaoi chéanna maidir le tarraingtí faoi stiúir pobal maidir leis an gcaoi a gcuireann siad fáilte roimh bhealaí nua le heispéireas cuairteora a sholáthar ar an láthair. Tá margadh na gcuairteoirí ag athrú sa mhéid go n-éilítear bealaí nua leis an scéal cultúrtha agus oidhreachta a insint agus ní mór do tharraingtí freagairt dá réir. Ní mór go mbeadh an bhéim ó thaobh tarraingtí cuairteora stiúrtha ag eispéiris agus ní mór go ndíreofaí ar thosaíocht a thabhairt d'aon chuir chuige tráchtála agus oibriúcháin nua sula gcuirtear béim ar bith ar infheistíocht chaipitiúil mhór.

### Taste Waterford/Blas Phort Láirge

Tá an bia tagtha chun bheith ina ghné lárnach de scéal Phort Láirge mar cheann scríbe saoire. Tá líonra bia agus deochanna forbartha chun sraith d'eispéiris tumthacha bhia agus deochanna a chur ar fáil don chuairteoir le bualadh le seaimpíní áitiúla bia. Leis an mbéim ar an tuath agus an gcósta i PFCSSE Phort Láirge tugtar deiseanna nua an bia agus an deoch a chuimsiú mar eispéireas tacaíochta. Gabhann acmhainn um fhorbairt láithreach leis an bhforbairt ar eispéiris nua um tháirgeoirí bia ceardaí agus Bualadh leis an Déantóir. Beidh an t-ailíniú le líonraí/braislí tuaithe reatha tábhachtach chun bealaí nua a spreagadh le heispéiris a phacáistiú agus pleananna turais a fhorbairt agus iad nasctha leis an téama bia agus deochanna.

Beidh ról tábhachtach ag an méadú ar an líonra bia agus deochanna ar fud an chinn scríbe ó thaobh bonn na n-eispéireas tuaithe agus cósta a fhorbairt. Trí chur le rath na bhféilte bia áitiúla tarraingeofar aird ar an raon d'eispéiris bhia agus deochanna ar fud Phort Láirge. Cuirfidh acmhainn na n-imeachtaí sin chun taiscéalaíocht níos leithne a spreagadh sa cheann scríbe trí heispéiris Bualadh leis an Déantóir le tionchair na n-imeachtaí sin ó thaobh na hoidhreachta fadtéarmaí de. Ba cheart tosaíocht a thabhairt ó thaobh cinn scríbe do mhéadú ar an mbia áitiúil atá ar bhiachláir áitiúla agus freisin do thuras bia Phort Láirge a nascadh le geilleagar na hoíche trí tháirgeoirí áitiúla a chur san áireamh ar bhiachláir áitiúla.

## Ceann Scríbe Teaghlaigh

Tá ceangal fadtéarmach ag Port Láirge mar cheann scríbe teaghlaigh leis an margadh Éireannach. Tá an meascán de tháirgí ó tharraingtí, ghníomhaíochtaí cósta agus rath Ghlasbhealach Port Láirge ríthábhachtach don suíomh margaidh sin. Teastaíonn anois cur chuige athbheoite faoi stiúir an tionscail i dtreo deis an mhargaidh teaghlaigh a fhorbairt. Leis an mbéim ar fhorbairt táirgí ar fud an chontae cuirtear ardán ar fáil láithreach chun cur leis an gceangal mar cheann scríbe teaghlaigh. Is gá cur chuige comhtháite ag an tionscal trí phacáistiú agus trí fhorbairt eispéireas atá dírithe ar an sciar den mhargadh teaghlaigh a mhéadú. Ní mor do mhoil uirbeacha cóiríochta a réimse béime a leathnú níos faide ná geilleagar an lae agus na roghanna oíche do theaghlaigh a leathnú.

## Féilte agus Imeachtaí

Reáchtáiltear go leor féilte agus imeachtaí i gCathair Phort Láirge a bhfuil clú agus cáil orthu go náisiúnta agus atá beoite ag pobal bríomhar ealaíon agus cultúrtha. Tá an phróifíl sin d'imeachtaí náisiúnta forbartha sa mhéid is go bhfuil Port Láirge ina cheannaire anois ó thaobh roinnt imeachtaí suntasacha a fhorbairt sa séasúr buaice agus sa séasúr seachbhuaice. Tá deiseanna breise ann chun an sceideal seachbhuaice a fhorbairt i ndáil le gníomhaíochtaí Shean-Oirthear na hÉireann mar Samhain/Oíche Shamhna/Nollaig agus chun forbairt a dhéanamh mar cheann scríbe allamuigh is gá imeachtaí gaolmhara chun oidhreacht nádúrtha éagsúil an chontae a thaispeáint. Ba cheart do Phort Láirge féachaint chuig cur leis an acmhainn úinéireachta um thréimhsí seachbhuaice trí chur chuige straitéiseach a ghlacadh i dtreo fhorbairt imeachtaí lena nascfar an chathair agus an contae. Le tagarmharcáil ar chinn scríbe uirbeacha idirnáisiúnta neartaítear an gá le clár ardchaighdeán imeachtaí i gcinn scríbe rathúla. Ní mór go mbeadh eispéireas uirbeach Phort Láirge beoite le clár saibhir imeachtaí cultúrtha agus féilte. Ní mór an infheistíocht sa Cheantar Cultúrtha a mheaitseáil le himeacht nó féile chomhfhreagrach chun feasacht an mhargaidh ar an tairiscint chultúrtha nua a chothú agus a mhéadú. Leis an gcur chuige straitéiseach beidh gá le machnamh ar imeachtaí scála tosaíochta agus iad forlíonta ag gníomhaíocht ar fud an chontae a thaispeánann téamaí agus deiseanna lárnacha cinn scríbe e.g. an saol allamuigh agus gníomhaíocht, cultúr agus teaghlach, cultúr tuaithe.

## Port Láirge Amuigh Faoin Aer

Le hacmhainn Phort Láirge um thaitneamhachtaí allamuigh is féidir eispéiris ar scála idirnáisiúnta a chruthú trína nascacht, a chumas tacú le forbairt líonraí/ braislí agus a acmhainn um nuáil eispéireas. Tá forbairtí Glasbhealaigh tagtha chun bheith ina gcuid lárnach de scéal Phort Láirge mar cheann scríbe. Leis an méadú ar ghlasbhealaí, na naisc le contaetha a bhfuil teorainn acu le chéile i dteannta le moil don turasóireacht chósta tugtar deis do Phort Láirge an contae a fhorbairt mar cheann scríbe na hÉireann um ghníomhaíocht allamuigh. Trí theachtaireacht chomhtháite i ndáil leis an gceann scríbe a sheachadadh chun aird a tharraingt ar chaighdeán an eispéiris allamuigh meaitseálfar an infheistíocht leanúnach sa neartú ar shócmhainní gníomhaíochta allamuigh ar fud Phort Láirge.

## Gníomhú ar son na hAeráide/ Turasóireacht Inbhuanaithe

Beidh gealltanas an chinn scríbe chun spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide a chomhlíonadh ina fhachtóir lárnach maidir leis an gcaoi a ndéantar eispéireas cuairteora Phort Láirge a sheachadadh. Beidh an mian cur le dintiúir an chontae i ndáil leis an turasóireacht inbhuanaithe le feiceáil go soiléir sa chaoi a gcuirtear Port Láirge i láthair mar cheann scríbe tuaithe, cósta agus uirbeach. Beidh gá le rannpháirtíocht choiteann chun lorg charbóin an chinn scríbe a laghdú lena dtógfar le chéile ár gcuid pobal áitiúil, ár gcuid gníomhaireachtaí agus tionscal na turasóireachta chun oibriú ar thionscnaimh ar fud an chontae.

## 2.4 PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Is é cuspóir uileghabhálach an PFCSE do Phort Láirge ná téarnamh na hearnála turasóireachta a bhaint amach agus méadú inbhuanaithe a dhéanamh ar thairbhe eacnamaíoch na turasóireachta ar fud an chontae. Leagtar béim sa phlean ar fhorbairt ceann scríbe chun gach páirtí leasmhar a ailíniú le fís chomhaontaithe trí chonair cúig bliana a ghlacadh.

Bunófar PTFanna sonracha agus déanfar monatóireacht orthu ar feadh shaolré an phlean. Déanfar tionchar an PFCSE do Phort Láirge a thomhas trí mhonatóireacht a dhéanamh ar phríomh-mhéadrachtaí a scrúdaíonn forbairt tráchtála na turasóireachta ar fud an cheantair.

Déanfar rathúlacht a thomhas bunaithe ar shamhail VICE (Cuairteoirí, Tionscal, Comhphobal, Timpeallacht) don turasóireacht inbhuanaithe, lena n-áireofar anailís ar na réimsí seo a leanas le linn PFCSE Phort Láirge.

1. Cuairteoir - Coinníollacha ó thaobh an éilimh de
2. Tionscal - Coinníollacha ó thaobh an tsoláthair de
3. Pobal
4. An Comhshaol

### Cuairteoir

1. Iostas oíche a mhéadú ar fud Phort Láirge bliain ar bhliain chun dul thar an meán réigiúnach ó bhliain a trí de chur chun feidhme an PFCSE Phort Láirge.
2. Méadú ar líon na gcuairteoirí le linn an tséasúir chiúin.
3. Tosaíocht a thabhairt ar luach na gcuairteoirí a théann go Port Láirge seachas líon na gcuairteoirí.
4. Rátálacha sástachta na gcuairteoirí a mhéadú.

### Tionscal


5. Táirgí indíolta a mhéadú (cúig eispéireas indíolta nua nó feabhsaithe in aghaidh na bliana) agus plean dáileacháin saincheaptha don cheann scríbe.
6. Cuir le fad an tséasúir: Iarrachtaí a chur chun cinn chun cur le fad an tséasúir agus uaireanta oscailte bliantúla a mhéadú ar fud an chinn scríbe.
7. Méadú ar líon na n-eispéiris indíolta trí líonraí/bhraislí táirgí nasctha leis an gcur chuige spásúil agus cumas na mol cinn scríbe a neartú chun cuairteoirí a mhealladh agus a choinneáil sa cheann scríbe ar feadh tréimhse ama níos faide.

### Pobal

8. Tionchar na turasóireachta ar phobail áitiúla a fheabhsú trí Thionscadal Treoshuíomh Phort Láirge, conairí, agus na tionscadail Glasbhealaí agus Gormbhealaí.
9. Líonra eispéiris pobail bharántúla a bhunú a nascann ceantair thuaithe trí fhorbairt braisle.
10. Cumas thionscal na turasóireachta agus an phobail áitiúil a neartú chun an deis a sholáthraíonn PFCSE Phort Láirge a uasmhéadú.

### Comhshaoil

11. Bainfear úsáid as Clár Faireacháin Comhshaoil MSC a forbraíodh mar chuid den phróiseas MSC (arna mhacasamhlú in Aguisín 1 den tuarascáil seo) chun faireachán a dhéanamh ar na héifeachtaí suntasacha comhshaoil a ghabhann le chur i bhfeidhm an phlean seo.
12. Aitheantas a fhorbairt mar cheann scríbe turasóireachta inbhuanaithe, arna ndifreáil de réir na deiseanna do chuairteoirí a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí turasóireachta atá mall agus freagrach.





IRELAND'S ANCIENT EAST®

Fáilte Ireland

# CUID 3

## Plean Phort Láirge um Fhorbairt Ceann Scríbe Saoire agus Eispéireas

## SEACHADADH

## 3.1 PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA PFCSSE PHORT LÁIRGE

Tá cur i bhfeidhm an PFCSSE Phort Láirge bunaithe ar thiomantas na bpáirtithe leasmhara do sheachadadh tionscadail. Imlíníonn sé plean cúig bliana atá dírithe ar fhorbairt Phort Láirge mar cheann scríbe. Neartaíonn sé na pleananna tionscadail atá ann cheana féin, ag comhtháthú gach gníomhaíocht ghaolmhar le haghaidh sraith aschuir chomhordaithe. Áirítear leis sin tionscadail atá á gcur i bhfeidhm, tionscadail atá le feiceáil sna pleananna atá ann cheana féin agus coincheapa nua chun cumas an chinn scríbe a fhorbairt chun eispéireas nua cuairteoirí a fhorbairt.

Tá liosta de ghníomhaíochtaí a bhaineann le gach tionscadal atá beartaithe ceaptha. Rachfar i gcomhairle le gach páirtí leasmhar maidir le seachadadh na ngníomhartha shainaitheanta. Beidh sé de chúram ar gach páirtí leasmhar a liostaítear thíos gníomhartha a chur i gcrích. Cabhróidh sé sin leis an bplean a mhúnlú agus ar deireadh cinnteoidh sé go n-éireoidh leis an tionscadal sna cúig bliana amach romhainn.

Déanfar maoirseacht ar chur i bhfeidhm an phlean trí fhoireann feidhmiúcháin a chruthú a fheidhmeoidh go dtí 2030. Tá sé de chúram ar fhoireann feidhmiúcháin PFCSSE Phort Láirge tacú leis na cuspóirí seo a leanas:

- Tacaíocht a thabhairt do sheachadadh PFCSSE Phort Láirge.
- Fás a chur chun cinn i gcomhréir leis na PFTanna comhaontaithe sa phlean gníomhaíochta.
- An plean gníomhaíochta a threorú agus a bhainistiú, ag cinntiú ailíniú maidir le tosaíochtaí agus cur i gcrích na bpríomhthionscadal.
- Comhlacht ionadaíoch ar fud an cheantair a bhunú a chinnteoidh go bhfuil meicníocht i bhfeidhm le haghaidh cumarsáide sa dá threo idir an fhoireann feidhmiúcháin agus aon fhoghrúpaí a d'fhéadfaí a bhunú.
- A chinntiú go bhfuil an catalaíoch ceann scríbe agus na tionscadail chumasúcháin ag teacht le seachadadh na n-eispéireas atá leagtha amach sa phlean agus go gcuirtear i gcrích iad laistigh den fhráma ama cúig bliana.
- Cuir spás ar fáil inar féidir le páirtithe leasmhara smaointe nua a roinnt le comhpháirtithe.
- Glór turasóireachta aontaithe agus gréasán turasóireachta cumhachtach a chruthú a chuireann leasanna a chéile chun cinn.

Déanfaidh foireann feidhmiúcháin PFCSE Phort Láirge ionadaíocht ar phríomhpháirtithe leasmhara agus ionadaithe ón gceantar. Beidh cathaoirleach neamhspleách ina chathaoirleach air agus beidh sé ar a chumas an grúpa a dhíriú ar na gníomhartha a theastaíonn chun PFCSSE Phort Láirge a chur i bhfeidhm.

### Tábla Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| **Comhlachais** | Comhlachais – Grúpaí Ionadaíocha Gnó |
| **BOO** | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| **FI** | Fáilte Ireland |
| **IL** | Coimisinéirí Soilse na hÉireann |
| **KKCC** | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| **LCG** | Grúpaí Pobail Áitiúla |
| **LDA** | Gníomhaireachtaí Forbartha Áitiúla |
| **LEADER** | Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge |
| **OFÁ** | Oifig Fiontair Áitiúil |
| **LTN** | Líonra Turasóireachta Áitiúil |
| **MI** | Sléibhteoireacht Éireann |
| **MMC** | Pobal Manach Cistéirseach Chnoc Mheilearaí |
| **MV** | Munster Values |
| **SPNF** | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| **OOP** | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| **PF** | An Bhratach Chorcra |
| **PS** | An Earnáil Phríobháideach |
| **RLA** | Údaráis Áitiúla Réigiúnacha |
| **SETU** | Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt |
| **TII** | Bonneagar Iompair Éireann |
| **TW** | Taste Waterford/Blas Phort Láirge |
| **UnG** | Údarás na Gaeltachta |
| **VW** | Tabhair Cuairt ar Phort Láirge |
| **CCPL** | Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge |
| **CCCM** | Comhairle Contae Chill Mhantáin |
| **WLP** | Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge |
| **WSP** | Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge |
| **WT** | Seoda Phort Láirge |
| **CCLG** | Comhairle Contae Loch Garman |

## 3.2 PRIONSABAIL TREORACH

Chun a chinntiú go gcuirfear eispéiris PFCSSE Phort Láirge i gcrích go rathúil agus go gcruthófar féiniúlacht áitiúil láidir, socraíodh na treoirphrionsabail seo a leanas chun moltaí agus tionscadail shonracha a leagtar amach sa chuid seo a threorú.

- Tá gach tionscadal féinchothabhálach, rud a chiallaíonn go bhfuil rochtain acu ar chaipiteal agus nach mbraitheann siad go hiomlán ar mhaoiniú deontais le haghaidh forbartha nó cothabhála.
- Tá gach tionscadal ag teacht le heispéiris PFCSSE Phort Láirge agus tá siad ailínithe le misean uileghabhálach thairiscint Sean-Oirthear na hÉireann agus an branda réigiúnach.
- Tá sé mar aidhm ag gach tionscadal an ceantar a idirdhealú óna chuid iomaitheoirí, ag cur go gníomhach le cruthú féiniúlachta sainiúil le hatmaisféar uathúil, agus ag an am céanna ag cinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais na gcuairteoirí i rith an lae agus an oíche.
- Feabhsaíonn gach tionscadal an ceantar agus cruthaíonn siad nasc soiléir intomhaiste chun chur le fad a fhanann cuairteoirí agus an séasúr turasóireachta nó margadh nua a fhorbairt.
- Tá prionsabail na forbartha turasóireachta freagrach agus inbhuanaithe fite fuaite i ngach gníomh, ag cruthú áiteanna cónaithe níos fearr agus áiteanna le cuairt a thabhairt orthu.
- Léireoidh gach páirtí leasmhar toilteanas láidir agus marthanach oibriú mar líonra comhoibríoch.

### AMLÍNE NA nGNÍOMHAÍOCHTAÍ LAISTIGH DEN PFCSSE

| GEARRTHÉARMACH | MEÁNTÉARMACH | FADTÉARMACH |
|---|---|---|
| Bliain 1 | Blianta 2-4 | Blianta 5-6 |
| 2025 | 2026-2028 | 2029-2030 |



## TIONSCADAL CATALAÍOCH 1: Tarraingt Scála

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| TARRAINGT SCÁLA | Tarraingt Scála do chuairteoirí a fhorbairt don taobh thuaidh den abhainn agus laistigh de nó i gcóngaracht Chéanna Thuaidh Chathair Phort Láirge le bheith ina thionscadal bunathraithe do thurasóireacht inbhuanaithe ar fud Réigiún an Oirdheisceart de réir Scéim Phleanála NQ SDZ agus MSC, NIS agus SFRA gaolmhar. | ST | CCPL | FI, PS |

## TIONSCADAL CATALAÍOCH 2: Tionscadal Treoshuímh PHORT LÁIRGE - ANAILÍS

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Tionscadal Treoshuímh PHORT LÁIRGE – ANAILÍS | Anailís a dhéanamh ar na riachtanais chun cur chuige treoshuímh a fhorbairt ar fud Chontae Phort Láirge lena nascfar príomhionaid oidhreachta nádúrtha agus gníomhaíochtaí allamuigh. Déanfar iniúchadh ar conas tionchar a imirt ar an sreabhadh cuairteoirí idir pobail dheisceart agus thuaisceart Phort Láirge trí eispéiris spreagúla allamuigh a fhorbairt a chuirfidh leis an mbonneagar reatha amhail eispéiris chósta, glasbhealaí, gormbhealaí agus conairí siúil agus acmhainní allamuigh a fheabhsú chun bealach treoshuímh loighciúil a chruthú. | 2024-2025 | CCPL | FI, LCG |

## TIONSCADAL CATALAÍOCH 3: Comhoibriú Tionscail - Líonraí/Cnuasaigh Turasóireachta

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| TIONSCADAL COMHCHOITE-ANN NA TU-RASÓIREACH-TA – Forbairt Líonraí/Braislí | Forbairt a dhéanamh ar na struchtúir agus na líonraí chun cur chuige contae-uile a chruthú le méadú a dhéanamh as lámh a chéile ar an turasóireacht, ar raon agus éagsúlacht na n-eispéireas, agus bealaí nua le hoibriú le chéile chun ionad turasóireachta inbhuanaithe a fhorbairt. Cabhrú le riachtanais forbartha cumais cúig líonra/cnuasach cinn scríbe tuaithe (Inbhear Phort Láirge, Cósta an Chopair, Ardtailte an Chomaraigh, Gaeltacht na Déise, agus Gleann na hAbhann Duibhe) lena n-iarrachtaí forbartha taithí a ailíniú leis na deiseanna a aithníodh i PFCSSE Phort Láirge. Áireofar leis sin clár tacaíochta a sheachadadh chun cruthú eispéiris turasóireachta pobail den chéad scoth a chothú agus moil turasóireachta bríomhar pobail a fhorbairt, a thacóidh le cruthú conairí agus Bealaí Phort Láirge. | 2024-2026 | FI, CCPL | PS, OFÁ, LTN, LCG, VW, LEADER |

## TIONSCADAL CATALAÍOCH 3: Comhoibriú Tionscail - Líonraí/Cnuasaigh Turasóireachta

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Tionscal Comhchoiteann na Turasóireachta a chur chun cinn trí Tabhair Cuairt ar Phort Láirge | Pobal páirtithe leasmhara turasóireachta a chothú a rannchuidíonn le chéile le forbairt agus cur chun cinn Phort Láirge mar cheann scríbe turasóireachta domhanda.<br>Plean bliantúil bolscaireachta agus feachtais mhargaíochta a fhorbairt agus a sheachadadh atá ar aon dul le pobal na bpáirtithe leasmhara atá ag dul i méid agus le straitéisí margaíochta FI/TI. | 2025-2029 | VW | CCCPL/FI |
| Digiteach a Sheachadann – Cumas Tionscail a Fhorbairt | Measúnú a dhéanamh ar chumais dhigiteacha an tionscail turasóireachta áitiúil le tacaíocht ó chlár oiliúna scileanna digiteacha a sheachadadh faoi Digiteach a Sheachadann. | 2024-2026 | FI | OFÁ |
| Comh-pháirtíochtaí Oiliúna | Athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar riachtanais forbartha acmhainne do thionscal na turasóireachta le gach gníomhaireacht oiliúna ábhartha, ag cinntiú go bhfuil infheistíochtaí oiliúna ag teacht leis an PFCSSE Phort Láirge, le forbairt braisle, agus le comhpháirtíochtaí tionscail. | 2024-2026 | FI | BOO, SETU, OFÁ, LEADER, VW, MV |
| Conairí Eispéiris Réigiúnacha / Forbairt Líonraí/Braislí | Cur chuige forbartha líonraí/braislí a ghlacadh chun líonraí táirgí a bhunú a mbeidh an cumas acu comhoibriú, naisc réigiúnacha a chothú, agus bealaí nuálacha a chruthú chun tionchar a imirt ar shreabhadh cuairteoirí idir Port Láirge, Loch Garman, Cill Chainnigh agus Tiobraid Árann. Is éard a bheidh i gceist leis sin ná Scéalta Bia an Oirdheiscirt a leathnú chun Conair Bhia Réigiúnach a aithnítear go hidirnáisiúnta a bhunú, chomh maith le deiseanna nua líonra/braisle a fhiosrú, ar nós líonra taithí Ceardaithe an Oirdheiscirt. Thairgfeadh an líonra sin cur chuige ó thaithí "Buail leis an Cruthaitheoir", a thabharfadh cuairteoirí isteach ar eispéiris éagsúla táirgeoirí ceardaithe uirbeacha agus tuaithe. | 2025 | FI | LEADER, PS, TW, OFÁ, CCCPL, MV |
| Eispéiris Chultúrtha na Gaeltachta | Measúnú a dhéanamh ar na riachtanais atá ann maidir le heispéiris shainiúla Ghaeltachta a fhorbairt sa Rinn agus sa Sean Phobal, ag cruthú eispéiris ar leith do chuairteoirí trí Ghaeilge atá comhtháite leis an oidhreacht áitiúil agus le tairiscintí gníomhaíochta. Iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht chun cur le gníomhaíochtaí amuigh faoin aer sa Ghaeltacht trí fhiontar sóisialta a bhunú chun bearnaí sa táirge áitiúil agus san eispéiris a líonadh. Scrúdú a dhéanamh ar Chláir Eispéireas na dTuismitheoirí agus Teaghlaigh a fhorbairt i gcomhar le Coláiste na Rinne agus Comhlucht Forbartha na nDéise. | 2025 | UnG | LCG, FI |

## TIONSCADAL CATALAÍOCH 3: Comhoibriú Tionscail - Líonraí/Cnuasaigh Turasóireachta

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Líonra na dTithe agus na nGairdíní Móra | Clár forbartha eispéiris a chruthú do líonra úinéirí na dTithe Móra chun an raon eispéiris indíolta a leathnú ó cheann ceann na bliana, ag baint leasa as deis geilleagair an lae agus na hoíche. Áireoidh sé sin freisin measúnú a dhéanamh ar dheiseanna, ar nós Bruachaill, chun feidhmiú mar mhol treoshuímh a mbíonn tionchar aige ar shreabhadh cuairteoirí chuig eispéiris Tithe agus Gairdíní Móra eile ar fud Phort Láirge agus an réigiúin mórthimpeall air. | 2025 | PS, CCCPL | FI |
| Forbairt Líonraí/ Braislí ar Inbhear Phort Láirge | Trí oiliúint spriocdhírithe, tabhair cumhacht do phobail an inbhear uisce deiseanna a aithint agus a mheas chun eispéiris oidhreachta iascaireachta Phort Láirge a fhorbairt, ag nascadh rochtain ar ghníomhaíochtaí agus ar chultúr chun scéal pobail agus bia ar leith a insint. | 2025-2026 | LEADER | LCG, CCCPL |
| Ceapach Choinn | Déan measúnú ar na riachtanais chun acmhainn Cheapach Choinn a fhorbairt chun fás mar mhol áineasa amuigh faoin aer. | 2025 | CCPL | LEADER |
| Coill Mhic Thomáisín | Cleachtadh scóipe láithreáin a dhéanamh chun féidearthacht Theach na mBocht i gCoill Mhic Thomáisín mar cheann scríbe turasóireachta a fhiosrú. | 2025 | PS | CCPL |
| Port Lách | Measúnú a dhéanamh ar úsáid an tsuímh Tannery sa todhchaí mar suíomh áineasa tuaithe féideartha, ag comhlánú feabhsuithe leanúnacha agus forbairt eispéiris gníomhaíochtaí amuigh faoin aer nua, ar nós an chanáil a nascadh leis an Tannery. | 2026 | PS | CCPL |

## TIONSCADAL CATALAÍOCH 4: Eispéireas Cathrach Phort Láirge

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| TIONSCAL COMH-CHOITEANN NA TU-RASÓIREACH-TA – Forbairt Líonraí/Braislí | Measúnú a dhéanamh ar an deis atá ag an gCeathrú Cultúrtha forbairt mar lárionad d'eispéiris chultúrtha i rith an lae agus oíche, ag feidhmiú mar phointe fócasach chun cuairteoirí a dhíriú ar fud cheathrú na cathrach, nasctha trí chur chuige nua treoshuímh cuairteoirí. | 2024-2026 | CCPL | FI |
| | Iniúchadh a dhéanamh ar na riachtanais chun moil chruthaitheacha a fhorbairt sa Cheantar Cultúrtha agus deis a thabhairt Bualadh leis na Déantóirí chun an Ceantar Cultúrtha a nascadh le tionscail chruthaitheacha atá suite faoin tuath amhail na heispéiris thumhtacha um dhéanamh gloine/criostail le leas a bhaint as ceardaíocht ghloine na cathrach. | | | |
| | Ceathrú Cultúrtha Phort Láirge a fhorbairt mar an ceantar uirbeach cruthaitheach is beoga, is nuálaí in Éirinn. Tacú le forbairt na bpríomhthionscadal chun eispéireas na Ceathrún Cultúrtha asheachadadh don phobal áitiúil agus do chuairteoirí lena n-áirítear iad seo a leanas: | | | |
| | Sráid Uí Chonaill: spás comhroinnte agus fearann poiblí a fhorbairt. | | | |
| | Cearnóg Thúr na Trá: forbairt an spáis phoiblí. | | | |
| | Mair, Obair and Imir fócas ilchuspóireach do 11 fhoirgneamh/spás chun an Ceathrú Chultúrtha a bheochan: Measúnú a dhéanamh ar chumas turasóireachta na 11 fhoirgneamh/spás laistigh den Cheathrú Chultúrtha, arb ionann iad agus príomhláithreáin deise le comhtháthú le hinfheistíochtaí sa réimse poiblí. | | | |
| | Sráid nua ag Lána Sheinicín. | | | |
| | Bealach isteach an Phláis agus bealach isteach go dtí Glasbhealach Phort Láirge. | | | |

## TIONSCADAL CATALAÍOCH 4: Eispéireas Cathrach Phort Láirge

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Treoshuíomh Cuairteoirí Chathair Phort Láirge | Cur chuige comhtháite a chur i bhfeidhm i dtreo na treochomharthaíochta agus treoshuíomh cuairteoirí a nascann ceantair lárnacha na gcuairteoirí sa chathair agus a imríonn tionchar ó thaobh an sreabhadh cuairteoirí a mhéadú ar fud na cathrach. Cur chuige feabhsaithe a fhorbairt maidir le treoshuíomh cuairteoirí do Chathair Phort Láirge chun príomhchriosanna turasóireachta an Triantáin Lochlannach, na Ceathrún Cultúrtha, na gCéanna Thuaidh agus Lár na Cathrach bríomhar a nascadh. | 2025-2026 | CCPL | FI |
| Máistirphlean um Eispéireas Turasóireachta an Triantáin Lochlannaigh | Measúnú a dhéanamh ar na riachtanais chun feasacht ar an Triantán Lochlannach mar chrios turasóireachta comhleanúnach laistigh de Chathair Phort Láirge a mhéadú trí comhfhorbairt áite a dhéanamh, beochan agus scrúdú a dhéanamh ar shoilsiú nuálaíoch chun eispéireas lae agus oíche a sheachadadh. Plean céimnithe a chruthú agus a chur i bhfeidhm le haghaidh na gceanglas comhfhorbartha áite a ghabhann leis an Triantán Lochlannach le mothú teachta a chruthú chomh maith le níos mó feasachta ar thairiscint na Lochlannach. | 2025-2027 | CCPL | FI |
| | Iniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal do spás buan feidhmíochta i gcroílár na Triantáin Lochlannach chun scála agus éagsúlacht gníomhaíochtaí geilleagair na hoíche a leathnú. | | | |
| | Scrúdaigh an deis eispéiris fheabhsaithe Mhainistir a fhorbairt leis an OOP chun cur le heispéireas foriomlán Triantán na Lochlannach. | | | |
| | Scrúdú a dhéanamh ar na riachtanais chun rannpháirtíocht na Cathrach leis an nGlasbhealach a fheabhsú chun ceann conaire cultúir a chruthú agus naisc chinn conaire a chuimsiú le téama Turas na Lochlannach agus an Cheathrú Chultúrtha a nascadh leis an Triantán Lochlannach. | | | |
| Geilleagar na hOíche | Plean geilleagair oíche a fhorbairt do Chathair Phort Láirge agus béim faoi leith curtha ar na criosanna lárnacha turasóireachta mar atá an Triantán Lochlannach, an Ceantar Cultúrtha agus lár cathrach bríomhar. Déanfaidh sé iniúchadh freisin ar an acmhainneacht le haghaidh eispéiris turasóireachta dorcha i gCathair Phort Láirge, ag comhcheangal geilleagair na hoíche le Músaem an Tórraimh. | 2025-2026 | CCPL | WAN, FI, PF |

## TIONSCADAL CATALAÍOCH 4: Eispéireas Cathrach Phort Láirge

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Beocht Uirbeach | Iniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal chun beocht uirbeach, comhfhorbairt áite, agus spásanna itheacháin faoin aer a chomhtháthú ar fud na cathrach chun geilleagar oíche Phort Láirge a fheabhsú trí imeachtaí oíche agus eispéiris oíche do chuairteoirí a fhorbairt. | 2024 | CCPL | FI, PF |
| Turasóireacht Miondíola | An poitéinseal d'fhorbairt miondíola inár n-ionaid uirbeacha a mheas mar chuid lárnach den eispéireas turasóireachta foriomlán, ag baint úsáide as Cathair Phort Láirge agus Dún Garbhán mar shuíomhanna píolótacha don chlár. | 2025 | Com-hlachais | CCPL |
| Cathair Ollscoile | An acmhainn fáis i margadh MICE (Cruinnithe, Dreasachtaí, Comhdhálacha, agus Taispeántais) a mheas trí chomhdhálacha agus imeachtaí atá nasctha leis an ollscoil a mhealladh, agus cláir agus eispéiris imeachtaí gaolmhara a fhorbairt chun Port Láirge a chur chun cinn i measc na dtoscairí. | 2025-2027 | SETU | CCPL |
| Aerfort Phort Láirge | Feabhas a chur ar chumas Aerfort Phort Láirge níos mó cuairteoirí isteach a mhealladh agus tacú le tairiscint táirgí a fhorbairt a thaitníonn le ceannaitheoirí idirnáisiúnta. | 2024-2026 | PS | LTN |
| Céanna Theas Phort Láirge | Féachaint le fís nua a fhorbairt do na Céanna Theas i gCathair Phort Láirge, ag díriú ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn an chathair, an pobal, agus cuairteoirí le hAbhainn na Siúire mar ghné lárnach d'eispéireas Chathair Phort Láirge, agus conas a nascfaidh sí le gníomhaíochtaí forbartha amach anseo ar na Céanna Thuaidh. | 2026 | CCPL | |
| Ballaí Cathrach Phort Láirge | Tionscadal Ballaí Cathrach Phort Láirge a ghiaráil chun éagsúlacht spásanna uirbeacha nua a chruthú le haghaidh imeachtaí léirithe agus cultúrtha, agus ag an am céanna feidhmiú mar bhealach chun cuairteoirí a threorú ar fud na cathrach. Na chéad chéimeanna eile de thionscadal Bhallaí na Cathrach a dhéanamh, ag fiosrú deiseanna chun Ballaí na Cathrach a chomhtháthú go cruthaitheach le heispéireas cuairteoirí Chathair Phort Láirge. Scrúdú a dhéanamh ar chumas na soilsithe agus na teilgin solais ar bhallaí agus ar chéanna na cathrach amach anseo chun deiseanna nua comhfhorbairt áite a ionchorprú chun nascadh le téama na hoidhreachta déanamh criostail agus gloine sa chathair. | 2025 | CCPL | |

## TIONSCADAL CATALAÍOCH 5: Forbairt Cóiríochta

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Straitéis Cóiríochta Phort Láirge | An bonn iostais i bPort Láirge a leathnú chun freastal ar an éileamh a mheastar a bheidh ann amach anseo ar fud an chontae, ag cinntiú go mbeidh ísoslíon seomraí thar roghanna iostais éagsúla. Áireofar leis sin; | 2024-2026 | CCCPL, PS | LEADER |
| | Glampáil: Fiosraigh an poitéinseal chun roghanna lóistín amuigh faoin aer a mhéadú i gceantair thuaithe agus chósta Chontae Phort Láirge trí láithreacha faoin aer atá ann cheana féin a leathnú, lóistín ar an bhfeirm a leathnú, agus láithreán úrnua a fhorbairt. | | | |
| | Brú: déan measúnú ar an bhféidearthacht brú turasóireachta ar leith a chruthú i gCathair Phort Láirge trí úsáid a bhaint as seanmhaoin thréigthe nó aon suíomhanna deiseanna oiriúnacha eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn. | | | |
| | Tacú le forbairt an tsoláthair breise de sheomraí óstáin i gCathair Phort Láirge, sa Trá Mhór agus i nDún Garbháin. | | | |
| | Tacú le feabhsú cháilíocht na cóiríochta óstáin trí infheistíocht agus athshuíomh roinnt óstán reatha ó ghrádú 3 réalta go 4 réalta. | | | |
| | Lóistín sheirbhísithe eile (L&Banna, tithe lóistín nó tithe stairiúla) - scrúdaigh an deis chun L&B nó tithe lóistín uasghrádaithe nó trí réalta a fheabhsú trí athchóiriú nó athshuíomh. | | | |
| Iostas Dhún Mór | Bonn iostais Phort Láirge a fhorbairt agus a bhainistiú go hinbhuanaithe chun freastal ar an éileamh atá tuartha amach anseo ar fud an chontae chun íosleibhéal réamh-mheasta eochair a áireamh thar raon roghanna iostais. | 2025 | PS | |

## TIONSCADAL CATALAÍOCH 6: Turasóireacht Chósta Phort Láirge

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Infheistíocht in Ardáin le haghaidh Fáis | Fiosraigh conas is féidir leis an infheistíocht ionad gníomhaíochta Ardáin le haghaidh Fáis sa Trá Mhór agus san Aird Mhór a fhorbairt ina moil le haghaidh gníomhaíochtaí Ghormbhealaigh cois cósta agus mar ionad sármhaitheasa don turasóireacht chósta. An Trá Mhór a fhorbairt mar phríomh-cheann scríbe surfála Shean-Oirthear na hÉireann. | 2025-2026 | FI | CCCPL, PS |
| Feabhas Cósta | Oibriú chun stádas Brait Ghoirm a bhaint amach agus a choinneáil ar an oiread tránna agus is féidir i bPort Láirge chun cur le heispéireas cósta Phort Láirge. In éagmais bonneagair chuí um stádas Brait Ghoirm, oibreoidh CCCPL chun Gradaim an Chósta Ghlais a bhaint amach. | 2025-2027 | CCPL | LCG |
| Gormbhealach Cois Cósta | Measúnú féidearthachta a dhéanamh ar na riachtanais chun eispéireas turasóireachta chósta Phort Láirge a fhorbairt a nascann an Cósta Copair leis an Dún Mór trí Ghormbhealach cois cósta a nascann eispéiris ghníomhaíochta uisce le cosáin agus conairí cósta. Ba cheart go mbeadh measúnú i gceist leis sin ar na riachtanais chun Gormbhealach Inbhear Phort Láirge a fhorbairt, leis an gcumas taithí cuairteoirí a nascadh idir an tInbhear agus Cathair Phort Láirge. Áireofar sa mheasúnú freisin athbhreithniú ar na riachtanais chun sraith de láithreáin phíolótacha Gormbhealaigh cois cósta a chruthú chun Gormbhealach cois cósta don Oirdheisceart a chruthú a nascfaidh Port Láirge, Loch Garman agus Cill Mhantáin. | 2026 | CCCPL, CCLG, CCCM | FI |
| Inbhear Phort Láirge | Measúnú forbartha eacnamaíochta agus turasóireachta a dhéanamh ar Inbhear Phort Láirge chun deiseanna féideartha a aithint chun an ceann scríbe a fheabhsú, agus cothromaíocht a chinntiú idir leasanna pobail agus fás eacnamaíoch. | 2025 | CCPL | CCLG, KKCC, FI |
| Moil Chinn Scríbe le haghaidh` Gníom-haíochtaí Amuigh Faoin Aer | Na riachtanais a aithint chun Dún Garbhán a fhorbairt mar cheann scríbe turasóireachta ar feadh na bliana, ailínithe le fís shoiléir turasóireachta don bhaile. Ba cheart go n-áireodh sé sin fócas ar Dhún Garbhán a shuíomh mar phríomh-mhol gníomhaíochta amuigh faoin aer, arna chomhlánú ag geilleagar oíche rathúil. | 2025 | CCPL | FI |

## TIONSCADAL CATALAÍOCH 6: Turasóireacht Chósta Phort Láirge

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Cósta Thrá Mhór – Gníomhaíocht Allamuigh agus Athbheochan na Turasóireachta | Na tionscadail a aithníodh faoin gClár Athnuachana Bailte a sheachadadh chun an ceann scríbe áineasa cois farraige is fearr sa tír a sheachadadh. Scrúdaigh acmhainn turasóireachta na suíomhanna deise a d'aithin Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge i dTrá Mhór, lena n-áirítear láithreáin fholmha agus láithreacha eile a d'fhéadfadh feidhmiú mar phríomhthiománaithe eacnamaíocha. | 2026 | CCPL | |
| Fís Ceann Scríbe do Chósta an Chopair | Fís ceann scríbe turasóireachta a fhorbairt do Gheopháirc Dhomhanda EOECNA Chósta an Chopair, á shuíomh mar eiseamláir don éiceathurasóireacht agus ag bunú straitéis turasóireachta inbhuanaithe aontaithe don cheann scríbe. | 2026 | FI, CCPL | LCG, LEADER |
| | Tabhairt faoi chlár píolótach do Nuálaíocht Ghlas in Eispéiris na gCuairteoirí ar Chósta an Chopair chun cineálacha cur chuige nuálaíocha a fhorbairt maidir le heispéiris inbhuanaithe cuairteoirí ag baint leasa as an mbonn éiceathurasóireachta atá ann faoi láthair. | | | |
| Forbairt Bonn Gníomhaíoch-ta Dhún Mór | Feabhas a chur ar acmhainn Dhún Mór mar cheann scríbe gníomhaíochtaí faoin aer den scoth, lena n-áirítear forbairt limistéar an chuain amach anseo, treoshuíomh cuairteoirí, leathnú conairí áitiúla, agus eispéiris indíolta do chuairteoirí a chruthú. Comhsheasmhacht a fhorbairt maidir le comharthaíocht fáilte roimh chuairteoirí agus cinn scríbe trí infheistíocht sa réimse poiblí amach anseo. | 2026 | CCPL | |
| Turasóireacht Teach Solais | Déan iniúchadh ar an deis atá ag Teach Solais Bhaile na Cúirte forbairt mar eispéireas uathúil do chuairteoirí nó mar spreagadh gníomhaíochta ó Ghlasbhealach Phort Láirge. | 2026 | IL | CCPL |

## TIONSCADAL CUMASÚCHÁIN CEANN SCRÍBE 1: North Stars/ Réaltaí Thuaidh

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Plean Forbartha Eispéiris do Bhealach Naomh Déagláin | Forbair plean forbartha eispéiris chun forbairt Bhealach Naomh Déagláin a threorú le bheith ina bhealach oilithreachta íocónach, feabhsaithe ag eispéiris phobail den scoth. Scrúdóidh sé seo na riachtanais do phobail ar an mbealach agus forbróidh sé cumas na hAirde Móire chun Tús na Siúlóide a fheabhsú do chuairteoirí ag léiriú a túsphointe nó críochphointe ar Bhealach Naomh Déagláin. Scrúdóidh sé ról an Nasc Áitiúil maidir le tacú leis na naisc iompair idir Bealach Naomh Déagláin agus na moil phobail ar an mbealach. | 2025 | LCG | CCCPL, FI, MV |
| Forbairt Eispéireas na gCuairteoirí Chnoc Mheilearaí | Forbair plean eispéiris cuairteoirí do Chnoc Mheilearaí chun a fhéidearthacht mar mhol amuigh faoin aer / tús siúlóide a fhiosrú. Áireoidh sé sin measúnú ar chumas forbartha eispéiris Chnoc Mheilearaí mar eispéireas íocónach do chuairteoirí feadh bhealach agus mol Bhealach Naomh Déagláin chun teacht ar eispéiris áitiúla. | 2025 | LCG | MMC, FI, CCCPL, LEADER |
| Straitéis Áineasa Amuigh Faoin Aer Shléibhte an Chomaraigh | Cur chuige comhtháite bainistíochta cuairteoirí a fhorbairt chun tacú le forbairt na Comaraigh mar cheann scríbe ilghníomhaíochta inbhuanaithe faoin aer le bheith mar áit a mheallann turasóireacht mhall do Phort Láirge. | 2025-2026 | CCPL | FI, LCG, MV, MI, COILLTE, SPNF, WSP, LEADER, Úinéirí Talún |
| Staidéar Féide-arthachta Gormb-healaigh don Abhainn Dubh | Measúnú a dhéanamh ar fhéidearthacht sraith de mhoil ghníomhaíochta a fhorbairt feadh na hAbhann Duibhe chun tairiscint Gormbhealaigh na hAbhann Duibhe a fhorbairt, ag comhtháthú gníomhaíochtaí áitiúla ar an uisce agus lasmuigh den uisce. Bheadh sé mar aidhm aige sin cur chuige ardsraithe a bhunú maidir le turasóireacht abhainn-bhunaithe agus eispéiris chultúrtha agus oidhreachta a nascadh le gníomhaíochtaí amuigh faoin aer. e.g. Eispéiris Tithe Móra agus Abhainn. | 2026 | LCG | FI, PS |

## TIONSCADAL CUMASÚCHÁIN CEANN SCRÍBE 2: Port Láirge Amuigh Faoin Aer

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Máistirphlean Glasbhealaí Phort Láirge | Máistirphlean Glasbhealaí Phort Láirge a fhorbairt chun cur síos a dhéanamh ar riachtanais forbartha na ngormbhealaí i bPort Láirge sa todhchaí, chomh maith le deiseanna chun nascadh le gormbhealaí réigiúnacha. Beidh sé mar aidhm aige eispéiris a aithnítear go hidirnáisiúnta a chruthú trí nascacht fheabhsaithe, tacaíocht d'fhorbairt líonraí/braislí, agus an fhéidearthacht d'eispéiris nuálaíocha. Áireofar iad seo a leanas sa mháistirphlean Glasbhealaí; | 2025-2027 | CCCPL / TII | |
| Glasbhealach Réigiúnach | Na gnéithe a theastaíonn laistigh de Phort Láirge a fhorbairt chun tacú le heispéireas Glasbhealaí iomráiteach a chruthú a nascann Baile Átha Cliath le Corcaigh. | 2025-2027 | CCCPL / TII | |
| Glasbhealach ó Phort Láirge go Ros Mhic Thriúin | Glasbhealach Phort Láirge go Ros Mhic Thriúin a fhorbairt le tacaíocht ó fheabhsú leanúnach ar eispéiris cuairteoirí agus deiseanna chun dul i dteagmháil le pobail áitiúla. | 2025-2027 | CCCPL / TII | |
| Glasbhealach ó Phort Láirge go Trá Mhór | Glasbhealach Phort Láirge go Trá Mhór a fhorbairt agus iniúchadh a dhéanamh ar a chomhtháthú amach anseo le conairí rothaíochta cósta ag comhtháthú Glasbhealach Phort Láirge agus bealach Cósta an Chopair. | 2025-2027 | CCCPL / TII | FI, RLA |
| Glasbhealach ó Dhún Garbhán go Mala | Na riachtanais chun glasbhealach a fhorbairt idir Dún Garbhán agus Mala a fhiosrú. | 2025-2027 | CCCPL / TII | FI, RLA |
| Nasc ó Dhún Garbhán go hEochaill | Measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann Dún Garbhán a nascadh le hEochaill chun Glasbhealach Phort Láirge a nascadh le Glasbhealach Mhainistir na Corann agus Eochaill mar chuid den togra Glasbhealach atá beartaithe ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh. | 2024-2026 | CCCPL / TII | FI, RLA |
| Sporbhealach go Heilbhic | Scrúdú a dhéanamh ar chuimsiú sporbhealaigh go Heilbhic mar chuid den nasc go Glasbhealach Phort Láirge. | 2024-2026 | CCCPL / TII | FI, RLA |

## TIONSCADAL CUMASÚCHÁIN CEANN SCRÍBE 2: Port Láirge Amuigh Faoin Aer

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Glasbhealach Phort Láirge go Gormbhealach na Siúire – Plean Áineasa Amuigh Faoin Aer Chontae Phort Láirge | Ag nascadh le Gormbhealach na Siúire | 2024-2026 | CCCPL / TII | MV |
| | Ag nascadh le Gormbhealach na Siúire - Déan iniúchadh ar fhéidearthacht Glasbhealach Phort Láirge agus Gormbhealach na Siúire Tiobraid Árann a nascadh. | | | FI, RLA |
| Glasbhealach ó Phort Láirge go Ros Láir | Tacú le measúnú ar na riachtanais chun Port Láirge a nascadh le Ros Láir trí mhodh iompair inbhuanaithe | 2025-2027 | CCCPL / TII | FI, RLA, CCLG |
| Lúba Áitiúla | Measúnú a dhéanamh ar na deiseanna chun lúba áitiúla a chruthú amach ó na glasbhealaía atá ann cheana féin agus atá beartaithe chun roghanna taiscéalaíochta níos mó a sholáthar do phobail Ghlasbhealaí. | 2025-2027 | CCPL | LDA |
| Ag nascadh Siúlóid Ghleann Áine le Glasbhealach Phort Láirge | Scrúdaigh na riachtanais chun Siúlóid Ghleann Áine a nascadh le Glasbhealach Phort Láirge. | 2026 | CCPL | LCG |
| Sporbhealach an Ghlasb-healaigh go hEasanna na Machan | Scrúdaigh na riachtanais chun Easanna na Machan a nascadh le Bun Machan agus bealach an chósta mar sporbhealach de Ghlasbhealach Phort Láirge. | 2026 | CCPL | |
| Glasbhealaí – Léirmhíniú Cuairteora | Tabhairt faoi chlár infheistíochta i nGlasbhealach Phort Láirge chun léirmhíniú cuairteora nua a fhorbairt agus pointí taiscéalaíochta áitiúla a fheabhsú. | 2025-2026 | CCPL | FI |
| Glasbhealaí – Taithí Úsáideora | Measúnú a dhéanamh ar na riachtanais tús siúlóide thar na Glasbhealaí go léir chun eispéireas comhsheasmhach úsáideora Ghlasbhealach Phort Láirge a sholáthar. | 2025 | CCPL | FI |

## TIONSCADAL CUMASÚCHÁIN CEANN SCRÍBE 2: Port Láirge Amuigh Faoin Aer

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Ceann Scríbe Turasóireachta Rothaíochta | Straitéis turasóireachta rothaíochta a fhorbairt do Phort Láirge le bheith mar cheann scríbe rothaíochta na hÉireann le tacaíocht ón meascán de bhonneagar rothaíochta cuí agus rochtain ar mheascán d'eispéiris rothaíochta. | 2026 | CCPL | FI, WSP, VW |
| | Áireoidh sé sin measúnú ar fhorbairt Dhún Garbhán mar mhol náisiúnta turasóireachta rothaíochta le rochtain éasca ar éagsúlacht eispéiris rothaíochta ón infheistíocht glasbhealaigh, bóithre, easbhóthair, rothaíochta BMX agus pumpraoin. | | | |
| Port Láirge Amuigh Faoin Aer | Measúnú a dhéanamh ar an tairiscint tús siúlóide reatha agus comhsheasmhacht a chinntiú de réir phlean áineasa amuigh faoin aer an chontae agus straitéis áineasa amuigh faoin aer an Chomaraigh. Measúnú a dhéanamh ar na riachtanais chun sraith de thús siúlóide pobail a fhorbairt i dtaitneamhachtaí Shléibhte Phort Láirge (Waterford Mountain Ways) lena n-áirítear Bóthar na gCorr, Gleann na hUidhre, Baile Mhac Cairbre, Easanna na Machan, Com Seangán i gCoill Chill Chúile agus Ráth Ó gCormaic. | 2025 | CCPL | FI, LEADER, WSP, Coillte |
| Bealaí agus Conairí Idirnáisiúnta – EuroVelo 1 | Tacú le seachadadh eispéiris EuroVelo 1 i bPort Láirge tar éis an chláir forbartha náisiúnta don chonair. | 2026 | CCPL | PS, LCG |
| Bonneagar Rothaíochta a Nascadh | Acmhainn an bhonneagair rothaíochta a mhéadú ar fud an chontae trí infheistíocht taistil ghníomhach a nascadh le glasbhealaí chun meascán agus éagsúlacht na raonta rothaíochta a leathnú. | 2026 | CCPL | TII |
| Bonneagar Rothaíochta Easbhóthair | Measúnú féidearthachta a dhéanamh chun féachaint an bhféadfaí ionad conair easbhóthair a fhorbairt i suíomh oiriúnach, ag cur leis na tairiscintí rothaíochta iomlána. Ina theannta sin, iniúchadh a dhéanamh ar shuímh oiriúnacha le haghaidh conair rothar easbhóthair agus rothaíocht sléibhe ar fud an chontae chun an raon táirgí rothaíochta a leathnú i gcomhar le gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha. | 2026 | CCPL | COILLTE |
| Eachtra Eisiach | Déan iniúchadh ar an deis chun lárionad eachtraíochta amuigh faoin aer ar scála mór a fhorbairt sa chontae ar shuíomh aonair nó é a ionchorprú in áit tarraingthe nó mar thaitneamhacht atá ann cheana féin. | 2026 | PS | |

## TIONSCADAL CUMASÚCHÁIN CEANN SCRÍBE 2: Port Láirge Amuigh Faoin Aer

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Ionad Gníomhaíochta Uisce | Scrúdaigh an fhéidearthacht d'ionad gníomhaíochta uisce ar scála mór a fhorbairt do Chontae Phort Láirge a bhfuil rochtain air ó líonraí/braislí de ghníomhaíochtaí amuigh faoin aer ar nós cinn scríbe Glasbhealaí sa chontae. | 2027 | PS | |
| Braisle Eispéiris Abhainn na Siúire | Scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna chun bonneagar gníomhaíochta uisce inrochtana a fhás feadh na Siúire e.g. canúáil agus cadhcáil. | 2027 | CCPL | |

## TIONSCADAL CUMASÚCHÁIN CEANN SCRÍBE 3: Tarraingtí Phort Láirge

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Áis Chultúrtha Gaeltachta | Scrúdaigh an fhéidearthacht le haghaidh saoráid chultúir ilchuspóireach Ghaeltachta nua a mbeadh sé in ann lóistín do chuairteoirí, spás léirithe agus pointe fócasach do ghníomhaíochtaí cultúrtha Gaeltachta a chuimsiú. | 2025 | UnG | LCG |
| Ionaid Oidhreachta Pobail | Measúnú oibriúcháin a dhéanamh ar chur chuige tráchtála agus díolacháin na n-ionad oidhreachta pobail atá ann cheana féin chun measúnú a chur san áireamh freisin ar na riachtanais forbartha taithí a thaitníonn le cuairteoirí intíre agus idirnáisiúnta. | 2025-2026 | FI | CCPL |
| Tarraingtí Phort Láirge do Chuairteoirí | Athbhreithniú a dhéanamh ar eispéireas na gcuairteoirí ag tarraingtí ar fud Chathair Phort Láirge chun bealaí nua a aimsiú chun na scéalta a nascadh agus chun an t-eispéireas iomlán a fheabhsú de réir straitéisí cuairteoirí amach anseo. | 2025 | FI, WT | CCCPL, WAN |
| | Athbhreithniú a dhéanamh ar chumais taithí tráchtála / giniúna éilimh, mar aon le hanailís ar dheiseanna comhoibrithe amach anseo i measc tarraingtí i bPort Láirge. | | | |
| Eispéireas Cultúrtha do Chuairteoirí | Déan iniúchadh ar an bhféidearthacht le haghaidh eispéireas cultúrtha do chuairteoirí don fhoirgneamh ag 25-26 ar Shráid Uí Chonaill, ag teacht leis an bhfís don Cheathrú Chultúrtha, a bhfuil sé mar aidhm aige mol buan a bhunú le haghaidh tairiscintí cultúrtha agus cruthaitheacha Phort Láirge. | 2025 | FI | |
| Caisleán Dhún Garbháin | Déan measúnú ar an bhféidearthacht chun eispéireas an chuairteora ag Caisleán Dhún Garbháin a fheabhsú agus fiosraigh conas is féidir leis cur le héagsúlacht na ngníomhaíochtaí agus na tarraingtí atá ar fáil i rith an lae agus na hoícheanta. | 2026 | OOP | FI |

## TIONSCADAL CUMASÚCHÁIN CEANN SCRÍBE 3: Tarraingtí Phort Láirge

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Lárionad Cultúrtha Dhún Garbhán | Anailís a dhéanamh ar inmharthanacht tairiscint chultúrtha agus oidhreachta a fhorbairt ar feadh na bliana i nDún Garbhán. | 2026 | CCPL | FI |
| Bruachaill | Déan iniúchadh ar an bhféidearthacht chun eispéireas na gcuairteoirí ag Bruachaill a fheabhsú tuilleadh tríd an suíomh a nascadh leis an gcathair trí roghanna ar nós iompar abhann, bealaí rothaíochta, agus rochtain ó chonairí in aice láimhe mar Ghleann Áine. | 2026 | MC | CCCPL, FI |

## TIONSCADAL CUMASÚCHÁIN CEANN SCRÍBE 4: Taste Waterford/ Blas Phort Láirge

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Turasóireacht Bia – Taste Waterford/ Blas Phort Láirge | Blas Phort Láirge a fhorbairt mar eispéireas bia ar fud an chontae a thugann eolas do chuairteoirí ar thairiscintí cócaireachta an chósta, sléibhte, gleannta abhann agus pobail tuaithe. Tacú le fás Blas Phort Láirge trí eispéiris tumtha bia den scoth a chruthú a nasctar trí Rian Bia agus Dí Phort Láirge a chuireann béim ar tháirgeoirí ceardaithe an réigiúin.<br>Tacú le táirgeoirí bia i bhforbairt tráchtála eispéiris turasóireachta bia inbhuanaithe chun an raon de chonairí bia agus eispéiris indíolta Phort Láirge a mhéadú.<br>Iniúchadh a dhéanamh ar fhairsingiú na n-imeachtaí agus na bhféilte móra bia ceann scríbe chun imeachtaí satailíte a chuimsiú in áiteanna mar Lios Mór, Aird Mhór agus na Comaraigh. | 2025-2028 | TW, PS | FI, LEADER, CCCPL |
| Turasóireacht Bia – Driogairí agus Bríbhéirí | Rochtain mhéadaithe a fhorbairt ar oidhreacht táirgthe deochanna an chontae trí fhorbairt a dhéanamh ar rian taithí blas Phort Láirge a nascann driogairí agus bríbhéirí sa chontae agus sa chathair chun eispéiris indíolta do chuairteoirí a chruthú. | 2025 | PS | TW, FI, LEADER |

## TIONSCADAL CUMASÚCHÁIN CEANN SCRÍBE 5: Ceann Scríbe Teaghlaigh

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Béim ar Mhargadh an Teaghlaigh | Cumas thionscal turasóireachta Phort Láirge a fhorbairt le bheith aitheanta do nuálaíocht taithí teaghlaigh trí chumasc de ghníomhaíochtaí faoin aer, eispéiris cois cósta, tuaithe agus cultúrtha. | 2025 | VW | PS |

## TIONSCADAL CUMASÚCHÁIN CEANN SCRÍBE 6: Féilte & Imeachtaí

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Féile Nua a Fhorbairt | Déan iniúchadh ar an bhféidearthacht atá ann d'fhéile Samhain/Oíche Shamhna nua chun cabhrú le hÉirinn a shuíomh mar an áit a thosaigh Oíche Shamhna ar dtús agus chun deiseanna nua imeachtaí a fhorbairt le linn an tséasúir chiúin. | 2024-2026 | CCPL | FI |
| Féilte agus Imeachtaí | Straitéis féile agus imeachtaí cathrach/contae a chruthú chun infheistíochtaí sa todhchaí a ailíniú le cuspóirí forbartha ceann scríbe agus chun an uaillmhian a fhorbairt chun imeachtaí atá aitheanta go náisiúnta a óstáil laistigh den cheann scríbe. Déanfaidh sé measúnú ar fhorbairt féile ceann scríbe sainaitheanta ceangailte le gníomhaíochtaí allamuigh Phort Láirge, chomh maith le forbairt Phort Láirge mar cheann scríbe eachtraíochta allamuigh domhanda agus mar mhol stíl mhaireachtála. | 2025 | CCPL | FI |

## TIONSCADAL CUMASÚCHÁIN CEANN SCRÍBE 7: Gníomhú ar son na hAeráide/ Turasóireacht Inbhuanaithe

| | TIONSCADAL | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| Ceann Scríbe Turasóireachta Inbhuanaithe – Clár Píolótach Líonraí/Braislí | Cruthaigh sraith eispéiris agus tionscadail turasóireachta inbhuanaithe sainaitheanta i measc na líonraí/braislí turasóireachta tuaithe chun próifíl Phort Láirge mar cheann scríbe turasóireachta inbhuanaithe a fhorbairt. Is éard a bheidh i gceist leis sin cur chuige an tionscail i leith na turasóireachta inbhuanaithe a neartú trí eispéiris faoin aer agus deiseanna gaolmhara a thaispeáint trí ghníomhaíochtaí talamh-bhunaithe agus uisce araon. | 2024-2025 | LCG | CCCPL, SETU, OFÁ, FI |
| Turasóireacht Chliste | Leanúint ar aghaidh le forbairt an chláir ateangaireachta digiteach i gCathair Phort Láirge chun a éifeachtúlacht a mheas agus féachaint an bhféadfaí leathnú chuig ionaid uirbeacha eile ar fud an chontae a fhiosrú. | 2025 | CCCPL, SETU | |
| Straitéis d'Iompar Turasóireachta Inbhuanaithe | Straitéis/plean iompair turasóireachta inbhuanaithe a fhorbairt chun cabhrú le cuairteoirí a dturais a phleanáil ag úsáid modhanna inbhuanaithe iompair. | 2025 | FI, TII/ ÚNI, CCCPL | |



IRELAND'S ANCIENT EAST®

Fáilte Ireland

# AGUISÍN 1

## Plean Phort Láirge um Fhorbairt Ceann Scríbe Saoire agus Eispéireas

## COMHSHAOIL

Soláthraíonn an Plean seo deis chun a chinntiú go ndéantar pleanáil, forbairt agus bainistiú ar gach tionscadal agus tionscnamh turasóireachta reatha agus sa todhchaí laistigh de limistéar Phlean Forbartha Ceann Scríbe agus Eispéireas Phort Láirge ar bhealach inbhuanaithe agus comhtháite. Is í an tSamhail V.I.C.E (Cuairteoirí, Tionscal, Comhphobal agus Timpeallacht) don Turasóireacht Inbhuanaithe an cur chuige as a ndéantar forbairt ar an PFCSSE Phort Láirge agus a ndéantar iarracht é a chur i bhfeidhm.

Aithníonn Fáilte Ireland an tábhacht a bhaineann le fachtóirí comhshaoil a ionchorprú sa phlean seo, ag cinntiú go dtugann sé aghaidh ar íogaireachtaí agus riachtanais na timpeallachta nádúrtha níos leithne. Cuireann gnéithe comhshaoil lena n-áirítear cáilíocht agus taitneamhacht uisce intíre agus cósta, athrú aeráide, trácht, bithéagsúlacht, oidhreacht thógtha agus chultúrtha, tírdhreach, bonneagar ríthábhachtach agus pobail, go mór lenár n-earnáil turasóireachta.

Ár sócmhainn turasóireachta is tábhachtaí a chosaint, a fheabhsú agus a chur chun cinn – bhí an comhshaol nádúrtha mar chuid lárnach d'fhoirmiú an Phlean seo mar is léir sna nithe seo a leanas:

- Na measúnuithe comhshaoil (MSC agus MC) a rinneadh chun eolas a sholáthair d'fhorbairt an phlean agus na bearta maolaithe a eascraíonn as,
- Monatóireacht ar éifeachtaí suntasacha comhshaoil mar thoradh ar chur i bhfeidhm an phlean seo (féach Tábla A1 den Chlár Faireacháin Comhshaoil den Phlean seo),
- Tiomantas daingean a chinntiú go gcleachtaítear prionsabail turasóireachta inbhuanaithe agus fhreagracha,
- Comhlíonadh cinnteoireachta reachtúil agus deonú toilithe ag céim cur chun feidhme an Phlean, agus
- Riachtanais maidir le cosaint agus bainistiú comhshaoil a chomhtháthú.

Tá sainaithint agus mapáil na bpríomh-íogaireachtaí comhshaoil a bhaineann leis an bPlean sonraithe sa Tuarascáil Timpeallachta MSC agus i Ráiteas Tionchair MC de chuid Natura.

## Measúnú Comhshaoil

Breathnaíodh ar an gceanglas atá ann measúnú comhshaoil a dhéanamh ar an bPlean seo chun comhlíonadh iomlán dlíthiúil a chinntiú agus chun inbhuanaitheacht, cosaint, feabhsú agus cur chun cinn an chomhshaoil a chomhtháthú tuilleadh agus an Plean á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm. I measc na measúnuithe comhshaoil a rinneadh chun eolas a thabhairt d'fhorbairt an Phlean seo tá:

### Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (MSC)

Rinneadh scagadh ar an Phlean don ghá le tabhairt faoi MSC. Bhunaigh an próiseas an gá le tabhairt faoi MSC iomlán a críochnaíodh ag féachaint do Threoir MSC 2001/42/AE agus d'Ionstraim Reachtúil Uimh. 435/2004 arna leasú. Is féidir toradh an phróisis seo a athbhreithniú sa Tuarascáil Chomhshaoil (TC) an MSC agus nuair a bheidh an plean críochnaithe, beidh an Ráiteas MSC in éineacht leis an bPlean seo.

### Measúnacht Chuí (MC)

Scrúdaíodh an Plean maidir leis an ngá atá le Measúnacht Chuí (MC) a dhéanamh. Ar athbhreithniú tosaigh ar an bPlean agus ar an scagadh le haghaidh MC a thabhairt chun críche, socraíodh go mbeadh MC ar Chéim 2 ag teastáil, toisc nach bhféadfaí éifeachtaí suntasacha ar láithreáin Eorpacha a eisiamh. Tugadh faoin bpróiseas measúnaithe ag féachaint do Threoir 92/43/CEE ón gComhairle agus Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus don Treoir maidir le hÉin. Is é toradh an phróisis seo ná an Tuarascáil Scagtha MC agus an Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a ghabhann leis an bPlean seo.

## Príomhthorthaí an MSC agus an Phróisis MC don Phlean

Tar éis MSC agus MC iomlán a chríochnú ar Plean Phort Láirge um Fhorbairt Ceann Scríbe Saoire agus Eispéireas is léir go raibh tionchar dearfach ag na próisis seo ar éabhlóid an Phlean agus ar chomhtháthú cosaint an chomhshaoil mar chuid den phróiseas pleanála. Leanfaidh an próiseas MSC freisin le tionchar dearfach comhshaoil a bheith aige de réir mar a bheidh an plean ag druidim lena chéim cur chun feidhme. Tá na torthaí seo a leanas mar thoradh ar na measúnuithe comhshaoil a luadh thuas a dhéanamh:

- Tionchair fhéideartha chomhshaoil a eascraíonn as an bPlean a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu trí athruithe riachtanacha a dhéanamh, agus prionsabail inbhuanaitheachta a ionchorprú i dtéacs an phlean agus i dtionscadail an phlean nuair is cuí;
- Tionchair dhearfacha comhshaoil ón bPlean a shainaithint agus a chur chun cinn, agus ag an am céanna tacú le cosaint, feabhsú agus athchóiriú an comhshaoil nádúrtha agus tógtha trí fhorbairt turasóireachta inbhuanaithe. Mar shampla, trí phleananna bainistíochta cuairteoirí a fhorbairt, measúnuithe comhshaoil ag leibhéal tionscadail agus oideachas agus oiliúint turasóireachta inbhuanaithe; agus

- Bearta maolaithe a fhorbairt lena chinntiú go seachnaítear, go laghdaítear nó go maolaítear aon tionchar diúltach féideartha ar an gcomhshaol ag céim chur chun feidhme an phlean. Áirítear ar na bearta maolaithe seo:
  - An ceanglas cloí le gach reachtaíocht agus beartas pleanála agus comhshaoil ábhartha mar chuid den phróiseas reachtúil cinnteoireachta agus/nó den phróiseas toilithe. Leagtar béim ar leith ar na nithe seo a leanas:
  - Ceanglais maidir le measúnuithe comhshaoil a dhéanamh ar leibhéal an tionscadail lena n-áirítear an méid seo a leanas ach gan a bheith teoranta dó: Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT), Measúnacht Chuí (MC) nó Measúnacht ar Phriacal Tuile Suíomhshonracha (SSFRA).
  - Comhlíonadh bheartais agus chuspóirí Phlean Forbartha Chathair agus Chontae Phort Láirge 2022-2028;
  - An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 agus nuashonruithe ina dhiaidh sin;
  - Pleananna Bainistíochta Cuairteora a ullmhú, de réir mar is cuí;
  - Breithniú ar acmhainn bonneagair ríthábhachtach ag láithreáin turasóireachta; agus
  - Bonneagar gorm agus glas a chur chun cinn lena n-áirítear comhtháthú réitigh nádúr-bhunaithe ar féidir leo seirbhísí éiceachórais a sholáthar freisin.
- Clár Faireacháin Comhshaoil a fhorbairt agus a chur i gcrích don Phlean le linn cur i bhfeidhm agus feidhmiú

Éilíonn an Treoir MSC go ndéanfaí monatóireacht ar na héifeachtaí suntasacha comhshaoil a bhaineann le cur i bhfeidhm na bpleananna agus na gclár. Sonraíonn an tábla thíos na bearta a roghnaíodh chun monatóireacht a dhéanamh ar na héifeachtaí suntasacha dóchúla a bhainfidh le chur chun feidhme an Phlean seo.

Is féidir le faireachán na héifeachtaí dearfacha a léiriú a éascaíonn an Plean agus is féidir leis a chumasú, ag céim luath, éifeachtaí díobhálacha gan choinne a shainaithint agus gníomh leasúcháin cuí a dhéanamh. Dá dtarlódh drochthionchar suntasach leanúnach ar an gcomhshaol, atá inchurtha go díreach i leith an phlean seo, bheadh gá le breithniú a dhéanamh ar na héifeachtaí i gcomhthéacs an Phlean agus b'fhéidir athbhreithniú a dhéanamh ar chuid/ar chodanna den Phlean.

Tá spriocanna agus táscairí sa chlár faireacháin comhshaoil a cheadaíonn tomhas cainníochtúil ar threochtaí agus ar dhul chun cinn thar am maidir leis na Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil (CSCanna) a forbraíodh le linn phróiseas an MSC. Déanfar Faireachán Comhshaoil trí úsáid a bhaint as raon foinsí faisnéise. Is ar Fáilte Ireland atá an fhreagracht monatóireachta. Déanfar monatóireacht ag príomhchéimeanna mar chuid de chéim chur chun feidhme an Phlean. Tuairisceofar é do ghrúpa chur chun feidhme an Phlean, agus nuair a bhíonn foinsí faisnéise infheidhme ar fáil, beidh torthaí an mhonatóireachta mar bhonn eolais do ghníomhaíochtaí an phlean de réir mar a théann sé ar aghaidh. Ar leithligh, déanfar monatóireacht ar PTFanna an Phlean, lena n-áirítear monatóireacht ar líon na gcuairteoirí nuair is cuí.

Tá an Clár Monatóireachta MSC atá beartaithe don Phlean seo leagtha amach i dTábla A1. Ba cheart tagairt do Chaibidil 10 de Thuarascáil Chomhshaoil an MSC a ghabhann leis seo agus a léamh freisin.



## Turasóireacht Inbhuanaithe agus Freagrach

Cloíonn an Plean seo le fás inbhuanaithe na turasóireachta i bPort Láirge agus tá sé tiomanta dó, agus trí na measúnuithe thuasluaite a thabhairt chun críche, léiríonn sé tiomantas láidir do Shamhail VICE d'Fhorbairt Turasóireachta Inbhuanaithe. Tá feidhmiú na bprionsabal treorach ríthábhachtach do rath an Phlean.

## Treoirphrionsabail don Turasóireacht Inbhuanaithe agus Freagrach

Baineann **treoirlínte forbartha turasóireachta inbhuanaithe agus cleachtais bhainistíochta** le gach cineál turasóireachta thar cheann scríbe éagsúla, lena n-áirítear turasóireacht ar scála mór agus margaí turasóireachta uathúla. Tagraíonn prionsabail inbhuanaitheachta do na gnéithe comhshaoil, eacnamaíocha agus soch-chultúrtha d'fhorbairt na turasóireachta, agus ní mór cothromaíocht oiriúnach a bhunú idir na trí ghné seo chun a inbhuanaitheacht fhadtéarmach a ráthú.

Mar sin, ba cheart go ndéanfadh turasóireacht inbhuanaithe na nithe seo a leanas:

1. An úsáid is fearr a bhaint as acmhainní comhshaoil atá mar phríomhghné d'fhorbairt na turasóireachta, ag cothabháil próisis éiceolaíochta riachtanacha agus ag cabhrú le hoidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlacht a chaomhnú.
2. Ba cheart go n-urramódh sí barántúlacht shoch-chultúrtha na bpobal óstach, a n-oidhreacht chultúrtha tógtha agus bheo a chaomhnú agus a luachanna traidisiúnta, agus rannchuidiú le tuiscint agus caoinfhulaingt idirchultúrtha.
3. Oibríochtaí eacnamaíocha inmharthana, fadtéarmacha a áirithiú, a sholáthraíonn tairbhí socheacnamaíocha do na páirtithe leasmhara go léir atá dáilte go cothrom, lena n-áirítear fostaíocht chobhsaí agus deiseanna tuillimh ioncaim agus seirbhísí sóisialta do phobail óstacha, agus a rannchuidíonn le maolú na bochtaineachta *(UNWTO.org)*.

Teastaíonn rannpháirtíocht eolasach na páirtithe leasmhara ábhartha go léir chun an turasóireacht inbhuanaithe a fhorbairt, chomh maith le ceannaireacht láidir pholaitiúil chun rannpháirtíocht leathan agus comhdhearcadh a chinntiú. Is próiseas leanúnach é turasóireacht inbhuanaithe a bhaint amach agus teastaíonn monatóireacht leanúnach ar thionchair, agus na bearta coisctheacha agus/nó ceartaitheacha riachtanacha a thabhairt isteach nuair is gá.

Tá turasóireacht inbhuanaithe riachtanach chun leibhéal ard sástachta turasóirí a chothabháil, chun eispéireas bríoch a áirithiú do chuairteoirí, chun a bhfeasacht ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta a ardú, agus chun cleachtais turasóireachta inbhuanaithe a chur chun cinn ina measc.

Glacfaidh tionscnóirí/gnóthais cur chuige turasóireachta atá freagrach agus inbhuanaithe le monatóireacht leanúnach ar thionchair chomhshaoil de réir mar is cuí. Trí dhea-chleachtas agus/nó treoirlínte turasóireachta a chur i bhfeidhm: e.g.

I measc na bpríomhthreoir ábhartha de chuid Fáilte Ireland tá:

- Clár Gníomhaithe ar son na hAeráide – do ghnólacht a chumasú le bheith níos inbhuanaithe
- Treoirlínte Forbartha do Bhailte Cinn Scríbe Turasóireachta
- Treoirlínte Bainistíochta Cuairteoirí do Shlí an Atlantaigh Fhiáin Meitheamh 2020
- Treoirlínte maidir le Cothabháil Suíomh Slí an Atlantaigh Fhiáin
- Cóiríocht do Thurasóirí le Dearbhú Cáilíochta – cód eitice
- Treoirlínte Féile Inbhuanaithe 2023, arna bhforbairt ag Fáilte Ireland
- Agus treoir eile agus aon nuashonruithe ina dhiaidh sin.

## Forfheidhmiú agus Toiliú

Is plean turasóireachta neamhreachtúil é an PFCS Phort Láirge, ní sholáthraíonn sé toiliú, agus/nó bunaíonn sé creat chun toiliú a dheonú.

Cuireann Fáilte Ireland maoiniú ar fáil do thionscadail turasóireachta inbhuanaithe a thagann chun cinn trí scéimeanna deontais sonracha agus iomaíocha, le téamaí agus a bhfuil teorainn ama leo, nó mar chuid de chomhpháirtíochtaí straitéiseacha níos leithne.

Tá an Plean seo á threorú ag ordlathas de dhoiciméid reachtúla a thugann breac-chuntas ar bheartas poiblí maidir le forbairt úsáid talún, turasóireacht, bonneagar, forbairt inbhuanaithe, cosaint an chomhshaoil, agus bainistíocht comhshaoil. Áirítear orthu sin, ach níl siad teoranta dóibh, an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP), an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP), Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta Réigiún an Deiscirt 2020-2032 (SRRSES), Plean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022-2028, agus na pleananna limistéir áitiúil laistigh den chontae.

Chun PFCSSE Phort Láirge a chur i bhfeidhm beidh ar Fáilte Ireland comhoibriú le páirtithe leasmhara (lena n-áirítear údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí rialtais eile, oibreoirí turasóireachta, pobail agus cuairteoirí) chun a ngníomhaíochtaí a éascú, a chur chun cinn, a thacú agus a chomhordú ar aon dul le pleananna atá cheana agus atá ag teacht chun cinn.

Chun iad a bhaint amach, beidh ar thionscadail atá sa Phlean seo cloí, mar is cuí, le forálacha éagsúla na reachtaíochta, na mbeartas, na bpleananna agus na gclár. (lena n-áirítear ceanglais maidir le Measúnacht Chuí ar leibhéal tionscadail, Measúnú Tionchair Timpeallachta agus ceanglais cheadúnaithe eile de réir mar is cuí) atá mar chuid den chreat reachtúil cinnteoireachta agus deonaithe toilithe, nach bhfuil an Plean seo mar chuid de agus nach rannchuidíonn sé chuige.

Áirítear an méid seo a leanas i reachtaíocht, beartais, pleananna agus cláir den sórt sin:

- Comhlíonadh pleananna agus beartais ardleibhéil reachtúla lena n-áirítear an CNP, RSES, Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, etc.
- Comhlíonadh na bpleananna reachtúla úsáide talún atá mar chuid den chreat cinnteoireachta reachtúil agus deonaithe toilithe (e.g. Pleananna Forbartha, amhail Plean Forbartha Chathair agus Chontae Phort Láirge agus Pleananna Limistéir Áitiúil) de réir mar is cuí,
- Ceanglais maidir le measúnú comhshaoil ag leibhéal tionscadail, lena n-áirítear MTT, MC agus SSFRA, de réir mar is gá.

## Riachtanais do Chosaint agus do Bhainistiú Comhshaoil a Chomhtháthú sa Phlean

D'oibrigh an fhoireann MSC agus MC le foireann ullmhúcháin an Phlean ag Fáilte Ireland chun ceanglais maidir le cosaint agus bainistiú comhshaoil a chomhtháthú leis an bPlean. Áiríodh leis an bpróiseas seo athruithe ar théacs an phlean agus cuimsiú gníomhartha/tionscadail nua ionas go mbeadh an hinbhuanaitheacht fite fuaite sa phlean féin. Tá na tionscadail éagsúil, ag clúdach úsáid talún, forbairt bonneagair, agus gníomhaíochtaí agus tarraingtí a bhaineann le talamh úsáid. Ní ráthaíonn tagairt do thionscadail dá leithéid atá sa Phlean maoiniú. Cé go gcuirtear maoiniú ar fáil do thionscadail áirithe, ní hé Fáilte Ireland an forbróir.

D’aithin an MSC agus an MC na tionchair shuntasacha a d’fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Phlean. I measc na bpríomhbhreithnithe maidir le forbairt inbhuanaithe na hearnála turasóireachta tá a chinntiú go bhfuil dóthain toilleadh bonneagair; forbraítear pleananna bainistíochta cuairteoirí do shuíomhanna a bhfuil éileamh ard orthu; agus go gcosnaíonn agus go soláthróidh forbróirí/tionscnóirí deiseanna d'fhorbairt inbhuanaithe an bhonneagair ghlais agus ghorm agus ag an am céanna seirbhísí éiceachórais a sholáthar. Pléitear na réimsí fócais seo sna hailt thíos.

## Acmhainn Bonneagair

Maidir le hacmhainn bonneagair (lena n-áirítear uisce óil, fuíolluisce, dramhaíl agus iompar), beidh gá le pleanáil agus measúnú críochnúil ar an tionchar féideartha comhshaoil a bhaineann le méadú ar líon na gcuairteoirí agus an brú breise ar bhonneagar reatha (lena n-áirítear cóiríocht). Ní mór na hiarmhairtí comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag an méadú dóchúil ar líon na turasóireachta de bharr na dtionscadal ábhartha sa phlean seo a mheas ag leibhéal an tionscadail agus a mhaolú de réir mar is cuí. Ba cheart an ghné seo a nascadh le forbairt pleananna bainistíochta cuairteoirí de réir mar is cuí.

Tabharfar spreagadh freisin d'fhorbairt bonneagair tacaíochta atá dírithe ar chuairteoirí nuair a bhíonn gá leis.

## Bainistíocht Cuairteoirí

Ba cheart go mbeadh sé d’aidhm ag comhpháirtithe atá freagrach as gníomhaíochtaí agus tionscadail a chur chun cinn bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar líon na gcuairteoirí reatha agus mhéadaithe araon, chomh maith le haon athruithe ar iompar cuairteoirí, chun tionchair shuntasacha comhshaoil a chosc, lena n-áirítear caillteanas gnáthóige agus suaitheadh ar speicis íogaire (lena n-áirítear daoine agus bithéagsúlacht), i gcás inarb infheidhme. Áireofar leis sin, mar shampla, a áirithiú go mbeidh tionscadail nua fad oiriúnach ó íogaireachtaí éiceolaíochta. Beidh pleananna bainistíochta cuairteoirí ag teastáil le haghaidh pleananna, clár agus tionscadail atá beartaithe a gheobhaidh maoiniú de réir mar is cuí.

## Bonneagar Glas agus Seirbhísí Éiceachórais

***Bonneagar Gorm agus Glas agus Seirbhísí Éiceachórais*** Rannchuideoidh na daoine a gheobhaidh maoiniú le cothabháil agus feabhsú an bhonneagair ghorm agus ghlais atá ann cheana agus a sheirbhísí éiceachórais. Ba cheart go léireodh tograí chun aon bhonneagar nó gníomhaíochtaí gorm agus glas a fhorbairt sna réimsí seo na sineirgí is féidir a bhaint amach maidir leis na: soláthar áiseanna spáis oscailte; bainistíocht inbhuanaithe uisce; cosaint agus bainistíocht na bithéagsúlachta; cosaint na hoidhreachta cultúrtha; agus íogaireachtaí tírdhreacha faoi chosaint.

# Tábla A1 - Clár Faireacháin Comhshaoil

| Fachtóir Comhshaoil agus Cuspóir Straitéiseach Comhshaoil | Táscaire | Sprioc | Foinse agus Minicíocht | Bearta Leasúcháin |
|---|---|---|---|---|
| **Bithéagsúlacht, Flóra agus Fána (BFF)**<br>Bithéagsúlacht a chosaint, a chaomhnú go gníomhach, agus nuair is féidir, a athchóiriú agus damáiste di a chosc, le béim ar láithreáin ainmnithe Eorpacha, limistéir chaomhnaithe dúlra eile, gnáthóga agus speicis faoi chosaint agus faoi bhagairt (lena n-áirítear gnáthóga agus speicis tosaíochta trasteorann), agus ag an am céanna tacú le conairí éiceolaíocha (amhail criosanna bruachánacha agus limistéir chósta), chomh maith le bonneagar glas agus gorm. | **BFF1:** Comhlíonadh na dTreoracha um Ghnáthóga agus Éin maidir le cosaint láithreáin Natura 2000 agus gnáthóga agus speicis Iarscríbhinn I agus gan aon drochthionchar ar shláine aon láithreáin Eorpaigh, maidir lena leasanna cáilitheacha, a stádas caomhantais, a struchtúr agus a fheidhm. | **BFF1:** Stádas caomhantais fabhrach a chothabháil do gach gnáthóg agus speiceas atá faoi chosaint faoin reachtaíocht Náisiúnta agus Idirnáisiúnta gan aon tionchar a bheith acu ar fheidhmiú an Phlean. | ■ Tuarascáil na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta () ar chur i bhfeidhm na mbeart atá sa Treoir maidir le Gnáthóga - mar a cheanglaítear le hAirteagal 17 den Treoir (gach sé bliana).<br>■ Tuarascáil Faireacháin Náisiúnta RTRÁO don Treoir maidir le hÉin faoi Airteagal 12 (gach trí bliana).<br>■ Cinntí tionscadail iarratais phleanála údaráis áitiúil/ An Bord Pleanála a bhaineann le tionscadail faoin bPlean.<br>■ Sonraí ó aon chlár faireacháin ábhartha de chuid Fáilte Ireland atá ábhartha don tionscadal/don cheantar. | ■ Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais inmheánacha nó ar an bPlean agus athruithe a dhéanamh de réir mar is gá.<br>■ I gcás ina sainaithnítear éifeachtaí díobhálacha, déan imscrúdú de réir Nós Imeachta Fáilte Ireland um Réiteach Damáiste don Chomhshaol a bhaineann le Turasóireacht agus gníomhú ar mholtaí bunaithe ar phróifíliú an damáiste don chomhshaol.<br>■ An plean bainistíochta cuairteoirí a athbhreithniú nó a nuashonrú chun dul i ngleic le haon chaillteanas nó díghrádú éiceolaíoch de bharr gníomhaíochtaí turasóireachta. |
| | **BFF2:** Meath i ngnáthóg (cainníocht nó cáilíocht) agus/nó cailleadh nascachta feidhmiúla gan aon fheabhsúchán mar thoradh ar thionscadail a d'eascair as an bPlean. | **BFF2:** Ní dhéanfar aon tionchar ar ghnáthóga nó gréasáin éiceolaíochta, nó codanna díobh, gan aon fheabhsúchán mar thoradh ar thionscadail a eascraíonn as an bPlean. | ■ Sonraí ó thairbhithe a chuirtear ar fáil in iarratais ar mhaoiniú de réir mar a éilítear faoi Mhaolú Cuid 9 den TC MSC. (Minicíocht: leanúnach - sonrach do thionscadal).<br>■ Athshuirbhé mapála CORINE (gach cúig bliana).<br>■ Measúnuithe agus cinntí comhshaoil tionscadail iarratais phleanála údaráis áitiúil (ÚÁ) nó An Bord Pleanála (ABP).<br>■ Sonraí ó aon chlár faireacháin ábhartha de chuid Fáilte Ireland atá ábhartha don tionscadal/don cheantar.<br>■ Plean Bainistíochta Cuairteoirí i ndáil le tionscada(i)l.<br>■ An tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, Suirbhé ar Éin Bhogaigh na hÉireann (I-WeBS) | |
| **Daonra agus Sláinte an Duine (PHH)**<br>Acmhainní agus forbairt turasóireachta a chosaint, a thacú agus a bhainistiú go hinbhuanaithe, ar mhaithe leis an tsochaí agus leis an gcomhshaol, agus rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch an daonra ag tacú le torthaí dearfacha sláinte. | **PHH1(a):** Méadú céatadáin ar líon na gcuairteoirí go dtí an láithreán/ceantar le himeacht ama.<br>**PHH1(b):** Plean Bainistíochta Cuairteoirí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ó thionscadail a eascraíonn as an bPlean.<br>**PHH1(c):** Laghdú ar theagmhais sábháilteachta ag láithreáin faoin bPlean.<br>**PHH2:** Inrochtaineacht fheabhsaithe ar limistéir áineasa agus taitneamhachtaí sláinte poiblí (e.g., páirceanna, limistéir chósta, glasbhealaí, gormbhealaí, conairí eile). | **PHH1:** Cuairteoirí chuig an gceantar a bhainistiú go hinbhuanaithe.<br>**PHH2:** A chinntiú go mbíonn rochtain chuí ag cuairteoirí ar limistéir áineasa agus ar thaitneamhachtaí sláinte poiblí. | ■ Sonraí ó thairbhithe a chuirtear ar fáil in iarratais ar mhaoiniú de réir mar a éilítear faoi Chuid 9 den TC MSC. (Minicíocht: ar lean).<br>■ Plean Bainistíochta Cuairteoirí i ndáil le tionscadail.<br>■ Fáilte Ireland (athbhreithniú bliantúil): Tuarascálacha feidhmíochta turasóireachta, suirbhéanna cuairteoirí, cláir mhonatóireachta, taighde agus tuarascálacha turasóireachta.<br>■ An Phríomh-Oifig Staidrimh.<br>■ Sonraí ó thairbhithe a chuirtear ar fáil in iarratais ar mhaoiniú de réir mar a éilítear faoi Chuid 9 den TC MSC. (Minicíocht: ar lean).<br>■ Plean Bainistíochta Cuairteoirí i ndáil le tionscada(i)l.<br>■ Cinntí údaráis áitiúil/ ABP i ndáil le hiarratais phleanála a bhaineann le tionscadail arna bhforbairt faoin bPlean.<br>■ Tuarascálacha na nÚdarás Áitiúil (athbhreithniú bliantúil). | ■ Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais inmheánacha, agus ar an bPlean, más gá.<br>■ Cleachtais inbhuanaithe turasóireachta a chur chun cinn, ag an láithreán trí fheachtais a bhaineann go sonrach leis an suíomh a ullmhú chun cabhrú le gníomh leasúcháin, más gá. |

| Fachtóir Comhshaoil agus Cuspóir Straitéiseach Comhshaoil | Táscaire | Sprioc | Foinse agus Minicíocht | Bearta Leasúcháin |
|---|---|---|---|---|
| **Uisce (W)**<br>Cáilíocht uisce a chosaint, a chothabháil agus, nuair is féidir, a fheabhsú lena n-áirítear uisce dromchla, screamhuisce, uiscí trasdula agus cósta agus aon bhogaigh. Áirítear leis sin cosc a chur ar mheathlú, tacú le stádas dea-cháilíochta uisce a bhaint amach do gach dobharlach mar a cheanglaítear le reachtaíocht an AE agus náisiúnta, agus feabhas a chur ar athléimneacht agus inoiriúnaitheacht láithreán agus gníomhaíochtaí turasóireachta i leith tionchair an athraithe aeráide, amhail phriacal tuilte agus creimeadh cósta. | **W1:** An t-athrú ar stádas cáilíochta uisce in uisce dromchla, screamhuisce, uiscí idirthréimhseacha agus uiscí cósta (i.e. stádas cáilíochta uisce na Creat-Treorach Uisce (WFD). | **W1:** Comhlíontar cuspóirí an WFD do gach dobharlach de réir an Phlean Bainistíochta Abhantraí agus Clár na mBeart (POM) is déanaí. | ■ Sonraí monatóireachta WFD ar stádas éiceolaíoch agus ceimiceach na ndobharlach (RBMP) (gach sé bliana).<br>■ Uisce Éireann (léirmheas bliantúil): Tuarascálacha Cáilíochta Uisce Óil.<br>■ Údarás Áitiúil (athbhreithniú bliantúil): Monatóireacht ar dhobharlaigh áitiúla.<br>■ Liosta Gníomhaíochta Leasúcháin an GCC (maidir le cáilíocht uisce óil). | ■ Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais inmheánacha, agus ar an bPlean, más gá.<br>■ Cleachtais turasóireachta atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn, agus feachtais a bheith ullmhaithe le cabhrú le gníomh feabhsúcháin, más gá. |
| | **W2:** Treocht iomlán sna luachanna éigeantacha agus treorach mar atá leagtha síos ag an Treoir um Uisce Snámha ón AE agus Rialacháin um Cháilíocht Uisce Snámha á dtrasuí acu (IR Uimh. 79 de 2008). | **W2:** Gan aon mheathlú ar luach na n-uiscí snámha nó drochthionchar ar chumas aon uisce snámha luachanna éigeantacha a bhaint amach agus, nuair is féidir, treoirluachanna mar thoradh ar an bPlean. | ■ GCC tríd an Údarás Áitiúil (athbhreithniú bliantúil): Monatóireacht ar dhobharlaigh áitiúla.<br>■ Tuarascáil Cáilíocht Uisce in Éirinn an GCC (bliantúil). | |
| | **W3:** Comhlíonadh na dTreoirlínte um Bainistíocht Phriacal Tuilte. | **W3:** Pleananna reachtúla agus próiseas cinnteoireachta a chomhlíonadh maidir le forbairtí i gcriosanna riosca tuilte. | ■ Cinntí údaráis áitiúil/ ABP i ndáil le hiarratais phleanála a bhaineann le tionscadail arna bhforbairt faoin bPlean. | |
| **Cáilíocht Aeir (AQ)**<br>Rannchuidiú le laghdú ar thruailliú aeir agus feabhas ar cháilíocht an aeir de thoradh oibriú agus bainistiú éifeachtach gníomhaíochtaí turasóireachta inbhuanaithe. | **AQ:** Treochtaí in astuithe ó mhonatóireacht ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh ($NO_x$, $SO_x$, PM10 agus PM2.5). | **AQ:** Cáilíocht an aeir a chothabháil. | ■ Monatóireacht ar cháilíocht aeir an GCC. | ■ Cleachtais turasóireachta atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn, agus feachtais a bheith ullmhaithe le cabhrú le gníomh feabhsúcháin, más gá. |

| Fachtóir Comhshaoil agus Cuspóir Straitéiseach Comhshaoil | Táscaire | Sprioc | Foinse agus Minicíocht | Bearta Leasúcháin |
|---|---|---|---|---|
| **Aeráid (C)**<br>Tacú le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ghníomhaíochtaí turasóireachta agus iad a chur chun cinn agus le hearnáil turasóireachta atá athléimneach ó thaobh aeráide de agus oiriúnaitheach a fhorbairt. | **C1(a):** Léiriú go bhfuiltear ag comhlíonadh forálacha a bhaineann le hathléimneacht aeráide, maolú agus oiriúnú don aeráid a chomhtháthú sa Phlean/tionscadal, de réir mar is cuí.<br><br>**C1(b):** Fianaise go bhfuil tairbhithe maoinithe ag obair chun astuithe a laghdú, mar shampla, éifeachtúlacht fuinnimh, caomhnú uisce, roghanna taistil inbhuanaithe do chustaiméirí a chur chun cinn trí ábhar margaíochta/bolscaireachta. | **C1:** Monatóireacht agus laghdú a dhéanamh ar astuithe a bhaineann le gníomhaíochtaí turasóireachta. | ■ Sonraí ó thairbhithe a chuirtear ar fáil in iarratais ar mhaoiniú de réir mar a éilítear faoi Chuid 9 den TC MSC. (Minicíocht: leanúnach - sonrach do thionscadal).<br>■ GCC - Sonraí agus réamh-mheastacháin astuithe gáis cheaptha teasa.<br>■ Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais (athbhreithniú bliantúil).<br>■ Met Eireann (staitisticí bliantúla).<br>■ Transport for Ireland - staitisticí líonra Nasc Áitiúil.<br>■ Cinntí údaráis áitiúil/ ABP i ndáil le hiarratais phleanála a bhaineann le tionscadail arna bhforbairt faoin bPlean. | ■ Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais inmheánacha, agus ar an bPlean, más gá.<br>■ Cleachtais turasóireachta atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn, agus feachtais a bheith ullmhaithe le cabhrú le gníomh feabhsúcháin, más gá. |
| | **C2:** Líon na dtionscadal atá rannpháirteach i gClár Gníomhaíochta Aeráide Fáilte Ireland (FI CAP) nó a leithéid faoin bPlean. | **C2:** Nasc a bheith ag gach gníomhaíocht/tionscnóir turasóireachta le FI CAP (nó a chomhionann) chun athléimneacht agus oiriúnú don athrú aeráide a léiriú. | ■ Creidiúnú FI CAP (athbhreithniú bliantúil).<br>■ Plean Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029.<br>■ Cláir turasóireachta inbhuanaithe FI (athbhreithnithe bliantúla). | ■ Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais inmheánacha, agus ar an bPlean, más gá. |
| | **C3:** Feabhas a chur ar sholáthar naisc iompair phoiblí sa réigiún agus naisc iompair 'an mhíle dheireanach' i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair mar aon le bonneagar luchtaithe feabhsaithe do charranna leictreacha.[1] | **C3:** Laghdú ar astuithe iompair a thagann as earnáil na turasóireachta. | ■ Fáilte Ireland – PFT a cúig Sean-Oirthear na hÉireann. (Sonraí ón Údarás Náisiúnta Iompair agus Nasc Áitiúil mar chuid straitéiseach de threoshuíomh cuairteoirí).<br>■ Plean Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029.<br>■ An tÚdarás Náisiúnta Iompair. | ■ Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais inmheánacha, agus ar an bPlean, más gá.<br>■ Cleachtais turasóireachta atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn, agus feachtais a bheith ullmhaithe le cabhrú le gníomh feabhsúcháin, más gá. |
| **Talamh agus Ithreacha (S)**<br>Acmhainní talún agus ithreach atá ann cheana a chosaint, cáilíocht na hithreach a chosaint agus a fheabhsú, ithir a chaomhnú, agus éilliú ithreach agus creimeadh a chosc. | **S1:** An t-achar ithreach atá séalaithe nó saorga i km cearnacha.[2] | **S1:** Cur le sprioc CNP chun ráta méadaithe na talún atá séalaithe nó saorga a theorannú agus aisiompú air seo a chur chun cinn i limistéir oiriúnacha e.g. criosanna tuilte, limistéir ard-dlúis. | ■ Léarscáiliú clúdach talún CORINE (CORINE gach 6 bliana (dlite 2024).<br>■ Léarscáil um chlúdach talún náisiúnta úsáide talún (Fáilte Ireland - gach cúig bliana). | ■ Athbhreithniú ar an bpróiseas roghnúcháin láithreáin/measúnú ar roghanna eile (má rinneadh iad) nuair a tharlaíonn tionscadail ar láithreáin úrnua i bhfabhar láithreáin inlíonta/ athfhorbraíochta. |
| | **S2:** Creimeadh/díghrádú ithreach, sciorrthaí talún gan leasúcháin mar thoradh ar thionscadail a forbraíodh faoin bPlean. | **S2:** Ní chuireann aon tionscadal le creimeadh ithreach, le díghrádú nó le sciorrthaí talún. | ■ Sonraí ó thairbhithe a chuirtear ar fáil in iarratais ar mhaoiniú de réir mar a éilítear faoi Chuid 9 den TC MSC. (Minicíocht: leanúnach - sonrach do thionscadal). | ■ Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais inmheánacha, agus ar an bPlean, más gá. |

[1] Nóta: Tógtar táscaire monatóireachta C3 ó (PFT 5 ó RDS Sean-Oirthear na hÉireann 2023-2027).

[2] Nóta: Eascraíonn táscaire agus sprioc S1 as Monatóireacht TC MSC an Chreat Pleanála Náisiúnta Athbhreithnithe agus nuashonraithe.

| Fachtóir Comhshaoil agus Cuspóir Straitéiseach Comhshaoil | Táscaire | Sprioc | Foinse agus Minicíocht | Bearta Leasúcháin |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Ábhartha (M)**<br>An bonneagar tacaíochta turasóireachta is gá a bhainistiú, a chothabháil agus a fhorbairt go hinbhuanaithe (lena n-áirítear uisce, fuíolluisce, soláthairtí fuinnimh, iompar, nascacht idirlín agus cumais ghaolmhara) agus tacú le forbairt an gheilleagair chiorclaigh. | **M1:** Suímh ina bhfuil turasóirí breise dírithe ag tairbhithe maoinithe i dtreo ceantair ina bhfuil bonneagar criticiúil imleor chun soláthar inbhuanaithe a dhéanamh do chuairteoirí (e.g. uisce, toilleadh fuíolluisce, leictreachas, iompar, carrchlós, etc.) mar thoradh ar thionscadail a forbraíodh faoin bPlean. | **M1:** Tá dóthain bonneagair ríthábhachtach ar fáil ag láithreacha chun soláthar inbhuanaithe a dhéanamh do thurasóirí. | ■ Sonraí ó thairbhithe a chuirtear ar fáil in iarratais ar mhaoiniú de réir mar a éilítear faoi Chuid 9 den TC MSC. (Minicíocht: leanúnach - sonrach do thionscadal).<br>■ Cinntí údaráis áitiúil/ ABP i ndáil le hiarratais phleanála a bhaineann le tionscadail arna bhforbairt faoin bPlean.<br>■ Plean Bainistíochta Cuairteoirí i ndáil le tionscadail.<br>■ Fáilte Ireland (athbhreithniú bliantúil): Tuairiscí feidhmíochta turasóireachta, suirbhéanna cuairteora, aon chlár monatóireachta ábhartha. | ■ Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais inmheánacha, agus ar an bPlean, más gá.<br>■ Téigh i gcomhairle le hUisce Éireann nó leis an údarás áitiúil maidir le huisce agus WWtF.<br>■ Téigh i gcomhairle le húdaráis áitiúla TII nó le soláthraithe iompair maidir le bonneagar iompair inbhuanaithe.<br>■ Téigh i gcomhairle le soláthraithe fóntais agus fuinnimh de réir mar is cuí. |
| | **M2:** Teagmhais ina mbeadh tionchar diúltach suntasach ar úsáid, nó rochtain ar, sócmhainní poiblí agus bonneagar ó thionscadail a forbraíodh faoin bPlean. | **M2:** Gan aon tionchar diúltach suntasach ar úsáid nó rochtain ar shócmhainní poiblí agus ar bhonneagar ó thionscadail a forbraíodh faoin bplean. | ■ Fáilte Ireland (athbhreithniú bliantúil): Tuairiscí feidhmíochta turasóireachta, suirbhéanna cuairteora, aon chlár monatóireachta ábhartha.<br>■ Tuarascálacha na nÚdarás Áitiúil (athbhreithniú bliantúil). | |
| **Seandálaíocht, Ailtireacht agus Oidhreacht Chultúrtha (AACH)**<br>Tionchair ar acmhainní oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta agus cultúrtha ainmnithe a sheachaint, a chosaint agus/nó a íoslaghdú, lena n-áirítear a suíomh agus sócmhainní oidhreachta a fheabhsú agus a chaomhnú. | **AACH:** Athruithe ar Thaifead na Struchtúr Cosanta (RPS), agus Taifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna (RMPanna) atá á gcosaint agus/nó a bhfuil tionchar diúltach orthu mar thoradh ar thionscadail a forbraíodh faoin bPlean. | **AACH:** Gan aon tionchar diúltach nó neamhúdaraithe ar aon eintitis atá liostaithe ar an RPS agus RMPanna ó aon tionscadail a forbraíodh faoin bPlean. | ■ Cinntí údaráis áitiúil/ ABP i ndáil le hiarratais phleanála a bhaineann le tionscadail arna bhforbairt faoin bPlean.<br>■ Plean Bainistíochta Cuairteoirí i ndáil le tionscadail.<br>■ Fáilte Ireland (athbhreithniú bliantúil): Tuairiscí feidhmíochta turasóireachta, suirbhéanna cuairteora, aon chlár monatóireachta ábhartha.<br>■ Taifead i bPleananna Forbartha na nÚdarás Áitiúil ar struchtúir chosanta (RPS) (nuashonraithe gach sé bliana).<br>■ Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna. | ■ Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais inmheánacha, agus ar an bPlean, más gá.<br>■ Cleachtais turasóireachta atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn, agus feachtais a bheith ullmhaithe le cabhrú le gníomh feabhsúcháin, más gá.<br>■ Rachaidh tionscnóir an tionscadail i gcomhairle leis an Oifigeach Caomhantais nó leis an Oifigeach Oidhreachta do Chathair agus do Chontae Phort Láirge, más gá. |
| **Tírdhreach (L)**<br>Coinbhleachtaí le cosaint gnéithe sainithe agus íogaire suntasacha i dtírdhreacha a sheachaint agus bainistigh go híogair athrú tírdhreacha trí phleanáil inbhuanaithe. | **L:** Líon na dtionchar tírdhreacha nó amhairc diúltach ag eascairt as tionscadail a forbraíodh faoin bPlean. | **L:** Tionchair dhiúltacha tírdhreacha agus amhairc ar an gcomhshaol a sheachaint, go háirithe tírdhreacha cosanta nó radhairc chosanta. | ■ Plean Bainistíochta Cuairteoirí i ndáil le tionscadail.<br>■ Fáilte Ireland (athbhreithniú bliantúil): Tuairiscí feidhmíochta turasóireachta, suirbhéanna cuairteora, aon chlár monatóireachta ábhartha.<br>■ Cinntí údaráis áitiúil/ ABP i ndáil le hiarratais phleanála a bhaineann le tionscadail arna bhforbairt faoin bPlean. | ■ Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais inmheánacha, agus ar an bPlean, más gá.<br>■ Cleachtais turasóireachta atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn, agus feachtais a bheith ullmhaithe le cabhrú le gníomh feabhsúcháin, más gá. |



IRELAND'S ANCIENT EAST®

Fáilte Ireland

# AGUISÍN 2

**Plean Phort Láirge um Fhorbairt Ceann Scríbe Saoire agus Eispéireas**

# AG TACÚ LE BEARTAS AGUS PLEANÁIL REATHA

Chun tacú leis an uaillmhian maidir le fás inbhuanaithe ceann scríbe, tá PFCSE Phort Láirge deartha chun an ceann scríbe agus a pháirtithe leasmhara a threorú trí fhócas forbartha cúig bliana trí fheabhas leanúnach ar cheann scríbe agus nuálaíocht eispéiris. Tá an PFCSSE Phort Láirge ailínithe le roinnt straitéisí, beartais agus tuarascálacha tionscail atá ann cheana féin. Áirítear leo;

- Plean Straitéiseach Fáilte Ireland
- Straitéis Forbartha Turasóireachta Réigiúnach Sean-Oirthear na hÉireann 2023–2027
- Muintir, Áit agus Beartas: An Turasóireacht a Mhéadú go dtí 2025 An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- Ár dTodhchaí Tuaithe: Beartas Forbartha Tuaithe 2021–2025
- Plean Gníomhaíochta Turasóireachta 2019–2021
- Gníomhartha chun Cleachtais Turasóireachta Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn 2021–2023
- Straitéis d'Fhorbairt Glasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha sa Todhchaí
- Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Choirp 2013–2025
- Plean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022–2028
- Ráiteas Straitéise agus Plean Oibre Turasóireachta 2017–2022, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

## PLEAN CORPARÁIDEACH FÁILTE IRELAND AGUS STRAITÉISÍ TURASÓIREACHTA RÉIGIÚNACHA (2022–2027)

Plean Corparáideach Fáilte Éireann mar bhonn d'fhorbairt turasóireachta náisiúnta arna thacú ag Straitéisí Turasóireachta Réigiúnacha (2022–2027) do gach ceann de na ceithre bhranda réigiúnacha.

## STRAITÉIS FORBARTHA TURASÓIREACHTA RÉIGIÚNACH SEAN-OIRTHEAR NA hÉIREANN 2023–2027

Léiríonn an Straitéis Forbartha Turasóireachta Réigiúnach fís 10 mbliana d'fhás inbhuanaithe na turasóireachta i Sean-Oirthear na hÉireann, mar aon le straitéis cúig bliana chun an fhís seo a bhaint amach. Imlíníonn sé na gníomhartha straitéiseacha a theastaíonn chun acmhainneacht tráchtála an réigiúin a scaoileadh, agus ag an am céanna ag sárú ionchais na gcuairteoirí, ag cosaint na timpeallachta, agus ag feabhsú cháilíocht na beatha do phobail áitiúla. Soláthraíonn an straitéis creat straitéiseach treorach do phleananna forbartha turasóireachta eile atá níos mionsonraithe. I gcroílár na straitéise tá cur chuige nua maidir le forbairt ceann scríbe, bunaithe ar mhúnla aibíochta a aithníonn an nasc idir na dúshláin atá roimh cheann scríbe agus a leibhéal aibíochta.

## MUINTIR, ÁIT AGUS BEARTAS: AN TURASÓIREACHT A MHÉADÚ GO DTÍ 2025

Muintir, Áit agus Beartas: Áiríonn an Turasóireacht a Mhéadú go 2025 fócas ar líon na gcuairteoirí a mhéadú, ioncam thar lear agus fostaíocht. Agus iad seo á mbaint amach, tugann an Plean aghaidh freisin ar na dúshláin a bhaineann le séasúracht, scaipeadh réigiúnach cuairteoirí agus inbhuanaitheacht. Tá an ráiteas beartais seo dírithe ar lánacmhainneacht na hÉireann a bhaint amach mar cheann scríbe turasóireachta thar lear. Aithnítear, áfach, go dtacaíonn margadh na turasóireachta baile le héagsúlacht na cóiríochta agus na seirbhísí do chuairteoirí a thugann buntáiste iomaíoch d'Éirinn sa mhargadh idirnáisiúnta, agus rachaidh go leor de na bearta a leagtar amach sa ráiteas seo chun tairbhe na hearnála turasóireachta baile freisin.

## ÁR dTODHCHAÍ TUAITHE: BEARTAS FORBARTHA TUAITHE 2021–2025

Cuireann an polasaí creat ar fáil d'fhorbairt na tuaithe in Éirinn thar thréimhse cúig bliana. Aithnítear ról na turasóireachta i ngeilleagair áitiúla agus réigiúnacha a bheith ríthábhachtach. Leagtar béim sa bheartas ar an aidhm atá leis an tairiscint turasóireachta a mhéadú agus turasóireacht gníomhaíochtaí amuigh faoi aer a fhorbairt. Áirítear le bearta beartais ábhartha ar leith:

- Acmhainní agus láidreachtaí sa Gheilleagar Glas a uasmhéadú chun tacú le deiseanna fostaíochta do phobail tuaithe thar raon réimsí lena n-áirítear turasóireacht inbhuanaithe (Beart Beartais 26)
- Tuilleadh forbartha ar Bhrandaí Eispéiris Fáilte Ireland lena n-áirítear Sean-Oirthear na hÉireann trí íomhá na hÉireann mar cheann scríbe saoire do ghníomhaíochtaí amuigh faoin aer a neartú do mhargaí baile agus idirnáisiúnta araon (Beart Beartais 32)
- Infheistíocht i nglasbhealaí, i ngormbhealaí, i gconairí siúil agus i mbonneagar áineasa amuigh faoin aer eile chun tacú leis an bhfás ar thurasóireacht áineasa amuigh faoin aer (Beart Beartais 36)

- Leathnú ar an Scéim Siúlóidí chun sprioc de 80 cosán ar a laghad a bhaint amach (Beart Beartais 38)
- Iniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal chun tuilleadh conairí turasóireachta a fhorbairt, lena n-áirítear conairí agus tionscnaimh trasteorann (Beart Beartais 39).

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA TURASÓIREACHTA 2019–2021

Leagtar amach sa phlean gníomhaíochta a d'fhorbair Grúpa Oibre Turasóireachta Inbhuanaithe Rialtas na hÉireann an uaillmhian go 'déanfaidh Éire iarracht a bheith i measc na gceannairí domhanda i gcleachtais inbhuanaithe turasóireachta', ag leagan amach ocht bprionsabal treorach d'fhorbairt inbhuanaithe turasóireachta in Éirinn.

1. Oibreoidh an rialtas ar fad le chéile leis an tionscal chun earnáil turasóireachta inbhuanaithe a bhaint amach.
2. Bainfear amach fás inbhuanaithe turasóireachta ar bhealach a dhíreoidh ar leas iomlán eacnamaíoch chun tosaigh ar líon na dturasóirí.
3. Tacóidh turasóireacht le fás geilleagrach i bpobail ar fud na tíre agus le leathadh éileamh níos mó i rith na bliana.
4. Agus eispéiris turasóireachta ar ardchaighdeán á seachadadh againn a sháraíonn ionchais ár gcuairteoirí, déanfaimid amhlaidh ar bhealach a íoslaghdóidh aon drochthionchar comhshaoil nó pobail.
5. Mar chaomhnóirí ár dtírdhreach nádúrtha agus ár sócmhainní stairiúla agus cultúrtha, déanfaimid iad a chosaint don chéad ghlúin eile.
6. Spreagfar iompar freagrach ár gcuairteoirí chun comhleas na turasóireachta do mhuintir agus d'áit na hÉireann a uasmhéadú.
7. Tacóidh agus cothóidh earnáil na turasóireachta iarrachtaí chun bogadh chuig cineálacha iompair níos inbhuanaithe go hÉirinn agus timpeall na hÉireann.
8. Ní mór d'earnáil na turasóireachta a páirt a ghlacadh chun cabhrú le gealltanais na hÉireann faoi Chomhaontú Pháras ar Athrú Aeráide a chomhlíonadh.

## GNÍOMHARTHA CHUN CLEACHTAIS TURASÓIREACHTA INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN 2021–2023

Is iad cuspóirí an phlean seo ná gníomhartha a aithint a chuireann cleachtais inbhuanaithe turasóireachta chun cinn, a bhunóidh modhanna taighde nua agus a fhoirmíonn inste soiléir le haghaidh cumarsáide faoin gclár oibre inbhuanaitheachta. Déantar gníomhaíochtaí a ghrúpáil faoi na seacht dtéama seo a leanas: beartais, bonn fianaise, tionchar comhshaoil, feasacht agus oideachas, pleanáil gnó, bainistíocht ceann scríbe, agus díolacháin agus margaíocht.

De réir **Gníomh 23** den phlean, tá na treoirphrionsabail don fhorbairt inbhuanaithe fite fuaite sa PFCSSE seo. Is gníomh breise de chuid an PFCSSE seo freisin go bhfuil páirtithe leasmhara áitiúla ar an eolas faoi dheiseanna chun an leas is fearr a bhaint as acmhainneacht na réitigh atá bunaithe ar an nádúr a shainaithnítear i **nGníomh 27** den phlean.

## STRAITÉIS MAIDIR LE GLASBHEALAÍ A FHORBAIRT AMACH ANSEO

Is é cuspóir na straitéise glasbhealaigh ná cuidiú le forbairt straitéiseach ar ghlasbhealaí suntasacha náisiúnta agus réigiúnacha i suíomhanna cuí tógtha ar chaighdeán cuí chun eispéireas ardchaighdeáin a sholáthar do gach úsáideoir glasbhealaigh. Tá sé mar aidhm aige freisin líon agus leathadh geografach na nglasbhealaí ar scála agus ar cháilíocht a mhéadú ar fud na tíre thar thréimhse 10 mbliana agus méadú suntasach dá réir ar líon na ndaoine a úsáideann glasbhealaí mar eispéireas cuairteoirí agus mar thaitneamhacht áineasa.

## PLEAN NÁISIÚNTA UM GHNÍOMHAÍOCHT CHOIRP (2013–2025)

Tá sé mar aidhm ag an NPAP (Plean na hÉireann chun Gníomhaíocht Choirp a chur chun cinn) leibhéil ghníomhaíochta coirp a mhéadú ar fud an daonra, rud a fheabhsóidh sláinte agus folláine na ndaoine atá ina gcónaí sa tír.

Leagann an Plean amach spriocanna d'arduithe bliantúla ar leibhéal na gníomhaíochta coirp laethúla thar raon aoiseanna agus cumais chun na Treoirlínte Náisiúnta um Ghníomhaíocht Choirp don tír a bhaint amach, tacaithe ag ocht réimse gníomhaíochta a forbraíodh chun rannpháirtíocht níos mó i ngníomhaíocht choirp a spreagadh.

I measc na bpríomhghníomhartha ábhartha sa Phlean tá:

- **Gníomh 32**: Straitéisí siúlóide agus rothaíochta a fhorbairt agus a chur chun cinn i ngach limistéar Údaráis Áitiúil.
- **Gníomh 36**: Tosaíocht a thabhairt do phleanáil agus d'fhorbairt bhonneagar siúil agus rothaíochta agus caitheamh aimsire/gníomhaíochta fisiceacha ginearálta.
- **Gníomh 37**: Deiseanna a fhiosrú chun gníomhaíocht fhisiciúil agus taitneamhachtaí áineasa sa timpeallacht nádúrtha a uasmhéadú.

## PLEAN FORBARTHA CATHRACH AGUS CONTAE PHORT LÁIRGE 2022–2028

Leagtar amach i bPlean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022-2028 conas a fhásfaidh agus a fhorbróidh an chathair agus an contae thar thréimhse sé bliana an phlean. Leagtar amach sa Phlean an fhís straitéiseach le bheith ar an gcathair agus ar an gcontae is fearr le maireachtáil, le foghlaim, le cuairt a thabhairt uirthi agus le gnó a dhéanamh ann.

Tá ról tábhachtach ag turasóireacht i ngeilleagar Phort Láirge, leis an gcuspóir straitéiseach Port Láirge a fhorbairt, a sheachadadh agus a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta den scoth ar feadh na bliana. Roinnt cuspóirí beartais eacnamaíocha chun tacú le forbairt na turasóireachta sa chathair agus sa chontae lena n-áirítear:

**ECON13** – maidir le tacú le fiontair a bhaineann le hacmhainní tuaithe agus le héagsúlú lena n-áirítear tionscnaimh turasóireachta tuaithe.

**ECON15** – maidir le turasóireacht chultúrtha a éascú agus áiseanna gaolmhara inrochtana do thurasóirí agus don phobal áitiúil sa Ghaeltacht.

**ECON22** – a bhaineann le táirgí, gníomhaíochtaí agus iompar turasóireachta inbhuanaithe a éascú agus a spreagadh.

**ECON23** – forbairt ar roinnt tionscadal turasóireachta aitheanta scaipthe ar fud na cathrach agus an chontae. Tugadh aghaidh ar na tionscadail laistigh den PFCSSE Phort Láirge seo.

**ECON24** – a bhaineann le cóiríocht turasóireachta a fhorbairt ar fud na cathrach agus an chontae.

## COMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE PHORT LÁIRGE

### RÁITEAS STRAITÉISE AGUS PLEAN OIBRE TURASÓIREACHTA 2017–2022

Leag an Plean amach an fhís straitéiseach chun tacú le fás an gheilleagair turasóireachta a luathú mar atá aitheanta mar cheann de sé sprioc eacnamaíoch i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Phort Láirge (2015-2020). Imlíníonn an Plean sraith gníomhartha sna réimsí a bhaineann le forbairt táirgí, féilte agus imeachtaí, agus margaíocht agus fógraíocht chun cabhrú leis na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a bhaint amach.




IRELAND'S ANCIENT EAST ®
Fáilte Ireland